Méara Chathair agus Chontae Luimnigh, an Comhairleoir Michael Sheehan ar cuairt ar Thoscaireacht Oifigiúil ó Luimneach go New Brunswick



D'óstáil Méara Chathair agus Chontae Luimnigh, an Comhairleoir James Collins Fáiltiú Méara do Chlub Cispheile Celtics. Is iad Foireann na gCailíní Faoi 12 buaiteoirí Chorn Chorcaí 2019 agus Sraith na Mumhan Thuaidh



D'óstáil Méara Chathair agus Chontae Luimnigh, an Comhairleoir Michael Sheehan, Fáiltiú Méara do Mae Leonard a lean trina scríbhneoireacht mar fhíle agus mar bhéaloideasóir ag roinnt go grámhar leis an náisiún a banc cuimhne ar gach rud faoi Luimneach agus freisin do Maureen Sparling mar aitheantas ar a solúbthacht mar údar, úrscéalai, gearrscéalai agus fíle.



Ag freastal ar Bhál Mhéara Luimnigh 2019 in Óstán 'The Stand' i Luimneach bhí Eugene Hogan, Bridge PR, Laura Ryan, Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh, Méara Chathair agus Chontae Luimnigh, an Comhairleoir James Collins agus Tony Brazil, Grúpa Taistil Luimnigh



Sa phictiúr Méara Chathair agus Chontae Luimnigh, an Comhairleoir James Collins Conn Murray, Príomhfheidhmeannach, Pat Daly, Leas-Phríomhfheidhmeannach agus James Clune, Oifigeach Feidhmíocháin Sinsearach le baill toiscaireachta ó New Brunswick le linn a gcuairte ar Cheanncheathrú Corparáideach, Cé na gCeannaithe, Luimneach



Déanann Méara Chathair agus Chontae Luimnigh, an Comhairleoir Michael Sheehan, comhghairdeas leis an gComhairleoir Adam Teskey as a thoghadh mar Leas-Mhéara ag an gCruinniú Bliantúil a tionóladh an 7 Meitheamh, 2019



Déanann Méara Chathair agus Chontae Luimnigh, an Comhairleoir Michael Sheehan comhghairdeas leis an Uasal Conn Murray, Príomhfheidhmeannach, ar ócáid a thofa mar Mhéara Chathair agus Chontae Luimnigh ag Cruinniú Cinn Bhliana a tionóladh an 7 Meitheamh, 2019



Thug Méara Chathair agus Chontae Luimnigh, an Comhairleoir Michael Sheehan, Fáiltiú Méara don Iriseoir, Norma Prendiville



Thug Méara Chathair agus Chontae Luimnigh, an Comhairleoir James Collins, onóir don cheoltóir agus údar Paddy Brennan trína fháiltiú Méara dó mar aitheantas ar a thiomantas iomlán ar feadh na mblianta do cheol Luimnigh agus a chuid iarrachtaí gan staonadh chun é a chur chun cinn trína fhiseáin

IMEACHTAÍ



Thug Méara Chathair agus Chontae Luimnigh, an Comhairleoir Michael Sheehan, Fáiltiú Méara do Rannóg na bPáirceanna Cathrach agus Contae mar aitheantas ar a rannchuidiú ar thug siad agus a thugann siad faoi láthair chun an timpeallacht uirbeach a fheabhsú.



Reáchtáil Méara Chathair agus Chontae Luimnigh, an Comhairleoir Michael Sheehan Fáiltiú Méara do dhaltai Scoil Mhuire Banríon na Siochána mar gur buaiteoirí Chorn Uí Cheallaigh Corn Thaidhg iad i Seaimpíní Peile Gaelacha na Cathrach 2019. Sa phictiúr tá foireann na mbuachaillí buaiteacha in éineacht le cailíní scoile agus Leas-Phríomhoide, Eamon O'Connell, múinteoir, Leo Hogan agus an Príomhoide Michael O Riain



Seoladh Féile Naomh Pádraig 2019. Is é téama pharáid na bliana seo ná One Giant Leap ag marcáil an 50ú Comóradh de Neill Armstrong ag tuirlingt ar an ngealach. Léiríonn sé freisin athbheochan ollmhór agus dinimiciúil Luimnigh le roinnt blianta anuas



STIÚRTHÓIREACT FORBARTHA GEILLEAGRACH



STIÚRTHÓIREACHT FORBARTHA GEILLEAGRACH

RÉAMHRÁ

Lean Luimneach ar aghaidh lena chlaochlú suntasach in 2019, bliain láidir do chrúthú post agus infheistíocht. Fógraíodh níos mó ná 2,470 post agus €527 milliún d'infheistíocht i rith na bliana. D'fhógair ÚFT Éireann, Acorn Life, Fundrock, QAD, Uisce Éireann, VHI, agus Laya Healthcare infheistíochtaí nua in 2019.

I rith na bliana d'fhógair cuideachtaí leathnú cuideachta lena n-áirítear Edward Lifesciences, Regeneron, Johnson agus Johnson, EcoOnline, BDO, Ernst and Young, Ollscoil Luimnigh, agus Ishka Spring Water.

Fágann sé sin gurb'ionann líon iomlán na bpost a fógraíodh ó 2013 agus 18,262, agus infheistíocht de €2.7 billiún san iomlán. I rith na bliana, chríochnaigh Troy Studios a cheathrú céim fuaimne ag tabhairt an spáis stiúideo iomlán go dtí os cionn 103,000 troigh cearnach, rud a chiallaíonn gurb é an tsaoráid léiriúcháin is mó in Éirinn é, ar bailíochtú breise é maidir le tarraingteacht Luimnigh d'infheistíocht isteach.

Sa bhliain 2019, léiríodh Luimneach Fiche Tríocha mar chuideachta dinimiciúil um fhorbairt réadmhaoine a raibh ról lárnach aici i gclaochlú tapa Luimnigh chun a bheith mar cheann scríbe ceannródaíoch d'infheistíocht dhúchasach agus idirnáisiúnta. De bharr Gardens International, níl aon amhras ann anois go bhfuil an cumas agus an uaimhian ag Luimneach a bheith ina timpeallacht oibre idirnáisiúnta ar ardchaighdeán. Garspíoc ollmhór eile do Luimneach le linn 2019 ba ea Ollscoil Luimnigh an láithreán Dunnes Stores a fháil ar Shráid an tSáirséalaigh, agus pleananna aici foirgneamh suntasach sainchomhartha a fhorbairt chun freastal ar an daonra mac léinn atá ag dul i méid. Freastalóidh campas na cathrach go príomha ar mhic léinn iarchéime agus idirnáisiúnta agus beidh sé ina bhreis luachmhar don gheilleagar áitiúil.

LUIMNEACH FICHE TRÍOCHA

Bliain an-ghnóthach a bhí ann do Chuideachta Gníomhaíochta Ainmnithe Luimneach Fiche Tríocha (LTT) agus í ag tógáil ar bhunsraitheanna rathúla na mblianta roimhe sin. Ba í seo an bhliain inar thosaigh fíis LTT ag teacht chun cinn do na páirtithe leasmhara go léir, ó infheisteoirí ionchasacha go dtí an pobal i gcoitinne, de réir mar a osclaíodh an chéad mhórhionscadal tógála, Gardens International, atá áitiú anois ag 96%, agus a bhfuil roinnt dámhachtainí dearaidh buaite aige

Chomh maith le cur i gcrích agus oscailt oifigiúil Gardens International, áiríodh ar na garspíocanna tábhachtacha eile a baineadh amach i mbliana ná pleanáil lóistín don tionscadal is suntasaí do lár na cathrach, an láithreán Opera. Rinneadh dul chun cinn freisin maidir le soláthar na foirne seachadta do Cheathrú Cois Abhann Cleaves agus rinneadh obair ar an máistirphlean don fhorbairt chónaithe i Mungairit a chomhdhlúthú agus a chur chun cinn.

- Osclaíodh Gardens International go hoifigiúil i mí an Mhárta, atá áitiú anois ag 96%. D'athdhearbhaigh sé béim LTT ar chaighdeán ailtireachta bródúla Luimnigh a chaomhnú. Léiríodh é seo le rath Gardens International maidir le bheith chun tosaigh i gclár dámhachtainí tógála. Go luath in 2019, bhuaigh Gardens International dámhachtain bhliantúil ó Institiúid Ríoga Ailtirí na hÉireann (RIAI) mar 'Tógáil nua d'Ionad Olbre'. I mí na Nollag, bhain sé amach 'Tionscadal Dearaidh na Bliana' dámhachtain mór le rá ag Dámhachtainí Sármhaitheasa Tionscail Maoine Neamhspleáiche KPMG 2019 - ceann de na dámhachtainí is mó a bhfuil tóir orthu sa tionscal. I mí na Nollag freisin, bhuaigh Gardens International 'Tionscadal Ailtireachta na Bliana' i nGradaim Foirgníochta agus Dearaidh na hÉireann 2019'.
- San Earrach, taisceadh iarratas pleanála don Láithreán Opera leis an mBord Pleanála agus tionóladh éisteacht ó bhéal i mí na Samhna. Tá cinneadh críochnaitheach maidir le pleanáil le teacht i mí Feabhra 2020. Forbrófar an láithreán, a bheidh i measc na dtionscadal aonair lárchathrach is mó sa tír, thar thréimhse mheasta sé bliana ar chostas iomlán de thart ar €180 m. Tá sé maoinithe go hiomlán a bhuíochas do ghealltanais iasachta ón mBanc

Eorpach Infheistíochta agus ó Bhanc Forbartha Chomhairle na hEorpa. Beidh an láithreán in ann suas le 3,000 duine a fhostú ar fud cóiríochta campais timpeall 450,000 troigh cearnach. Forbrófar an tionscadal de réir chaighdeáin LEED Gold agus Tógáil Foirgnimh Nach Mór Neodrach Ó Thaobh Fuinnimh (NZEB).

- Rinneadh dul chun cinn freisin ar thionscadal Cheathrú Cois Abhann Cleeves trí sholáthraithe seirbhíse a sholáthar chun forbairt fhísiúil a chruthú ar an láithreán stairiúil. Cosúil leis na tionscadail eile, tá acmhainneacht shocheacnamaíoch suntasach ag an bhforbairt seo do Luimneach agus don réigiún níos leithne den Mheán-Iarthair. Ba iad an trí sheirbhís a bhí á lorg sa phróiseas soláthair phoiblí i mí Iúil ná Foireann Dearaidh faoi stiúir Ailtire, Bainistíocht Tionscadal agus Costais agus Comhairleacht Phleanála.
- Rinneadh dul chun cinn freisin ar thionscadal cónaithe Mungairit in 2019 i margadh an-deacair mar gheall ar chúinsí pleanála agus inmharthanachta. Le taisceadh Chomhairle Cathrach agus Contae de bhóthar an Chiste Gníomhachtaithe Tithíochta Bonneagair Áitiúil (LIHAF), éascaíodh na tailte seo a fhorbairt d'aonaid chónaithe ardchaighdeáin i suíomh iontach. Cuirfear iarratas pleanála isteach in 2020.
- Neartaigh Troy Studios i gCaladh an Treoigh a thiomantas le leathnú a shaoráidí de réir mar a d'fhorbair sé céim fuaimne breise. Fágann sin gurb é Troy Studios an tsaoráid stiúideo léiriúcháin is mó in Éirinn. Leis an leathnú seo tá ceathrú céim fuaimne ag an stiúideo anois, ag cur 3,065 méadar cearnach de spás leis an spás stiúideo, agus is ionann an spás iomlán agus os cionn ná 9,570 méadar cearnach. Tá an tsaoráid ag feidhmiú go lán-acmhainn, agus tá níos mó ná 500 ball foirne fostaithe ar mhórléiriúcháin idirnáisiúnta.

CÚLRA AGUS BUAICPHOINTÍ

Sa Stiúrthóireacht um Fhorbairt Eacnamaíochta, atá freagrach as Luimneach a chur chun cinn agus a fhorbairt, cuimsítear sé phríomhchuid:

- Infheistíocht
- Nuáil Luimneach
- Oifig Fiontair Áitiúil
- Margaíocht agus Cumarsáid
- Pleanáil ar Aghaidh/Straitéiseach
- Straitéis Dhigiteach

Seo a leanas cuid de na buaicphointí faoi gach ceann de na codanna seo.

1. INFHEISTÍOCHT

Tá sé de chúram ar an Aonad Infheistíochta tacú le hiarrachtaí ÚFT Éireann, Fiontraíocht Éireann, gníomhaireachtaí stáit eile agus an pobal gnó, chun an timpeallacht a chruthú ina bhféadfar cruthú post a éascú, chomh maith le sonraí eacnamaíocha a bhailiú agus a scaipeadh, an ciste forbartha a bhainistiú agus seirbhísí tacaíochta corparáidí a riar. Ba bhliain í a raibh go leor buaicphointí aici, lena n-áirítear:

- Fógraíodh 2,470 post san iomlán le hinfeistíocht € 527 milliún ag cuideachtaí lena n-áirítear Edwards Lifesciences, Regeneron, Johnson agus Johnson, ENET, EcoOnline, EY, Fundrock, Acorn Life, BDO, Pallas Foods, Ishka Spring Water, BHP Laboratories, Roadbridge agus Uisce Éireann.
- Rinne Aldi, Gourmet Green, Starbucks, Spar, Homesavers, Lifestyle Sports, Coqbull, Dunnes Stores agus Marks and Spencers (forbairt €60m ag Cé Arthur) fógraí ar infheistíochtaí miondiola agus fáilteachais chomh maith le fógraí poist.
- Cheadaigh an Chomhairle leithdháileadh €2m ar thionscadail chaipitil ar fud na cathrach agus an chontae. Bailíodh an t-airgead trí ranníocaíochtaí forbartha a ghabhann le deonú cead pleanála, go príomha le haghaidh forbairtí tráchtála agus tithíochta. Tháinig an maoiniú leithdháilte do na tionscadail faoi cheithre cheannteideal leathan: Cuidiú le Pobail; Luimneach a Atógáil; Tionscnaimh um Cháilíocht na Beatha; agus Pleanáil don Todhchaí.
- Thug toscaireacht i Luimneach, faoi stiúir an Mhéara, an Comhairleoir James Collins cuairt ar Austin i mí Eanáir 2019 ar chuireadh ó Mhéara Austin, an tUasal Steve Adler. Ba é príomhchúis na cuairte Meabhrán Comhthuisceana a shíniú idir Luimneach agus Cathair Austin, a neartóidh na naisc idir Luimneach agus Austin i réimse an ghnó, an oideachais agus an chultúir. Ar an toscaireacht bhí ionadaithe ón gComhairle, OL, Cumann Tráchtála Luimnigh LIT, LEDP, Grúpa na Sionainne agus CLG. Thug an toscaireacht cuairt freisin ar Phríomhchathair an Stáit Texas chun aitheantas a thabhairt do na ceangail stairiúla agus eacnamaíocha idir Éire agus Texas.



An tUasal Steve Adler, Méara Austin agus Méara Chathair agus Chontae Luimnigh, an Comhairleoir James Collins

2. NUÁIL LUIMNEACH

Tá sé mar aidhm ag Nuáil Luimneach nuálaíocht a chur chun cinn agus gníomhú mar mheicníocht seachadta do na tionscadail atá leagtha amach i bPlean Luimnigh 2030, Pleananna Forfheidhmithe Athghiniúna Luimnigh agus eile. I measc na n-éachtaí a rinne sé in 2019 bhí:

- Nuáil Luimneach ag ceannach an tseanfhoirgnimh bhainc i Mainistir na Féile chun ENGINE R-Mhol Mhainistir na Féile a chruthú. Tá go leor buntáistí ag baint leis an spás comhoibrithe seo lena n-áirítear sábháil costais do ghnólachtaí agus timpeallacht a chruthú ina spreagtar cruthaitheacht, cumarsáid agus comhoibriú níos fearr idir gnóthaí agus daoine aonair, agus ar an gcaoi sin táirgiúlacht a mhéadú chomh maith le tuilleadh fostaíochta inbhuanaithe. Beidh Nuáil Luimneach ceangailte leis an R-Mhol ENGINE i Mainistir na Féile leis an líonra Ionaid Fiontair atá ann cheana.
- Chuaigh Nuáil Luimneach i gcomhpháirtíocht le hIonad Fiontraíochta Guinness chun Rath Luimnigh a lainseáil. Is í aidhm na sraithe imeachtaí seo líonra tacaíochta a fhorbairt i measc dhiaspóra gnó Luimnigh chun rathúnas sa chathair agus sa chontae a fheabhsú. Tionóladh an chéad cheann de Shraith Ratha in Ionad Fiontar Guinness i mí Eanáir 2019 agus i mí na Bealtaine tionóladh Rath Luimnigh II i ENGINE.
- I mí Iúil thug toscaireacht i Luimneach cuairt ar an Ionad Teicneolaíochta Déantúsaíochta (MTC) in Coventry chun an clár 'Joining the Dots' faoi stiúir Ambasáid na Breataine a sheoladh chun díriú isteach ar conas oibriú níos fearr le chéile ar leibhéal réigiún go réigiún chun fás eacnamaíoch a bhrú chun cinn. Thaisil na heagraíochtaí áitiúla lena n-áirítear Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh, Conraitheoirí Múnlaíthe na Mainistreach, An Plean Gníomhaíochta do Phoist, Nuáil Luimneach, Institiúid Teicneolaíochta Luimnigh agus Ollscoil Luimnigh chun comhpháirtíochtaí gnó níos láidre a chur chun cinn.
- Chuaigh an tUasal Paul C. Ryan isteach i bhfoireann Nuáil Luimneach mar Bhainisteoir Scannánaíochta Réigiúnach i mí Mheán Fómhair. Is é príomhfheidhm a ról ná idirchaidreamh a dhéanamh idir cuideachtaí léiriúcháin scannáin atá ag teacht isteach agus gníomhaireachtaí reachtúla chun an Lár-larthar a fhorbairt mar shuíomh Idirnáisiúnta. Forbróidh sé Plean Gníomhaíochta don Scannánaíocht sa Réigiún freisin.
- I mí na Nollag, thug Ambasadóir na Breataine go hÉirinn cuairt ar ENGINE mar chuid de thuras siúlóide timpeall ar shuíomhanna forbartha lárnacha i Luimneach mar chuid den tionscnamh leanúnach "Joining the Dots" idir Luimneach, Corcaigh, Ambasáid na Breataine agus roinnt cathracha sa Ríocht Aontaithe.



Mike Cantwell, Ceannasaí de Nuáil Luimnigh, Orla Borthwick MWREP, An Clr. Eleanora Hogan, An Clr. Joe Pond, An Clr. Seamus Browne, an Dr. Pat Daly, Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh agus Eamon Murphy, Cathaoirleach, Nuáil Luimneach ag siniú an Chomhaontaithe chun foirgneamh bainc a cheannach i Mainistir na Féile

3. OIFIGÍ FIONTAIR ÁITIÚLA (LEO)

In 2019, lean an Oifig Fiontar Áitiúil i Luimneach ag ardú a próifíl agus ag cur a ról mar phríomhghníomhaireacht d'fhorbairt ghnólachtaí beaga sa Chathair agus sa Chontae chun cinn. Ba bhliain rathúil eile í an bhliain maidir le tacaíocht airgeadais a sholáthar do ghnó, tacú le cruthú post agus oiliúint agus forbairt a sholáthar d'úinéirí-bhainisteoirí agus d'fhostaithe lárnacha de ghnóthaí beaga i Luimneach.

Chuir LEO Luimnigh cúnamh airgeadais ar fáil d'fhiontair bheaga agus do mhicrifhiontair le linn 2019 trí chúnamh deontais. Is iad na trí phríomhchatagóir deontas ná Staidéar Féidearthachta, cúnamh Deontais Priming, agus cúnamh Deontais Leathnaithe Gnó. Ghlac LEO Luimnigh athrú beartais in 2019 maidir le cúnamh inaisíochta trí 0% a bheith inaisíochta le haghaidh Deontas Priming agus 30% de Dheontais Leathnaithe Gnó i bhfoirm inaisíochta. Tá Deontais Féidearthachta fós neamh-inaisíochta.



Líne Tosaigh C go D: Bernie Moloney, Eamon Ryan, Mary Killeen-Fitzgerald, Lisa Walsh (Mac Léinn), Líne Cúil C go D: Chris Clancy, Sinead Talty, Grainne Sparling, Norma Purtill, Jannette Deegan agus Tracey Hackett.

Chuir an cúnamh airgeadais a íoc LEO Luimneach le linn 2019 cabhair ar fáil chun 323 post breise (lánaimseartha agus páirtaimseartha) a chruthú san earnáil, rud a d'fhág go raibh 1,882 líon iomlán na bpost i gcuideachtaí a dtacaíonn LEO leo. Ba é 48 líon na n-iarratas ar chúnamh deontais a fuarthas in 2019 agus ceadaiodh 45 iarratas. B'ionann méid iomlán na cabhrach deontais a d'fhorbair LEO Luimnigh in 2019 agus €1,115,971 maidir le 45 tionscadal.

I measc na mbuaicphointí éagsúla sa bhliain:

- B'ionann an caiteachas iomlán ar an Oifig Fiontair Áitiúil i Luimneach do 2019 agus €1,859,298.
- Cúnamh Teicniúil do Mhicrea-Onnmhaireoirí: €34,782.40 ceadaithe do 23 cuideachta.
- Dearbháin Trádála Ar Líne ar luach €83,879 ceadaithe do 39 gnó.
- T&F lúfar agus Deontais Nuálaíochta ar luach €231,427 ceadaithe do thrí ghnó.
- Comhpháirtíocht LEO le trí Chuideachta Forbartha Áitiúla i Luimneach chun comhairle agus oiliúint a sholáthar ar fud na Cathrach agus an Chontae.
- Comhpháirtíocht le Network Ireland chun fóram a sholáthar do Mhná i nGnó
- Gníomhaíocht fhairsing sna meáin i gcomhar leis an Roinn Cumarsáide, chun Cruthú Fiontar a chur chun cinn i Luimneach.
- Clár Fiontar Scoileanna i 22 Meánscoil ina raibh 871 dalta páirteach
- Dámhachtainí Fiontar LEO Luimnigh: Rinne Fiontraí na Bliana Colm Cussen, ABS Engineering Solution Systems Ltd. ionadaíocht ar Luimneach sa Chraobh Ceannais Náisiúnta i mBaile Átha Cliath áit ar bhuaigh siad an Gradam Réigiúnach don Iardheisceart.
- Bhuaigh Eoghan Mulcahy, iarrthóir 'Fiontraí Óg is Fearr' na hÉireann, an Gradam Réigiúnach don Smaoineamh Gnó is Fearr 'Deepseek', agus rinne sé ionadaíocht ar Luimneach i gCluiche Ceannais Náisiúnta IBYE i gCeanncheathrú Google i mBaile Átha Cliath.
- Cuireadh ar fáil aon cheann déag de do Chúrsaí Gnó Féin do 154 duine
- Bhain 124 bainisteoir úinéir leas as meantóireacht duine le duine agus caitheadh 455 uair meantóra
- Cuireadh 103 cúrsa oiliúna ar fáil do 1,245 duine aonair, 442 fear agus 803 bean.

Ba thairbheach a bhí cur chuige LEO Luimnigh maidir le cuideachtaí a dheighilt agus díriú orthu de réir a stádas saolré, maidir le fás agus forbairt cuideachtaí a fhaigheann cúnamh trí chúnamh deontais a chinntiú agus le linn 2019 d'oibrigh LEO go dian le cuideachtaí a sainathnódh a bhfuil acmhainneacht agus toilteanas acu le haghaidh fáis, idirnáisiúnaithe agus onnmhairithe. Dhírigh an obair seo freisin ar thacaíocht a thabhairt do na cuideachtaí seo le saincheisteanna an Bhreitheachta.



Buaiteoirí ghradam Fiontraí Óg Éireannach is Fearra na Bliana ag Babhta Ceannais Luimnigh in 2019.

C go D: Johnathan Markham, Precision Utility Mapping, Allen Wixted, No-Place-Like agus Eoghan Mulcahy, Deepseek.

4. MARGAÍOCHT AGUS CUMARSÁID

Tá an Rannóg Mhargaíochta agus Chumarsáide Chomhairle Cathrach agus Contae Luimnigh freagrach as cumarsáid chorparáideach a láimhseáil agus scéal dearfach Luimnigh a fhorbairt agus a chur chun cinn do chuairoteoirí agus d'infheisteoirí idirnáisiúnta, trí fheachtais leanúnacha dinimiciúla ar fud na meán traidisiúnta agus na meán nua-aimseartha. I measc na bpríomhmeachtaí i rith 2019 bhí comhordú na cumarsáide agus na nuashonruithe beo ar thorthaí Toghchán Áitiúil Luimnigh agus pobalbhreith an Mhéara a Thoghtar go Díreach, forbairt leanúnach ar fhéiniúlacht Bhranda Luimnigh agus margaíocht agus cur chun cinn féilte agus imeachtaí éagsúla i Luimneach. Shroich Limerick.ie os cionn 1.5 milliún úsáideoir uathúil in 2019. Cuireadh an rannóg ar an ngearllíosta arís don Chumarsáid is Fearr agus don Mhargaíocht Dhigiteach i ndámhachtainí LAMA 2019.

Áiríodh ar ghníomhaíocht na hOifige:

Cumarsáid Chorparáideach agus Margaíocht:

- Bainistíocht PR agus na meán ar thionscadail na comhairle lena n-áirítear 226 eisiúint nuachta a eisiúint, 175 óráid Mhéara a dhréachtú, na céadta fiosrúchán a fhreagairt ó na meáin áitiúla agus náisiúnta agus bainistíocht a dhéanamh ar chuntais iomadúla meán sóisialta na Comhairle.
- Go leor feachtais a chur i bhfeidhm ar na meáin shóisialta agus clúdach beo ar na meáin shóisialta a sholáthar do Pharáid Lá Fhéile Pádraig, Craobh Idirnáisiúnta na mBannaí, Light Up Limerick agus NYE Fireworks. Páirteach sa tionscnamh náisiúnta meán sóisialta #YourCouncilDay áit a raibh cuntas Twitter @LimerickCouncil sa 3ú háit as 1,938 cuntas san iomlán.
- Feachtas físe ár gComhairle, Ár Scéalta a lainseáil ar fud Luimnigh.ie agus na meáin shóisialta, ag ceiliúradh obair thiomnaithe agus éagsúil fhostaithe na heagraíochta. Léirigh an tsraith ghearrscannán físe an meascán de sheirbhísí, éagsúlacht agus pearsantacht fhostaithe na Comhairle.
- Cuireadh 1,882 imeacht, 1,695 alt agus 226 taitneamhacht nua le Limerick.ie
- Idirchaidreamh a dhéanamh le pearsantachtaí ardhpróifíle Luimnigh chun Luimneach a chur chun cinn do lucht féachana níos leithne



Paráid Lá Fhéile Pádraig Luimnigh 2019



- Leanamar ag obair leis an ngníomhaireacht chruthaitheach dhomhanda M&C Saatchi chun plean aitheantais agus branda nua a chur chun cinn do Luimneach le dianchlár rannpháirtíochta páirtithe leasmhara curtha i gcrích
- Rinneadh bainistiú ar athdhearadh agus suiteáil 21 bhratach cón i lár na cathrach chun beogacht agus éagsúlacht Chathair Luimnigh a léiriú agus breisiú ildaite a chur ar cheann de na ceantair siopadóireachta is cáiliúla sa chathair.
- Monatóir Eacnamaíoch Luimnigh débhlantúil a tháirgeadh, a dhéanann anailís agus rianú ar stádas agus treochtaí eacnamaíocha agus fioscacha Luimnigh ar fud na n-earnálacha eacnamaíocha go léir.
- Cruthaíodh agus suiteáladh clár fógraí turasoíreachta i Luimneach, in áit fheiceálach ar an mbóthar amach ó Aerfort na Sionainne chun cuairteanna méadaithe ar Luimneach a mhealladh.
- Gné-alt leathanach tosaigh agus eagarthóireacht daingnithe le National Geographic Traveller UK Bealtaine 2019, tar éis comhairliúcháin idirchaidrimh agus taistil leis an eagarthóir taistil Pól Ó Conghaile.
- Rinne muid comhghaoiniú ar tháirgeadh Léarscáil Chathair Luimnigh Comharsanachta Insiúlta a thaispeánann Luimneach mar cheann scríbe dlúth, insiúlta. Dáileadh 5,000 cóip ar fud Luimnigh.
- Rinneadh 10,000 treoir chlóite a tháirgeadh agus a dháileadh ag taispeáint bealaí siúlóide agus reatha ar fud Luimnigh agus choimisiúnaigh fiseán ag taispeáint bealaí chathair Luimnigh - ag sroicheadh 884,900 duine trí fheachtas sóisialta #ActiveLimerick
- Rinneadh 5,000 Treoraí Féile a dhearadh agus a dháileadh ag cur os cionn 120 féile agus gige mór ar siúl ar fud Luimnigh
- Comhordaíodh feachtas fairsing digiteach, sóisialta agus campais i gCathair na Mac Léinn i Luimneach a dhírigh ar mhic léinn tríú leibhéal sa chéad bhliain chun iad a spreagadh chun an saol a iniúchadh lasmuigh den champas agus taithe a fháil ar Luimneach.
- Cur chun cinn iomlán na bpríomhfhéilte cathartha lena n-áirítear Féile Naomh Pádraig Luimnigh, Riverfest Luimneach, Oíche Shamhna i Luimneach, an Nollaig i Luimneach le dearadh a ghabhann le sraith bróisiúr
- Tacaíodh le Shiny Day TV le scannánú Ciara agus Jon's Road Trip Reality Limerick, sraith nua taistil ar líne a thaispeánann turas bóthair corraitheach de theaghlach atá ar tóir na seoda aitheanta agus folaithe atá le fáil ag cathair agus contae an Chonartha.
- Eagraíodh an 'glasú' de phríomhshuímh Luimnigh roimh Chraobh Leathcheannais SHC na hÉireann.
- Rannpháirtíocht le Fáilte Ireland agus Turasoíreacht Éireann araon chun a fháil amach conas is féidir le Luimneach a gcuid clár agus tairiscintí náisiúnta agus idirnáisiúnta a ghairíl níos fearr: eadhon, *Gateway to the Wild Atlantic Way* agus *Taste the Island*.
- Eisíodh 67 r-nuachtlitir Limerick.ie agus 12 feasachán gnó Limerick.ie



Riverfest Luimnigh 2019

5. PLEANÁIL AR AGHAIDH/ STRAITÉISEACH

Tá an Rannán Pleanála ar Aghaidh freagrach as taighde, ullmhú agus táirgeadh doiciméad beartais pleanála agus pleanáil d'fhorbairt inbhuanaithe tithíochta, bonneagair, forbairt eacnamaíochta agus comhshaoil sa Chathair agus sa Chontae. Tá an fhreagracht as an bhfeidhm Oidhreachta agus iarratais an Chiste Forbartha Athghiniúna Uirbí a chomhordú cuimsithe sa rannóg seo freisin.

DOICIMÉID BHEARTAIS NÁISIÚNTA

- Rinneadh aighneachtaí ar an dréachtcháipéis agus ar na cáipéisí leasúcháin ábhartha don Straitéis Réigiúnach Spásúlachta agus Eacnamaíoch do Réigiún an Deiscirt.
- Rinneadh obair ar an tairiscint chun Múnla Sóisialta agus Eacnamaíoch a ullmhú, atá páirt-mhaoinithe faoin gCiste Athghiniúna agus Forbartha Uirbí.
- Rinneadh aighneachtaí ar na doiciméid seo a leanas: Dréacht Doiciméad ar Airteagal 6 Treoir Mhodheolaíoch, comhairliúchán ar Dréacht-Ráiteas Beartais Pleanála Mara, Dréachtphlean Straitéiseach Oifig an Rialtóra Pleanála 2019 - 2024 agus Cur i bhFeidhm na Straitéise Móna.
- D'oibrigh an tÚdarás Áitiúil leis an nGníomhaireacht Forbartha Talún chun suíomhanna féideartha a aithint i gCathair Luimnigh d'fhonn úsáid talún stáit a bharrfheabhsú agus cur le spreagadh d'fhorbairt dhlúth inbhuanaithe. Mar thoradh ar an obair seo síníodh meabhrán tuisceana leis an LDA, Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh, FSS agus CIE chun máistirphlean a chruthú don láithreán athfhorbraíochta atá suite ag Stáisiún Traenach Colbert i Luimneach.
- Chuir an rannóg seo comhairle bheartais leanúnach ar fáil do roinnt tionscadal straitéiseach (Straitéis Iompair Chathrach, scéim Bhóthar Faing go Luimneach, scéim Bhóthar Chorcaí go Luimnigh, CFRAManna, LIHAF, comhordú URDF, grúpa stiúrtha Loch Gur, Dámhachtainí Duilleoige Glaise).

PLEANANNA CEANTAIR ÁITIÚIL

- Ghlac na Comhaltai Tofa Plean Ceantair Áitiúil Chill Mocheallóg ag cruinniú Cheantar na Ceapaí Móire Chill Mocheallóg i mí Dheireadh Fómhair 2019.
- Cuireadh tús le hathbhreithniú ar Phlean Ceantair Áitiúil Chromadh agus cuireadh an dréachtphlean agus athruithe ábhartha ina dhiaidh sin ar taispeánt go poiblí.
- Leathnaíodh Plean Ceantair Áitiúil Mhainistir na Féile agus Plean Ceantair Áitiúil an Chaisleáin Nua i Márta 2019 ar feadh cúig bliana breise.

CONAIR EACNAMAÍOCH AN ATLANTAIGH

Tá Luimneach ar cheann de na 10 nÚdarás Áitiúla a bhfuil ról lárnach acu sa tionscnamh AEC, a bhfuil sé mar aidhm aige infheistiocht a mhealladh, tacú le cruthú post agus cáilíocht na beatha a fheabhsú do na daoine a bhfuil in gcónaí ann. Tá an rannóg um Phleanáil ar Aghaidh/Straitéiseach fós ag déanamh ionadaíochta ar an gComhairle ar Thascfhórsa Chonair Eacnamaíoch an Atlantaigh agus tá Iníuchtaí Fiontraíochta curtha i gcrích acu don Chaisleán Nua, Cill Mocheallóg agus Mainistir na Féile.

ATHRÚ AERÁIDE

I mBealtaine 2019, ullmhaíodh an Dréacht-Straitéis um Oiriúnú don Aeráid roimh an tréimhse taispeána poiblí. Tar éis na tréimhse taispeána, ullmhaíodh tuarascáil ar na haighneachtaí a fuarthas agus tugadh an plean chun críche agus glacadh leis ag Cruinniú na Comhairle i mí Iúil.

MONATÓIREACHT

Tá an chuid seo freagrach as monatóireacht eacnamaíoch leanúnach lena n-áirítear: monatóireacht mhíosúil ar an scéim ranníocaíochta, monatóireacht mhíosúil ar dhíolacháin/cíosanna/tosaithe tí agus tráchtála agus líon agus cineál na n-iarratas pleanála, úsáid talún bliantúil i lár na cathrach agus suirbhé folúntas agus tuarascáil KPI Míosúil a tháirgeadh.

OIDHREACHT

D'éirigh leis an gComhairle €23,000 a fháil ón gComhairle Oidhreachta faoin gClár Plean Oidhreachta do cheithre thionscadal do 2019. Ba iad sin Féile na Samhna, Tionscadal an Chaisleáin agus an Túir; Lása iontach - Tionscadal chun comóradh Lása Luimnigh a cheiliúradh, agus Rialú an Fheabhráin Capaill ar an Lúbach. Rinne na Stiúrthóireachtaí um Fhorbairt Fhísiciúil agus Forbairt Shóisialta na tionscadail seo a sheachadadh le linn 2019.

6. RANNÓG NA NUÁLAÍOCHTA UIRBÍ

Bunaíodh an Rannóg na Nuálaíochta Uirbí in 2019 agus díreann sí ar a bheith nuálaíoch chun maireachtáil agus obair uirbeach a bhunathrú. Tá sé mar aidhm ag an rannóg Nuálaíochta a chur i bhfeidhm tríd an gcomhshaol a chruthú chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin uirbeacha agus chun deiseanna a chruthú d'athbheochan eacnamaíoch, comhshaoil agus sóisialta Luimnigh. Comhoibríonn an Roinn le saoránaigh, tráchtáil agus tionscal, rialtas cathrach agus lucht acadúil chun táirgí agus seirbhísí nua do chathracha a shainiú, a chruthú, a thástáil agus a chumasú agus bealaí nua le maireachtáil agus oibriú i gcathracha.

Tá trí phríomhfheidhm ag an Roinn Nuálaíochta Uirbí:

1. Comhoibriú Oscailte: tacú le héiceachóras oscailte do sheirbhísí nuálacha uirbeacha sa Chomharsanacht Seoirseach, an chéad chrios comhoibríthe tiomnaithe i Luimneach.
2. Tionscadail Taispeána: ceannaireacht a thabhairt trí phríomhthionscadail taispeána a fhorbairt chun forbairt uirbeach dhlúth a chur chun cinn agus infheistiú ó dhaoine eile a spreagadh dá bharr.
3. Gníomhachtú Foirgníochta agus Láithreán: príomhfhoirgnimh agus láithreáin deise a ghníomhachtú, dul i dteagmháil le húinéirí réadmhaoine chun athchóiriú a chur chun cinn agus úsáid a bharrfheabsú agus an margadh forbartha a éagsúlú.

+ CITYXCHANGE (MALARTÚ CATHRACH DEARFACH)

Tá an chéad tionscnamh de chuid Rannóg na Nuálaíochta Uirbí ag athbheochan na Comharsanachta Seoirsí stairiúla Luimnigh, Newtown Pery, trí chomhoibriú lenár saoránaigh.

Tá Rannóg na Nuálaíochta Uirbí i gceannas ar na hArdáin um Fhorbairt Uirbeach agus Rannpháirtíocht Saoránach do thionscadal Luimnigh arna mhaoiniú ag Horizon2020 an AE. Díreann an tionscadal ar an aistriú go cathair dearfach atá cliste ó thaobh fuinnimh de a chruthaíonn

níos mó fuinnimh ná a úsáideann sé. Soláthraíonn an tionscadal seo na huirlisí digiteacha agus na próisis chomhdhearaidh chun éiceachóras oscailte nuálach a bhunú. Is í an Chomharsanacht Sheoirseach an chéad chrios tiomnaithe comhoibríthe i Luimneach. Seoladh an tionscadal + CityxChange an 6 Meán Fómhair 2019, agus ina dhiaidh sin bhí ár gcéad seachtain CityEngage a tionóladh idir 16 - 21 Meán Fómhair 2019 agus a chríochnaigh le Ceardlann Comh-Dhearaidh Oíche Chultúir sa Réadlann Saoránach nuabhunaithe i Sráid Rutland. Is spás oscailte buail isteach é Réadlann na Saoránach chun foghlaim faoin tionscadal, a dhul chun cinn a leanúint, rochtain a fháil ar a uirlisí digiteacha agus ar na sonraí a bhailítear le linn an tionscadail.

Dhírigh an chéad bhliain den tionscadal + CityxChange ar na creataí a cheapadh chun Ceantar Dearfach ó thaobh Fuinnimh (PED) a bhunú i lár na cathrach. I measc na gcreataí, a forbraíodh in éineacht lenár gcomhpháirtithe cuibhreannais, tá an 'Creat Tacaíochta le haghaidh Fís Cathrach Uaillmhianach', 'Leabhar Súgartha agus Ardán Rannpháirtíochta Saoránach' a fhorbairt agus 'Creat do Chlós Súgartha Nuálaíochta'.

AN CLÁR UM THAIGHDE NUÁLAÍOCHTA DO GHNÓLACHTAÍ BEAGA (SBIR)

Riarann Rannóg na Nuálaíochta Uirbí an Clár SBIR (Taighde Nuálaíochta do Ghnólachtaí Beaga). Is meicníocht é SBIR, a chuireann ar chumas comhlachtaí na hearnála poiblí ceangal a dhéanamh le gnólachtaí nuálacha smaointe agus teicneolaíochta, chun réitigh nuálacha a sholáthar do dhúshláin agus riachtanais shonracha na hearnála poiblí.

Tá Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh ag obair i gcomhpháirtíocht le Fiontraíocht Éireann a bhunaigh ciste tiomnaithe chun tacú le dúshláin nuálacha agus iomaíocha.



Ceardlann CoDesign CityEngage

- Thug an chéad SBIR aghaidh ar Shábháilteacht Dóiteáin agus Inrochtaineacht Foirgnimh Stairiúla agus seoladh é i mí Dheireadh Fómhair 2018. D'éagraigh Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh an dúshlán i gcomhar le Fiontraíocht Éireann, an Oifig Fiontair Áitiúil i Luimneach, Núáil Luimneach agus Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath. Fógraíodh an buaiteoir "Safecility" i Meán Fómhair 2019 agus bronnadh maoiniú iomlán de € 59,500 air chun trialacha a fhorbairt agus monatóireacht a dhéanamh ar réitigh nuálacha d'fhoirgnimh, agus an Chomharsanacht Sheirseach i Luimneach mar shuíomh na leaba tástála.
- Tá Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh ag obair i gcomhar le hOifig Bainistíochta Dramhaíola Réigiún an Deiscirt ar an ngearrliosta do SBIR 2019 leis an dara dúshlán inmhathanachta chun aghaidh a thabhairt ar na saincheisteanna a bhaineann le stóráil agus bailiú dramhaíola i lár stairiúil na cathrach.

LIVING GEORGIAN CITY PROGRAMME OF WORK

D'éirigh le Rannóg na Nuálaíochta Uirbí maoiniú a fháil ó Chiste Athghiniúna agus Forbartha Uirbí 2019 ón Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil chun roinnt príomhthionscadal taispeána a fhorbairt i bhFoirgnimh Sheirseacha faoi úinéireacht na Comhairle chun tithíocht uirbeach dhlúth a chur chun cinn agus chun lánai a uasgrádú i dtí bhloc i lár na cathrach. Trí na tionscadail seo tá an Roinn ag obair le comhpháirtithe chun samhlacha infheistíochta nua a fhorbairt chun infheistíocht in áitribh chosúla in úinéireacht phríobháideach a spreagadh. Faigheann an

clár oibre tacaíocht ó Phróisis Chomhdheartha Pobail + CityxChange de chuid Horizon 2020 an AE agus ardáin chun Réitigh Saoránach tacaíochta teacht chun cinn. Tá "Cathair Sheirseach Beo - Staitéis d'Fhás Dúlúth" ar an ngearrliosta do Dhámhachtainí Pleanála na hÉireann 2020 sna trí chatagóir seo a leanas:

- **Rannpháirtíocht agus Idirchaidreamh**
- **Pleanáil agus Forbairt Eacnamaíoch**
- **Bainistíocht agus Seachadadh**

DREASACHT CÁNACH TIONSCNAMH NA CATHRACH BEO

Riarann an Rannóg Scéim Tionscnamh na Cathrach Beo a sholáthraíonn dreasachtaí cánach maoinne atá deartha chun foirgnimh stairiúla agus foirgnimh eile i Luimneach a athghiniúint. I mí Dheireadh Fómhair 2019, leathnaíodh an Scéim go dtí mí na Nollag 2022. Soláthraíonn an Rannóg tacaíocht leanúnach agus ritheann sí Siopaí Il-fhreastail d'úinéirí foirgneamh agus do dhaoine atá i mbun athchóirithe tithe, réadmhaoine ar cíos, spásanna tráchtála agus miondíola i gceantair speisialta stairiúla athghiniúna i Luimneach. Reáchtáilann foireann ildisciplíneach clinic comhairle gach coicís i ENGINE, Sráid Cecil Uachtarach (Oifigeach Dóiteáin, Oifigeach Caomhnaithe, Ailtire Sinsearach, Pleanálaí Baile) chun comhairle a thabhairt d'úinéirí réadmhaoine, úinéirí réadmhaoine ionchasacha agus tiarnaí talún atá ag iarraidh leas a bhaint as an dreasacht chánach le haghaidh oibreacha cáilitheacha athchóirithe. Fuarthas 19 iarratas san iomlán agus tugadh tacaíocht do níos mó ná 50 duine trí na clinici comhairle don scéim suas go Nollaig 2019.



Buaiteoir SBIR Cian O'Flaherty-CEO Safecility agus Innealtóir Sábháilteachta Dóiteáin comhlach Darren Horan, Arup.



STIÚRTHÓIREACHT UM FHORBAIRT FHISICIÚIL



STIÚRTHÓIREACHT UM FHORBAIRT FHISICIÚIL

Tá an Stiúirthóireacht um Fhorbairt Fhisiúil i gceannas ar fhorbairt fhisiúil Luimnigh lena n-áirítear bonneagar iompair ar ardchaighdeán, cosaint agus beartas comhshaoil, roghanna taistil níos cliste agus inrochtaineacht ar thithíocht ardchaighdeán.

Tá an Stiúirthóireacht freagrach as beartas agus straitéis sna réimsí seo agus tacaíonn sí leis an CBS Taistil agus Iompair agus an CBS um Ghníomhaíocht Aeráide, Bithéagsúlacht agus Comhshaoil. Tá sé freagrach as freagrachtaí na Comhairle a bhainistiú faoin gCreat-Treoir Uisce, faoin Treoir maidir le Tuitte agus na Rialacháin um Thorainn Chomhshaoil.

Tá príomhról ag an Stiúirthóireacht seo i dtosaíocht agus i maoiniú gach mórthionscadal forbartha fisiciúla agus bonneagair a bhaineann le bóithre, cosaint tuile agus tionscadail a bhaineann leis an gcomhshaoil, agus téann sí i dteagmháil le ranna / gníomhaireachtaí rialtais ar na hábhair seo. Molann sé freisin infheistíocht a dhéanamh i mbonneagar fisiceach i Luimneach áit a sholáthraíonn ranna nó gníomhaireachtaí rialtais eile an bonneagar seo. Feidhmíonn an Stiúirthóireacht an Comhaontú Leibhéal Seirbhíse le hUisce Éireann chun Seirbhísí Uisce a sholáthar do Chathair agus Contae Luimnigh.

Is seirbhís chomhroinnte í Oifig Dearaidh Bóthair Náisiúnta an Mheán-Iarthair idir Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh, Comhairle Contae Thiobraid Árann agus Bonneagar Iompair Éireann chun mórthionscadail bhonneagair chaipitil a dhearadh agus a sheachadadh i Réigiún an Mheán-Iarthair.

Tá Forbairt Fhisiúil ar cheann de cheithre Stiúirthóireacht Straitéiseacha na Comhairle, agus oibríonn sí go dlúth le Forbairt Pobail, Forbairt Eacnamaíochta agus Forbairt Tithíochta ag cur le beartais agus straitéisí réigiúnacha agus náisiúnta.



Oifig Tionscadail N / M20

ÉACHTAÍ/TIONSCADAIL SHUNTASACHA CURTHA I BHFEIDHM IN 2019

OIFIG UM DHEARADH NÁISIÚNTA BÓITHRE AN IARTHAIR LÁIR (MWNDRDO) BÓTHAR FAING GO LUIMNEACH (SEACHBHÓTHAR ÁTH DARA SAN ÁIREAMH)

I mí na Nollag 2019, rinne Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh iarratas chuig an mBord Pleanála chun tionscadal Bhóthar Faing go Luimneach (Seachbhóthar Áth Dara san áireamh) a cheadú.

Is mórthionscadal bóthair é seo le costas measta thart ar €450M. Tá an bóthar beartaithe 35km ar fhad, agus nuair a bheidh sé críochnaithe nascfaidh sé Croíphort Faing leis an líonra mótarbhealaigh gar do Luimneach.

Is éard atá sa bhóthar ná thart ar 15.6km de dhébhealach a thógáil ó Fhaing go Ráth Caola (le thart ar 1.9km de bhóthar carrbhealaigh aonair idir Baile Cloch agus Eas Géitine) mar aon le timpeall 17.5km de mhótarbhealach a thógáil ó Ráth Caola go dtí an gréasán mótarbhealaigh atá ann ag Áit Tí Flainn. Soláthróidh an mótarbhealach beartaithe seachbhóthar do shráidbhaile Áth Dara.

N/M20 Scéim Feabhsúcháin Bhóthar Chorcaí go Luimneach

Is príomhghné de Thionscadal Éireann 2040 an Scéim Feabhsúcháin ar Bhóthar Chorcaí go Luimneach.

Le linn 2019, lean Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh, i gcomhpháirtíocht le Comhairle Contae Chorcaí, Comhairle Cathrach Chorcaí, Comhairle Contae Thiobraid Árann, Bonneagar Iompair Éireann (TII) agus an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt (DTTaS) lena gcuid pleananna d'fhorbairt an N/M20 Scéim Feabhsúcháin Chorcaí go Luimneach. Cheap Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh, Barry Transportation mar údarás ceannais agus a chomhpháirtithe tionscadail Sweco agus WSP (BSW) mar chomhairleoirí teicniúla chun pleanáil agus dearadh na scéime a chur chun cinn.



Stáisiún Luchtaithe agus Feithiclí Tionscadail N / M20




N/M20 Scéim Feabhsúcháin Bhóthar Chorcaí go Luimneach. Bhí imeacht sínithe conartha ar siúl an 2 Bealtaine 2019 agus bhí na daoine seo a leanas i láthair: (chun tosaigh) Liam Prendiville, Barry Transportation; An Clr. James Collins, Méara Chomhairle Cathrach agus Contae Luimnigh; Conn Murray, Príomhfheidhmeannach, Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh, An Taoiseach Leo Varadkar; (dara sraith) Julia Gilles, WSP; An Clr. Ian Doyle, Comhairle Contae Chorcaí; Stephen Russell, Sweco; An Clr. Mary Shields, Comhairle Cathrach Chorcaí; Michael Nolan, Príomhfheidhmeannach, Bonneagar Iompair Éireann.

Tionóladh imeacht sínithe conartha an 2 Bealtaine i gceanncheathrú corparáideach Luimnigh, ar a d'fhreastail go leor daoine mór le rá agus ionadaithe tofa lena n-áirítear an Taoiseach Leo Varadkar.

I bhfianaise scála an tionscadail agus de réir Phlean Gníomhaíochta Aeráide an Rialtais, soláthraíodh trí Fheithicil Leictreacha Ceallraí (BEVanna) d'fhoireann Tionscadail N/M20 mar aon le dhá stáisiún luchtaithe in aice le hoifig an tionscadail.

Scéim Feabhsúcháin Bóthar N21 Mainistir na Féile agus Scéim Feabhsúcháin Bhóthar an Chaisleáin Nua N21

Lean Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh i gcomhairle le Bonneagar Iompair Éireann ag cur chun cinn Scéim Feabhsúcháin Bhóthar Mhainistir na Féile an N21 agus Scéim Feabhsúcháin Bhóthar N21 an Chaisleáin Nua. In 2019, fuarthas agus ceapadh comhairleoirí teicniúla chun seirbhísí comhairliúcháin innealtóireachta a sholáthar chun Céimeanna 1 go 4 (go hiomlán) a sholáthar i bhforbairt na scéimeanna. Tugadh faoi Chéim 1 'Staidéar ar Choincheap agus Féidearthacht na Scéime' agus cuireadh tús le Céim 2 'Roghnú Roghanna' maidir leis an dá scéim in 2019.



Bóthar Fhainge go Luimnigh (Seachbhóthar Áth Dara san áireamh) Síníodh an Scéim an 3 Nollaig 2019 agus bhí na daoine seo a leanas i láthair: (chun tosaigh) an Dr Pat Daly, Príomhfheidhmeannach, Brian Kennedy, Stiúrthóir Forbartha Fisiciúla, Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh; (ar chúil) John Murphy, David Leahy & Tim Fitzgerald, Oifig Dearaidh Bóithre an Mheán-Iarthair, James Clune, Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh, Mairead O'Donovan, MWRDO.

OIBREACHA FEABHSÚCHÁIN / AILÍNITHE BÓTHAIR

Scéim Feabhsúcháin N20 Crosbhóthar O'Rourke

Tá acomhal nua rialaithe ag timpeallán le tógáil agus beidh gá le hathrú ar leagan amach an acomhail atá ann cheana agus tógáil cuir chuige N20 nua ar an acomhal agus athrú ar na cineálacha cur chuige R518 atá ann cheana maidir leis an acomhal. Cuireadh cáipéisíocht Ordú Ceannaigh Éigeantaigh (CPO) faoi bhráid TII i mí na Nollag 2019 ag iarraidh ceadú chun tús a chur le próiseas OCÉ chun talamh a fháil d'fhorbairt bóthair.



Liniócht Scéim Feabhsúcháin N20 Crosbhóthar O'Rourke

Scéim Feabhsúcháin N24 Crosbhóthar Beary

Tá acomhal nua rialaithe ag timpeallán le tógáil ag Crois Beary. Éileoidh sé seo an tógáil de chuid nua den bhóthar réigiúnach R513 ar an mbealach i dreo an acomhail agus modhnuithe ar na bealaí N24 atá ann cheana i dreo an acomhail. Cuireadh cáipéisíocht Ordú Ceannaigh Éigeantaigh (CPO) faoi bhráid TII i mí na Nollag 2019 ag iarraidh ceadú chun tús a chur le próiseas OCÉ chun talamh a fháil d'fhorbairt bóthair.



Liniócht Scéim Feabhsúcháin N24 Crosbhóthar Beary

SCÉIMEANNA COSÁIN

Scéim Feabhsúcháin Cosáin N69 Faing go dtí An Sruthlán

Tá Scéim Feabhsúcháin Cosáin N69 Faing go dtí An Sruthlán suite ar bhóthar tánaisteach náisiúnta an N69 ar an taobh thoir de shráidbhaile Fhainge. Tosaíonn an scéim ó imeall thoir an tsráidbhaile agus téann sé go dtí an baile fearainn den Sruthlán 2.0km ó thuaidh go dtí an Oirdheisceart.

I gCéim 2 den Scéim Feabhsúcháin Cosáin Faing go dtí An Sruthlán, leathnaíodh an tionscadal 1.1km eile go dtí bealach isteach chalafort Fhainge. Fógraíodh an tairiscint do chéim 2 i mBealtaine 2019 agus bronnadh an conradh ar Lagan Asphalt Ltd. i mí Lúnasa 2019. Cuireadh tús leis na hoibreacha ar an láithreán i Meán Fómhair 2019, agus críochnaíodh go sunstasach iad i mí Dheireadh Fómhair 2019.



Scéim Feabhsúcháin Cosáin N69 Faing go dtí An Sruthlán

N21 Bóthar Isteach ón Iarthar Áth Dara

Tá N21 Bóthar Isteach ón Iarthar Áth Dara suite ar an taobh thiar den Shráidbhaile Áth Dara suite ar an bpríomhbhóthar náisiúnta a théann idir an t-acomhal le Bóthar na Mainistreach Duibhe L1422 go dtí an acomhal le Bóthar Bhaile an Gharraí R519. Tá an scéim thart ar 1.3km ar fhad. Áiríodh sa scéim dhá ghné ar leith a sholáthar a fheabhsaíonn sábháilteacht agus gluaiseacht tráchta i gcomharsanacht na bunscoile, is iad sin limistéar fágála scoile agus carrchlós.

Fógraíodh an tairiscint chun an carrchlós a thógáil, mar aon le umar tanúcháin chun freastal ar an rith draenála chun srutha sa toadhchá, i mBealtaine 2018 agus bronnadh an conradh ar Cóir Infrastructure Ltd. i mí Dheireadh Fómhair 2018 agus críochnaíodh é i mí an Mhárta 2019.



N21 Bóthar Isteach ón Iarthar Áth Dara

Scéim Feabhsúcháin Cosáin an N20 Baile Philib go Baile Shiúird Thuaidh

Tá Scéim Feabhsúcháin Cosáin an N20 Baile Philib go Baile Shiúird Thuaidh suite ar phríomhbhóthar náisiúnta an N20 ó dheas ó shráidbhaile Chromadh. Cuireadh tús leis na hoibreacha ar an láithreán go luath i mí Eanáir 2019 agus críochnaíodh iad i Márta 2019.



Scéim Feabhsúcháin Cosáin an N20 Baile Philib go Baile Shiúird Thuaidh

Scéim um Threisiú Cosáin Teampall an Ghleanntáin N21

Cuireadh tús leis na hoibreacha ar an láithreán go luath i mí Eanáir 2019 agus críochnaíodh iad i Márta 2019.



Scéim um Threisiú Cosáin Teampall an Ghleanntáin N21

SCÉIMEANNA BÓTHAIR MÓRA LASMUIGH DE LUIMNEACH

Scéim Feabhsúcháin Bóthar Choirnéal an Bhlácaigh N67/N85

Foráiltar le Scéim Feabhsúcháin Bhóthar Choirnéal an Bhlácaigh an N67/N85 do Bhóthar Faoisimh Laistigh Inis Díomáin, lena gcuimsítear trasrian abhann nua ar an Eidhneach timpeall 80m suas an abhainn ón trasrian atá ann cheana. Le linn 2019, chabhraigh Oifig Dearaidh Bhóthar an Mheán-Iarthair le Comhairle Contae an Chláir réamh-dhearadh agus le hordú ceannaigh éigeantach a ullmhú don scéim. I mí na Nollag 2019, d'iarr Comhairle Contae an Chláir cead go foirmiúil ó BIÉ chun cáipéisíocht an OCÉ a fhoilsiú agus chun tús a chur le céim éadála talún na scéime.

SÁBHÁILTEACHT AR BHÓITHRE

Láithreáin HD15 (Suímh Ard-Imbhuailti)


Déanann Bonneagar Iompair Éireann suíomhanna a shainaitint mar shuíomhanna ard imbhuailti lena anailís sábháilteachta líonra ar an líonra náisiúnta bóithre. Déanann an MWNDRDO athbhreithniú ar na suíomhanna seo sa réigiún, agus aithníonn sé bearta feabhsúcháin sábháilteachta atá le dearadh agus le cur i bhfeidhm.

INIÚCHTAÍ UM SHÁBHÁILTEACHT AR BHÓITHRE

Rinne an MWNDRDO iniúchtaí sábháilteachta ar bhóithre thar ceann údarais áitiúla sa réigiún le linn 2019. Déantar an t-iniúchadh sábháilteachta ar bhóithre chun saincheistean sábháilteachta féideartha a shainaitint i ndearadh nó i dtógáil scéime toisc go bhféadfadh siad dul i bhfeidhm ar úsáideoirí bóithre.

Scéim Acomhal N24 an Chathair go Luimneach


D'ullmhaigh Oifig Náisiúnta Dearaidh Bóthair an Mheán-Iarthair Plean Breithmheasa Tionscadail don scéim 25km beartaithe seo i mí Eanáir 2019, a cheadaigh an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt ina dhiaidh sin. Thug BIÉ cead do Chomhairle Contae Thiobraid Árann dul ar aghaidh le comhairleoirí teicniúla a sholáthar do Chéimeanna 1 go 4 (iad go huile san áireamh) de Threoirlínte Bainistíochta Tionscadal BIÉ i mí Bhealtaine 2019. D'ullmhaigh Oifig Náisiúnta Dearaidh Bóthair an Mheán-Iarthair na doiciméid tairisceana agus fuarthas seirbhísí comhairliúcháin teicniúla. Ceapadh Arup i mí na Nollag 2019.



Scéim Acomhal N24 an Chathair go Luimneach

Scéim Feabhsúcháin Bóthar Rochtana Aerfort na Sionainne N19

Ullmhaíodh cáipéisí tairisceana chun comhairleoirí teicniúla a sholáthar don scéim agus cuireadh na seirbhísí seo ar fáil. Ceapadh Fehily Timoney and Company i mí Dheireadh Fómhair 2019.



Scéim Feabhsúcháin Bóthar Rochtana Aerfort na Sionainne N19

TAISTEAL AGUS IOMPAR

STRAITÉIS IOMPAIR CHEANTAR CATHRACH LUIMNIGH AGUS NA SIONAINNE

Cuireadh Straitéis Iompair Cheantar Cathrach Luimnigh agus na Sionainne faoi stiúir an Údaráis Náisiúnta Iompair (ÚNI) chun cinn le linn 2019. Forbraíodh Tuarascáil ar Choinníollacha Bunlíne agus Comhthéacs Beartais a sholáthraíonn forbheathnú ar bheartas iompair agus úsáide talún ar leibhéal an Aontais Eorpaigh agus ar leibhéal náisiúnta, réigiúnach agus áitiúil; sainmhínear an limistéar staidéir; scrúdaítear patrúin daonra agus fostaíochta agus líonraí iompair atá ann cheana, chomh maith leis an éileamh iompair atá ann cheana de réir cineáil agus modh gluaiseachta.

I dTuarascáil ar Anailís ar Éileamh, scrúdaíodh an fás daonra réamh-mheasta go 2040, mar atá leagtha amach i bPlean Forbartha Náisiúnta 2040, agus úsáidtear éagsúlacht uirlisí samhaltaithe chun cásanna éilimh iompair agus conairí iompair sa todhchaí a shainiú.

Cuireadh comhairliúchán geallsealbhoirí Réamh-Dhréacht i gcrích i Ráithe 3 de 2019. Meastar go mbeidh dréacht den straitéis ar fáil le haghaidh comhairliúcháin phoiblí i Ráithe 2 de 2020.

MEASÚNÚ AGUS BAINISTIÚ RIOSCA TUILTE DOBHARCHEANTAR (MBRTD)

Ag leanúint ó ghealltanas maoinithe MBRTD in 2018, tá Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh tar éis tionscadail MBRTD a chur chun cinn do Chaisleán Uí Choileáin, Áth an tSléibhe agus Chathair Luimnigh agus do Phurláin Luimnigh, agus ceapadh comhairleoírí do Chaisleán Uí Chonaill agus d'Áth an tSléibhe in 2019. Cuireadh fo-thacar Oileán an Rí de scéim Chathair agus Phurláin Luimnigh chun cinn leis an Tuarascáil um Measúnú Tionchair Timpeallachta (TMTT) a taisceadh leis an mBord Pleanála i mí na Nollag 2019.

AN CISTE GNÍOMHACHTAITHE TITHÍOCHTA BONNEAGAIR ÁITIÚIL (CGTBÁ)

Críochnaíodh oibreacha tógála bóithre do chéim 1 ag Bhán an Chócaigh, Mungairit (250 méadar) a éascóidh forbairt de 201 teach i mí an Mhárta 2019. Oslóidh an chéim seo tailte tadhlacha le haghaidh tuilleadh forbartha. Cuireadh Iarratas isteach i mí na Nollag 2019 faoi Chuid 8 do Chéim 2 - thart ar 1.7 Km de bhóthar nua, agus éascóidh sé forbairt suas le 1,700 teach.

TIONSCADAIL BÓITHRE AGUS BONNEAGAIR

Fuarthas maoiniú ón Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt agus ón Údarás Náisiúnta Iompair chun dul chun cinn a dhéanamh ar na scéimeanna in 2019. Áiríodh ar na scéimeanna seo Scéim Athbheochana Shráid Uí Chonaill - ar ceadaíodh Cuid 8 di; Uasghrádú Shráid Parnell/Shráid Wickham - a cuireadh i gcrích go mór; Glasbhealach Uirbeach Chaladh an Treoigh - a chuaigh go Cuid 8 agus Droichead Bhóthar na Páirce - a chuaigh go Cuid 8 freisin. Cuireadh doiciméad Breithmheasa Airgeadais faoi bhráid na Roinne Iompair, Turasóireachta agus Spóirt do Bhóthar Dáileacháin Thuaisceart Luimnigh.

TAISTEAL INBHUANAITHE

SEACHTAIN NA ROTHAR

Ceiliúradh na rothaíochta ab ea Seachtain na Rothar 2019, faoi stiúir Chomhairle Cathrach agus Contae Luimnigh, agus é mar aidhm é a chur chun cinn mar mhodh iompair inbhuanaithe agus mar ghníomhaíocht fóillíochta spraiúil. Reáchtáladh scéideal seachtaine d'imeachtaí rothaíochta saor in aisce ón 22 go 30 Meitheamh ar fud Chathair agus Chontae Luimnigh. Tugadh cuireadh do ghrúpaí pobail, ionaid oibre agus baill den phobal iarratas a dhéanamh ar mhaoiniú chun a n-imeachtaí rothaíochta féin a reáchtáil. Sheol Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh an ócáid le 'Lá Spraoi Teaghlaigh' ar Shráid Uí Chonaill Dé Sathairn 22ú. Dúnadh dhá bhloc de Shráid Uí Chonaill do thrácht chun ligean do dheisiúcháin a dhéanamh ar rothair, do chluichí spraoi, do thaispeántais sábháilteachta agus Velodrome Sráide, a thug deis chorráitheach do dhíograiseoirí rothaíochta de gach aois agus cumas taithe a fháil ar rásaíocht shaothraithe ar stíl Oilimpeach.

SEACHTAIN SOGHLUAISTEACHTA / LÁ SAOR Ó GHLUAISTEÁIN

Mar chuid de Sheachtain Soghluaiseachta na hEorpa, an 22 Meán Fómhair 2019, bhí Luimneach ar cheann de na cathracha a bhí rannpháirteach sa Lá Saor ó



Taispeántas 'cosc ar ghoid rothar' an Gharda Síochána - Stáisiún Colbert



Lá Eorpach Saor ó Ghluaiseáin Cyclovía Meán Fómhair 2019

Ghluaisteáin mar chuid de Sheachtain Soghluaisteachta na hEorpa. I gcomhar le grúpaí rothaíochta áitiúla, shocraíomar 'Cyclovia Luimnigh' a chruthú don Lá Saor ó Ghluaisteáin. Dúnadh dhá bhloc de Shráid Uí Chonaill d'fheithiclé mótaí ar feadh thart ar chúig uair an chloig, rud a thug deis do leanaí agus do dhaoine fásta taitneamh a bhaint as gníomhaíochtaí mar chluichí sráide, deisiúcháin rothar agus turais staire siúlóide.

Bhí bealach rothaíochta ar feadh na gcé chomh maith a thug deis do rothaithe taisteal ó Shráid Uí Chonaill agus feadh na gcéanna ó dheas, thar Chaisleán Luimnigh agus ar ais go Sráid Uí Chonaill trí Thrá Mhic Fhlanncha, Trá Uí Cheallacháin agus Droichead na Sionainne. Rothaigh trí bhus rothaíochta isteach san imeacht Cyclovia ó áiteanna éagsúla sa chathair. Cuireadh fáilte mhór roimh an ócáid agus bhí os cionn 300 rothaí i láthair.

DÚSHLÁN CÉIM WALKTOBER 2019

Is tionscnamh bliantúil é Dúshlán Céim Walktober 2019, a bhí ar siúl i mí Dheireadh Fómhair, arna reáchtáil ag an Údarás Náisiúnta Iompair (NTA), a bhfuil sé mar aidhm aige daoine a spreagadh chun siúl níos mó agus tacú le gníomhaíocht choirp fhadtéarmach agus í a éascú. Ghlac 118 ball foirne i 24 fhoireann ó Chomhairle Cathrach agus Contae Luimnigh páirt ann. Bhí dhá bhuaiteoir foriomlána ag deireadh an chomórtais. Ba iad an fhoireann 'Chasing Pavements 2.0', a bhí comhdhéanta dár maoir tráchta, an fhoireann is fearr ó thaobh foireann nach bhfuil bunaithe ag deasc, agus ba iad an fhoireann 'Forward Walkers' an fhoireann deisce is fearr.

IARRATAÍ UM SHAORÁIL FAISNÉISE

Thug an Stiúrthóireacht freagra ar 11 iarratas um Shaoráil Faisnéise in 2019.



Forward Walkers - Buaiteoirí Foriomlána Deasc-Bhunaithe



Velodrome Sráide 2019

COMHSHAOL AGUS GNÍOMHÚ AR SON NA HAERÁIDE

PLEAN UM OIRIÚNÚ DON ATHRÚ AERÁIDE

Ghlac an Chomhairle Plean Luimnigh um Oiriúnú don Athrú Aeráide 2019-2024 ag a cruinniú i mí Iúil 2019. Is doiciméad tras-stiúrthóireachta í an Straitéis a bhfuil sé mar aidhm aici coincheap an oiriúnaithe don athrú aeráide a leabú i mbeartais, pleananna agus próisis na Comhairle. Sa Straitéis, aithnítear na rioscaí don Chomhairle a bhain le himeachtaí aeráide le déanaí, agus leagtar amach inti roinnt cuspóirí agus gníomhartha faoi shé phríomhthéama chun athléimneacht bheartais, phleananna agus oibríochtaí na Comhairle i leith imeachtaí drochaimsire a fheabhsú, a chuirfead i bhfeidhm thar shaolré na straitéise.

PLEAN BAINISTÍOCHTA BRUSCAIR 2019-2022

Ag a cruinniú a tionóladh an 23 Meán Fómhair 2019, rinne an Chomhairle lomlán breithniú agus glacadh leis an Dréachtphlean Bainistíochta Bruscair 2019-2022 a leagann amach cuspóirí agus gníomhartha na Comhairle chun bruscar a chosc agus a rialú i Luimneach don tréimhse 2019-2022.

FODHLÍTHE DRAMHAÍOLA A CHUR I LÁTHAIR

Ghlac agus rinne Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh Fodhlíthe Chathair agus Chontae Luimnigh (Dramhaíl Teaghlaigh agus Tráchtála a Leithlisiú, a Stóráil agus a Thabhairt I Láthair), 2019 i mí Eanáir 2019. Baineann na fodhlíthe le leithlisiú, stóráil agus tabhairt i láthair dramhaíola ar fud chathair agus chontae Luimnigh agus tháinig siad i bhfeidhm an 1 Márta 2019.

CAIGHDEÁN BAINISTÍOCHTA FUINNIMH ISO 50001

Rith Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh Iniúchadh Céim 2 le haghaidh creidiúnú chuig an ISO50001 i mí na Nollag 2019, agus tá sé deimhnithe anois go dtí an caighdeán sin. Cuideoidh sé seo leis an gComhairle oibriú i dtreo spriocanna éifeachtúlachta fuinnimh agus astaíochtaí na hearnála poiblí do 2020 agus 2030 a bhaint amach. Tá aitheantas idirnáisiúnta ag an gcaighdeán agus meastar gurb é an caighdeán tagarmhairc é ar fud an domhain maidir le Bainistíocht Fuinnimh.

AN CREAT-TREOIR UISCE (WFD)

Tá foireann WFD na Comhairle ag díriú go príomha ar a hiarrachtaí lasmuigh de na réimsí gníomhaíochta tosaíochta agus rinne siad measúnuithe imscrúdaitheacha i 37 dobharlach chun na brúnna suntasacha is cúis leis na dobharlaigh seo a chur i mbaol, agus nach gcomhlíonfaidh siad cuspóirí an WFD, dá bharr. Chríochnaigh an fhoireann 266 measúnú feirme agus d'oibrigh siad go dlúth leis an bpobal feirmeoireachta chun dul i ngleic le fadhbanna a saináithníodh, agus d'fhreagair siad 53 eachtra truaillithe. Rinne an fhoireann obair shuntasach rannpháirtíochta agus feasachta le feirmeoirí agus chuir siad faisnéis ar fáil dóibh maidir le conas an riosca truaillithe uisce a íoslaghdú.

Is seirbhís chomhroinnte é an Clár Uisce Údaráis Áitiúil (LAWPRO) a oibríonn le hÚdaráis Áitiúla agus gníomhaireachtaí stáit chun Pleananna Bainistíochta Abhantraí in Éirinn a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm, mar a éilítear faoi Chreat-Treoir Uisce an AE.

Tá dhá fhoireann sa chlár: an Fhoireann Pobail agus an Fhoireann Dobharcheantair, oibríonn an dá fhoireann go dlúth le chéile, ag feidhmiú as 13 ionad Údarás Áitiúil éagsúla ar fud na tíre. Tá sainchúraimí difriúla ach dlúthghaolmhara ag na foirne seo, mar a leanas:

Foireann Pobail: Tá triúr Comhordaitheoir agus 12 Oifigeach Uisce Pobail ar an bhfoireann seo atá ag obair ó ionaid éagsúla Údaráis Áitiúil. Tacaíonn sé le pobail agus geallsealbhoirí i seachadadh tionscadal agus tionscnamh áitiúil cáilíochta uisce. Oibríonn an fhoireann freisin le hiontaobhais aibhneacha agus comhpháirtíochtaí do bharcheantair, atá ag teacht chun cinn ar fud na tíre.

Foireann Measúnaithe Dobharcheantar: Bunaíodh an fhoireann seo in 2018 agus tá eolaithe ann a bhfuil raon leathan saineolaíse theicniúil acu. Tá bearta á gcur i bhfeidhm acu laistigh de 190 réimse tosaíochta atá dírithe ar cháilíocht uisce a fheabhsú. I gceist anseo, tá measúnuithe abhann agus siúlóidí srutha chun na saincheisteanna a théann i bhfeidhm ar cháilíocht uisce a thuiscint. Ag obair le pobail áitiúla, úinéirí talún, úinéirí gnó agus comhlachtaí poiblí, déanann an fhoireann seo réitigh ábhartha agus inoibríthe a fhorbairt. Tacaíonn an Clár leis an gClár Inbhuanaitheachta agus Comhairleach Talmhaíochta, ag obair le feirmeoirí sna réimsí tosaíochta seo.

Tá an Fhoireann Dobharcheantar réigiúnach a chumhdaíonn Luimneach, Corcaigh, an Clár agus Ciarraí comhlonnaithe le foireann na Comhairle um Chreat-Treoir Uisce (WFD) i gCé na gCeannaithe agus oibríonn sí go dlúth le foireann na Comhairle chun riachtanais an WFD a chomhlíonadh.

Tá an Fhoireann réigiúnach LAWPro comhlonnaithe le foireann na Comhairle um Chreat-Treoir Uisce (WFD). Tá foireann LAWPro dírithe ar na réimsí gníomhaíochta tosaíochta a sainathnóidh i bPlean Bainistíochta Abhantraí 2017-2021 i gcontaetha Luimnigh, Corcaigh agus an Chláir.

SPEICIS IONRACHA

Fuarthas maoiniú don Chomhairle Oidhreachta do Straitéis Bainistíochta chun an Feabhráin Capaill ar an Lúbach a rialú. Fuarthas maoiniú faoin bPlean Gníomhaíochta Náisiúnta Bithéagsúlachta ón Roinn Cultúir Oidhreachta agus Gaeltachta chun an Straitéis Bainistíochta a chur i bhfeidhm don tréimhse 2019-2021. Cuireadh tús le hoibreacha sa réimse i mí Iúil 2019.

PLEAN PAILNEORA UILE-ÉIREANN 2015-2020

Chláraigh Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh mar chomhpháirtí le Plean Pailneoirí Uile-Éireann in 2019. San áireamh i dtionscnaimh in 2019 bhí feachtas “Ná Lom é, Lig dó Fhás”, lenar cuireadh chun cinn gearradh moillithe chun tacú le plandaí pailneora luath an tséasúir. Is tionscnamh é seo a ghlacann grúpaí bailte slachtmhara go forleathan leis. Rinneadh trí mhóinéar a thacaíonn le pailneoirí a choimeád i rith na bliana - ceann ar Bhóthar Childers agus dhá cheann sa Chorrbaile. Fostaíodh éiceolaí chun staidéar a dhéanamh ar raon na speiceas atá ann cheana ar na suíomhanna seo i rith an tséasúir fáis agus chun comhairle a thabhairt ar bhainistíocht na gceantar d’fhonn speicis inmhianaithe a spreagadh agus plandaí nach bhfuil chomh inmhianaithe sin a dhispreagadh. Rinneamar ceiliúradh ar “Lá Domhanda na mBeach” i mí na Bealtaine le cuairteanna ar Mhóinéar an Chorrbaile agus stalláí poiblíochta i margaí na bhfeirmeoirí.

IONTAOBHAS NA MÁIGHE

Lean an Chomhairle ag tacú agus ag éascú obair iontaobhas na Máighe in 2019, a bhunaigh í féin mar thionchar suntasach ar dhobharcheantar na Máighe. Fuair an tIontaobhas maoiniú in 2019 ón Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil trí LAWPro chun Oifigeach Tionscadail a fhostú, a thacóidh le rolladh amach na dtionscadal.

DUILLEOG GHLAS NA HEORPA

Bronnadh Duilleog Ghlas na hEorpa ar Luimneach do 2020. Tar éis próiseas iomaíoch a bhí ar siúl in Osló i Meitheamh 2019. Moladh Luimneach as a cuid infheistíochtaí leanúnacha as ar tháinig feabhas ar cháilíocht an aeir agus ar leibhéil torainn sa chathair. Tugadh ciste de €75,000 do Chomhairle Cathrach agus Contae Luimnigh chun a cuspoirí do 2020 a bhaint amach. Forbraíodh clár imeachtaí do 2020 lena n-áirítear Comhdháil Idirnáisiúnta Pailneoirí “Ireland’s Buzzing” a óstáil i mBealtaine 2020.



Gradam Duilleog Ghlas na hEorpa Gall

MAOINIÚ ÉIRE SLÁINTIÚIL

Dheonaigh Éire Sláintiúil € 18,000 chun gairdín bithéagsúlachta a fhorbairt in Eastát an Bhagóidigh/ Páirc Portland.

AN PLEAN GNÍOMHAÍOCHTA TORAINN (NAP) 2018-2023

Ag tús 2019 cheannaigh an Chomhairle bogearraí samhaltaithe torainn. Cuireadh oiliúint ar fáil maidir le húsáid na mbogearraí sin. Chuir an Chomhairle tús leis an gcéad imscrúdú ar láithreán ina bhfuil ardleibhéal torainn a saináithníodh sa Plean Gníomhaíochta Torainn (NAP) 2018-2023. Is éard atá san imscrúdú ná ar chónaitheoirí a gcuireann leibhéal torainn neamh-inmhianaithe isteach orthu ó mhótarbhealach an M7, idir Acomhail 28 agus 29. Is éard a bhí i gceist leis seo ná sonraí a bhailiú le haghaidh ríomhanna torainn, samhail den chóras torainn atá ann a fhorbairt agus athbhreithniú ar mhodhanna measúnaithe costais is tairbhe le húsáid chun bearta maolaithe a bhreithniú. Rinneadh monatóireacht torainn agus próiseáladh sonraí maidir le háitribh in aice leis an M7 chun an tsamhail don chóras torainn atá ann a bhailíochtú. Cuireadh tús freisin le bailiú sonraí do mhúnla torainn do theophointe

Bhaile Choimín, in aice le mótarbhealach an M20, agus rinneadh monatóireacht torainn chun na leibhéal torainn a bhfuil súil leo a bhailíochtú.

Tá monatóir torainn suiteáilte i bPáirc an Phobail agus breithniú á dhéanamh ar áiteanna ciúin a ainmniú faoin Treoir um Thorann Comhshaoil. Athlonnaíodh monatóir torainn ar Shráid Uí Chonaill chun monatóireacht a dhéanamh ar thorann faoin NAP.



Ag ceiliúradh lá Domhanda na mBeach i Moinéar an Chorrbaile



Comhartha Gearradh Féar i bPáirc Mhungairt

SEIRBHÍSÍ UISCE

Bunaíodh Uisce Éireann in 2013 mar fhóntas uisce náisiúnta na hÉireann agus tá sé freagrach as seirbhísí uisce a sholáthar agus a fhorbairt ar fud na hÉireann. Aistríodh an fhreagracht reachtúil as oibriú an bhonneagair uisce agus fuíolluisce agus as seirbhísí uisce agus fuíolluisce a sholáthar chuig Uisce Éireann nuair a achtaíodh an tAcht um Sheirbhísí Uisce 2013. Chuir Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh Comhaontuithe Leibhéal Seirbhíse (SLA) i gcrích le Uisce Éireann. Sainmhíonann an CLS an caidreamh idir an Chomhairle agus Uisce Éireann agus beidh sé éifeachtach ó Eanáir 2014. Tá Uisce Éireann cuntasach do dhá chomhlacht rialála - An Coimisiún um Rialáil Fóntais (CRU), arb é an rialtóir eacnamaíoch do thionscal an uisce é, agus an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil (EPA) arb é an rialtóir comhshaoil é. Tá Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh fós freagrach as an gclár uisce tuaithe agus leagtar amach thíos an ghníomhaíocht sa réimse seo.

CLÁR UISCE TUAITHE 2019

Thug Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh deontais chaipitil ar luach €534,000 ar fáil i dtreo uasghrádú na Scéimeanna Uisce Grúpa atá ann cheana.

I measc na dtionscadal a rinneadh in 2019 bhí:

GWS Iarthar Luimnigh (Cróch, Cill Íde, an Cheapach agus Greanach)

Uasghrádaíodh thart ar 4km de na príomhphíobáin uisce trí choiléar sceite a athsholáthar. Feabhsaíodh bainistiú brú freisin. Laghdaíodh sceitheadh suntasach mar thoradh ar na bearta seo. Cuireadh monatóireacht ar líne ar shreafaí agus leibhéil clóirín i bhfeidhm lena soláthraíodh níos mó smachta ar leibhéil sceite agus ar cháilíocht uisce. Bunaíodh córas mapála ríomhairithe a chumasaíonn bainistíocht fheabhsaithe ar fhaisnéis na scéime. Ina theannta sin cuireadh córas teiliméadrachta i bhfeidhm chun cianrochtain ar fhaisnéis a cheadú.

Rinne GWS an Ghreanaí cinneadh cónascadh a dhéanamh le GWS Iarthar Luimnigh. Éascóidh sé seo bainistiú níos fearr ar na scéimeanna seo agus díriú éifeachtúil ar acmhainní sa todhchaí.

GWS an Bhaile Dhuibh, Bhaile an Bhrianaigh agus Bhaile an Bhagóidigh

Cuireadh méadrú uisce mórchoir i bhfeidhm ar na scéimeanna seo le linn 2019, rud a chuir ar chumas laghduithe suntasacha ar leibhéil sceite.

Cuireadh monatóireacht ar líne ar leibhéil clóirín i bhfeidhm freisin chun rialú níos fearr ar cháilíocht uisce a sholáthar.

Cill na Fíonaí

Críochnú chéim 2 d'athsholáthar criticiúil uisce agus suiteáil méadar tomhaltóra.

GWS Bhaile na Móna

Críochnaíodh suiteáil méadraithe tomhaltóirí. Éascóidh sé seo bainistíocht fheabhsaithe ar sholáthar uisce ar fud an líonra.

GWS na Bearna-Ghleann Darach

Críochnaíodh oibreacha cosanta bairr tobair agus suiteáil méadair sreafa i rith na bliana. Rinneadh iniúchadh ar an scéim freisin d'fhonn Fógra um Uisce a Fhiuchadh a bhaint tar éis na hoibreacha leighis a bheith críochnaithe.

FÓIRDHEONTAS I DTREO COSTAIS OIBRIÚCHÁIN DO GHRÚP-SCÉIMEANNA UISCE

Leis an bhfóirdheontas, soláthraítear oibríochta cúnaimh do ghrúp-scéimeanna uisce a sholáthraíonn uisce le haghaidh úsáide tí. Tá grúp-scéimeanna uisce i dteideal fóirdheontas bliantúil agus réamh-fhóirdheontas a éileamh gach bliain. Phróiseáil an Chomhairle íocaíochtaí fóirdheontais le 37 Grúp-Scéim Uisce maidir lena gcostais oibríochta in 2019 ar chostas iomlán €1,247,373.

DEONTAIS DO THOBAR PRÍOBHÁIDEACH

Phróiseáil Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh 110 deontas aonair ar chostas iomlán de €196,940 in 2019. Is é aidhm an deontais cabhrú le teaghlaigh uisce óil ar ardchaighdeán a sholáthar dá dtithe.

DEONTAIS INÍOCTHA FAOI NA RIALACHÁIN UM FHEABHSÚ LUADHE TÍ (CÚNAMH AIRGEADAIS) 2016

Tá an scéim ar fáil le cabhrú le húinéirí áitribh, a bhíonn nasctha le soláthar uisce tí, maidir le costas athsholáthair na bpiobán luaidhe nó na fearais a bhaineann leo laistigh de chóras leithdháilte inmheánach an áitribh, faoi mar atá sainmhínithe in Acht na Seirbhísí Uisce 2007. Ní mór don iarratasóir a bheith ina c(h)ónaí san áitreabh a atá mar a p(h)ríomháit chónaithe príobháideach. Phróiseáil an Chomhairle trí dheontas in 2019 ar chostas iomlán de €10,418.





Limerick

**STIÚRTHÓIREACHT
FORBARTHA POBAIL**



STIÚRTHÓIREACHT FORBARTHA POBAIL

Lean an Chomhairle lena tiomantas feabhas a chur ar cháilíocht na beatha do mhuintir agus do phobail Luimnigh i rith 2019. Tá an Stiúirthóireacht seo ar cheann de cheithre Stiúirthóireacht straitéiseacha sa Chomhairle agus tá sí i gceannas ar infheistíocht straitéiseach agus tacaíochtaí do chlár shóisialta, chultúrtha, thurasóireachta, fóillíochta agus phobail. Féachann an Chomhairle ar mhuintir agus ar phobail Luimnigh mar a hacmhainn is luachmhaire agus tugann sí tacaíocht dóibh trí chlár éagsúla pobail, sóisialta, cultúrtha agus ealaíona, fóillíocht, leabharlanna agus turasóireacht. Tacaítear le muintearas agus le tógáil áite ar fud na Stiúirthóireachta ag leibhéal straitéiseach agus ar fud ár gclár uile agus go háirithe in athnuachan uirbeach agus sráidbhaile, reiligi, seirbhísí leabharlainne agus feasacht chomhshaoil lena n-áirítear Bailte Slachtmhara. Déanann an Stiúirthóireacht na seirbhísí seo a sholáthar faoi thrí rannóg:

- Forbairt Pobail Uirbeach agus Tuaithe
- Leabharlanna, Dánlanna agus Músaem
- Turasóireacht, Cultúr agus Ealaíon

Is é an Plean Áitiúil Eacnamaíoch agus Pobail (LECP) an beartas treorach agus déanann an Coiste um Beartas Straitéiseach Pobail, Fóillíochta agus Cultúir beartais bhreise a fhorbairt. Tá ról lárnach ag an gCoiste Forbartha Pobail Áitiúil (LCDC) maidir le maoirseacht a dhéanamh ar chlár forbartha pobail i Luimneach.

FORBAIRT POBAIL UIRBEACH AGUS TUAITHE

Tá an Rannóg um Fhorbairt Pobail Uirbeach agus Tuaithe (URCD) freagrach as oibriú struchtúir an Choiste Forbartha Pobail Áitiúil (LCDC) agus an Líonra Rannpháirtíochta Poiblí (PPN). Faoi choimirce an Choiste Forbartha Pobail Áitiúil, tá an Rannóg freagrach as an bPlean Áitiúil Eacnamaíoch agus Pobail (LECP), an Clár Gníomhachtaithe Pobail um Ionchuimsiú Sóisialta (SICAP) agus an Straitéis Forbartha Tuaithe lena n-áirítear Clár LEADER an Aontais Eorpaigh agus clár uirbeacha agus tuaithe eile agus clár athnuachana. Ceann de phrionsabail threoracha na Rannóige is ea tacú le saoránaigh agus le pobail ar fud Luimnigh trí thacaíochtaí éagsúla, sruthanna maoinithe agus clár ar bhealach comhordaithe agus a léiríonn riachtanais na bpobal agus na ngrúpaí áitiúla. Tá an Coiste um Beartas Straitéiseach agus an Coiste Forbartha Pobail Áitiúil ríthábhachtach d'fhorbairt polasaithe agus páipéar seasaimh ar leith, atá lárnach do threo straitéiseach na Rannóige agus na Comhairle i gcoitinne a threorú.

COISTÍ REACHTÚLA

COISTE FORBARTHA POBAIL ÁITIÚIL (LCDC)

Reachtáil an LCDC dhá chruinniú déag i rith na bliana agus bhí sé an-ghníomhach maidir lena fheidhmeanna chomhlíonadh. Rinne an LCDC maoirseacht agus ghlac sé cinntí, nuair a bhí gá leis, maidir leis an gClár um Ionchuimsiú Sóisialta agus Gníomhachtú Pobail (SICAP), Clár LEADER an Aontais Eorpaigh agus scéimeanna deontais éagsúla. Chomh maith leis na clár thuas, cheadaigh an LCDC tionscadail faoin Scéim Feabhsúcháin Pobail, Éire Shláintiúil agus d'fhorbair sé páipéir seasaimh faoi cheannteidil éagsúla. Críochnaíodh athdháileadh buiséad laistigh de théamaí an Chláir LEADER mar fhreagairt ar riachtanais na hearnála pobail. Bronnadh leithdháileadh breise de €500,000 don Chlár LEADER i Ráithe 4 2019 ar an LCDC mar cheann de na ceithre Ghrúpa Gníomhaíochta Áitiúla LEADER is fearr a fheidhmíonn sa tír. Tionóladh cruinnithe foghrúpaí freisin maidir le meastóireacht, monatóireacht agus pleanáil SICAP, cúrsaí oibríochta LEADER, Luimneach Sláintiúil agus meastóireacht ar iarratais ar scéimeanna deontais éagsúla.

AN COISTE COMHAIRLEACH ÁITIÚIL UM CHÓIRÍOCHT DON LUCHT SIÚIL (LTACC)

Tháinig An Coiste Comhairleach Áitiúil um Chóiríocht don Lucht Siúil le chéile faoi dhó le linn 2019. Ar bhallraíocht an choiste tá Comhaltai Tofa, baill de Phobal an Lucht Siúil agus oifigigh. Déanann sé cóiríocht agus tacaíochtaí gaolmhara don Lucht Siúil a bhreithniú. In 2019, bhreithnigh an Coiste tograí éagsúla maidir le Cóiríocht don Lucht Siúil agus bearta um shábháilteacht dóiteáin a sholáthar i gCóiríocht Sonrach don Lucht Siúil. Críochnaíodh ullmhúchán Clár nua um Chóiríocht don Lucht Siúil don tréimhse 2019-2023 tar éis próiseas comhairliúcháin phoiblí agus cuireadh faoi bhráid na Comhairle lomláine é lena bhreithniú. Ghlac na Comhaltai Tofa an Clár Cóiríochta i mí Mheán Fómhair 2019.

RANPHÁIRTÍOCHT AN PHOBAIL

Tá rannpháirtíocht na bpobal rithábhachtach i seachadadh seirbhísí ag an Stiúrthóireacht agus baineadh an rannpháirtíocht seo amach in 2019 trí struchtúir chumarsáide fheabhsaithe trí Chomhaltai Tofa, grúpaí pobail, eagraíochtaí comhpháirtíochta ar nós an trí Chuideachta Forbartha Áitiúla, asraonta meán, lena n-áirítear na meáin shóisialta agus an Líonra Rannpháirtíochta Poiblí. Mar thoradh ar an bpróiseas rannpháirtíochta pobail chuaigh an Rannóg i dteagmháil le go leor pobail agus daoine aonair ar fud Luimnigh agus thug sí tacaíochtaí dóibh faoi chlár agus scéimeanna deontais éagsúla i rith na bliana.

PRÍOMH-CLÁRANNA / SRUTHANNA MAOINITHE

AN CLÁR UM CHUIMSIÚ SÓISIALTA AGUS UM GHNÍOMHAÍOCHTÚ POBAIL (SICAP)

Rinne an LCDC maoirseacht ar sheachadadh an chlár SICAP, (€ 2.2 milliún in aghaidh na bliana) agus cheadaigh sé íocaíochtaí leis an trí Chuideachta Forbartha Áitiúla ar conradh chun an clár a sheachadadh i Luimneach. Fógraíodh méadú de 3% don Chlár SICAP 2020 agus cuideoidh sé seo tuilleadh le gníomhaíochtaí um chuimsiú sóisialta a sheachadadh faoi dhá sprioc:

Sprioc a hAon: Tacú le pobail agus le grúpaí pobail áitiúla

Sprioc a Dó: Tacú le daoine aonair atá i mbaol eisiaimh shóisialta nó shóisialta nó atá coinnithe amach le céimeanna a aithint agus a ghlacadh le feabhas a chur ar chaighdeán a mbeatha agus a bhfoláine agus le rochtain a fháil ar dheiseanna foghlama ar feadh an tsaoil.

CLÁR LEADER AN AONTAIS EORPAIGH (2014-2020)

Cuireadh seachadadh Chlár LEADER an Aontais Eorpaigh (€ 9.276 milliún) chun cinn in 2019 agus leanadh ag lorg iarratais ó ghrúpaí sainleasa Comhphobail agus sainiúla tar éis sraith imeachtaí faisnéise poiblí agus comhairliúcháin. Bronnadh €500,000 breise ar mhaoiniú LEADER 2014-2020 ar Choiste Forbartha Pobail Áitiúil Luimnigh mar an Grúpa Gníomhaíochta Áitiúil (LAG) chun Clár LEADER an Aontais Eorpaigh a sheachadadh. Bhí sé seo mar thoradh ar fheidhmíocht Chlár LEADER an Aontais Eorpaigh i Luimneach a bhí rangaithe sna ceithre cinn is fearr sa tír i dtéarmaí seachadta.

Tá an maoiniú breise seo le húsáid ar fud téamaí éagsúla i leith tionscadal atá ceadaithe le maoiniú ag an LAG tar éis 1 Deireadh Fómhair 2019. I rith na bliana, tar éis do Choistí Meastóireachta Neamhspleácha measúnú tionscadail a dhéanamh, cheadaigh an LCDC 29 tionscadal ar luach €1.83 milliún. Ag deireadh 2019, b'ionann leithdháileadh iomlán na gcistí LEADER do thionscadail agus 85% den bhuiséad iomlán. Leithdháileadh maoiniú freisin ar Thionscadail Tionscnaimh Bia, agus ar Thionscadal comhair atá ina chomhthionscadal le LCDCanna eile.

AN CISTE FORBARTHA ATHBHEOCHANA TUAITHE (RRDF)

Chomhordaigh an Stiúrthóireacht Forbartha Pobail ullmhúchán iarratas maoinithe chuig an gCiste Forbartha Athbheochana Tuaithe (RRDF), an creat maoinithe do thionscadail mhórsála i bhforbairt tuaithe faoin gCreat Pleanála Náisiúnta, Éire 2040. I gcomhar le Cuideachta Forbartha Bhealach Eabhra, Acmhainní Iarthar Luimnigh agus grúpaí reachtúla agus pobail eile, cuireadh cúig iarratas ar thionscadal Chatagóir 1, "réidh le sluasaid", ó Luimneach chuig an RRDF in Aibreán 2019 ach níor éirigh leo maoiniú a fháil. Faoin gcéad bhabhta de fhormheasanna tionscadail sa RRDF (2018), cheadaigh an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail trí thionscadal "réidh le sluasaid" de Chatagóir 1, eadhon: Glasbhealach Mór an Deiscirt Luimnigh faoi stiúir Chomhairle Cathrach agus Contae Luimnigh; Ionad Pobail Ilchuspóireach Mhaigh Rua-An Bhóthair agus Mol Áitiúil Ghleann Bruacháin, a bhí faoi threoir Fhorbairt Bhealach Abhra. Bogadh na tionscadail seo, le luach comhcheangailte de € 7.167 milliún, ar aghaidh chun na céime chur i bhfeidhm in 2019. Go déanach in 2018, ceadaiodh €330,000 breise do thionscadal Chatagóir 2, Geata Turasóireachta Iarthar Luimnigh, dírithe ar fhorbairt turasóireachta i lár bhaile an Chaisleáin Nua. Bronnadh an maoiniú ar phlean staidéir agus margaíochta cuimsitheach, dearadh teicniúil, pleanáil agus oibreacha cumasaithe d'fhonn tionscadal athghiniúna ar mhórsála a phleanáil agus a fhorbairt sa Chaisleán Nua agus tá na gníomhaíochtaí seo ar siúl anois.

SCÉIM BHONNEAGAIR ÁINEASA LASMUIGH (ORIS)

Faoin Scéim Bonneagair Áineasa Allamuigh (ORIS) 2019, bhronn an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail (DRCD) € 27,772 ar Chomhairle Cathrach agus Contae Luimnigh i gcomhar le Forbairt Bhealach Abhra agus Acmhainní Iarthar Luimnigh.

Bhí sé seo le haghaidh sé thionscadal agus tacóidh an maoiniú deontais seo le siúlbealaí / cosáin faoin tuath i Luimneach tuaithe. Is iad sin Mol Cheann Conair Ghleann na gCreabhar, Páirc Éiceolaíochta Chill Íde, An Sliabh Riabhach, Siúlóid Abhann Molanna, Siúlóid Phortaigh Bhaile Uí Argáin / Bhaile na gCríostúnach agus conair Siúlóide Oidhreacht an Ghleanna. tacú le forbairt bonneagair áineasa lasmuigh nua agus cothabháil, feabhsú nó cur chun cinn riachtanach an bhonneagair áineasa lasmuigh atá ann cheana i gceantair thuaithe.

SCÉIM ATHNUACHANA BAILE AGUS SRÁIDBHAILE

D'éirigh le Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh maoiniú a fháil ón Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail do naoi dtionscadal in 2019. Fuarthas €585,101 san iomlán ón Roinn agus le ranniocaíochtaí pobail, rinne sé seo foráil d'infheistíocht fhoriomlán os cionn €881,375.00. Ba iad na tionscadail rathúla ná Eas Géitine, Baile an Gharraí, Béal an Átha, Drom Collachair, Cill Tíle, agus Maigh Rua - An Bóthar.

AN CLÁR FEABHSÚCHÁIN POBAIL (CEP)

In 2019, fuair an Chomhairle €180,000 chun cabhrú le pobail agus grúpaí i gceantair faoi mhíbhuntáiste chun a bpobail féin a fheabhsú faoin Scéim Feabhsúcháin Pobail. Tugadh cúnadh do chéad fiche ghrúpa, lena n-áirítear Botháin na bhFear faoin scéim seo. Chabhraigh an scéim seo leis na grúpaí oibreacha caipitil a chur i gcrích le suas le huasmhéid de €20,000 chun a gceantair féin a fheabhsú.



Bailte Slachtmhara an Bhrú

CLÁR AN CHLÁIR.

In 2019, fuarthas €95,000 faoi Chlár an Chláir i Luimneach, le haghaidh dhá thionscadal, fuair Scoil Náisiúnta Ard Pádraig €45,000 agus fuair Comhairle Pobail Thuar na Fola €50,000. Diríonn an scéim seo ar infheistíocht i gceantair ainmnithe tuaithe ina bhfuil dídhaonrú suntasach do thionscadail chaipitil bheaga.

SCÉIM BÉILÍ SCOILE

Soláthraíonn an Clár Béilí Scoile bia cothaitheach rialta do leanaí atá ag freastal ar scoileanna um Chomhionannas Deiseanna sna Scoileanna a Sheachadadh (DEIS). Cuireadh € 124,000 san iomlán ar fáil don scéim agus chuidigh Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh i gcomhar leis an Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Cosanta Sóisialta le 14 bunscóil DEIS faoin scéim in 2019.

COMHAIRLE NA NÓG

Tháinig an 30 ball (19 bean, 11 fear) de Chomhairle na nÓg Luimnigh le chéile i rith 2019 agus d'oibrigh siad i gcomhar le páirtithe leasmhara éagsúla ar an téama roghnaithe a bhaineann le Easpa Dídine. Chuir baill na comhairle campa samhraidh ar fáil do dhaoine óga gan dídean i Luimneach i mí Lúnasa. Reáchtáil na baill freisin tiomsaitheoir airgid cath beolbheachtaithe do Novas agus reáchtáil siad tráthnóna faisnéise agus seisiún Ceist agus Freagraí ar easpa dídine.

Ghlac na baill páirt i bhforbairt an tionscnaimh "Ní Tharainn", agus tháinig siad chun bheith ina bpríomhpháirtí straitéiseach san fheachtas. Thairfead siad físeán trí nóiméad freisin ar an obair a rinne baill na Comhairle. Scaipeadh an físeán seo go forleathan ar na meáin shóisialta. Ghlac ionadaithe ó Chomhairle Luimnigh páirt i nDáil na nÓg 2019, a tionóladh i dTeach Laighean. Ag Cruinniú Ginearálta Bliantúil 2019, roghnaigh baill na Comhairle an téama Meabhairshláinte don Aos Óg do 2020.

Coiste Stiúrtha Chomhairle na nÓg, comhdhéanta de chomhaltaí a dhéanann ionadaíocht ar Chomhairle Cathrach agus Contae Luimnigh, Tusla, Feidhmeannach na Seirbhíse Sláinte, Seirbhís Óige Luimnigh, Forbairt Bhealach Abhra, Acmhainní Iarthar Luimnigh, Comhpháirtíocht Paul, Foróige, Bord Oideachais agus Oilíúna Luimnigh agus an Chláir, Ollscoil Luimnigh, Treoshuíomh Inscne Sláinte Ghnéis VEID, an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige, mar aon le beirt ionadaí ón gComhairle í féin. Tacaíonn sé leis na baill na gníomhartha don téama a fhoirmiú. Tháinig Coiste Stiúrtha Chomhairle na nÓg Luimnigh le chéile ceithre huair le linn 2019 agus tá tiomantas tugtha tar éis na naisc dearfacha atá brionnaithe idir an Chomhairle, Luimneach Aoisbháil agus Luimneach Sláintiúil in 2019.

FOGHLAIM AR FEADH AN TSAOIL LUIMNEACH

Is fóram comhpháirtíochta é Grúpa Stiúrtha Foghlama Luimnigh a thugann líonraí agus comhpháirtíochtaí eanála le chéile agus atá tiomanta do chultúr foghlama a chruthú i Luimneach. Tá sé comhdhéanta de chomhpháirtithe reachtúla, forbartha áitiúla, gnó, pobail agus na hearnála deonaí a bhfuil ról acu uile san Foghlaim i Luimneach. Is í aidhm Foghlaim Luimnigh luach na foghlama a chur chun cinn i Luimneach, i measc gach aoisghrúpa, le heolas a roinnt a chuireann feabhas ar fhoghlaim eagraíochtúil na mball agus na gcomhpháirtithe, agus tacú le réimse de líonraí agus de ghrúpaí eanála ina n-iarrachtaí a bheith páirteach le pobail maidir le foghlaim ar bhealach dearfach. Le Plean Straitéiseach Foghlama Luimnigh 2018 - 2022, cinntítear go mbeidh na hinniúlachtaí, na scileanna agus na dearcaí atá riachtanach don 21ú haois feistithe do dhaoine áitiúla, agus go mbeidh an fhoghlaim lárnach i gcáilíocht na beatha, áit ar féidir le daoine a bheith ag súil le saol níos faide, níos sláintiúla agus níos táirgiúla.

Ghlac toscaireacht as Luimneach páirt sa cheathrú Comhdháil Idirnáisiúnta ar Chathracha i mbun Foghlama. Ba é téama na comhdhála 'Ionchuimsiú - Prionsabal don fhoghlaim ar feadh an tsaol agus cathracha inbhuanaithe' agus tionóladh é i Medellín, an Cholóm. Tá 170 ball gníomhach ó 53 tír i ngach réigiún den domhan i Líonra Domhanda Cathracha Foghlama UNESCO. Chuir gach cathair sa líonra, lena n-áirítear Luimneach, beartais agus cleachtais éifeachtacha foghlama ar feadh an tsaol i bhfeidhm a thacaíonn le forbairt cathracha uilechuimsitheacha, sábháilte, athléimneacha agus inbhuanaithe agus a chuireann le Clár Oibre 2030 um Fhorbairt Inbhuanaithe.

TIONSCNAIMH IONCHUIMSITHE

Bhí Grúpa Oibre Ionchuimsithe Luimnigh (IWG) ar thús cadhnaíochta maidir le comhtháthú na bpobal imirceach i Luimneach a chur chun cinn. Ó ghlac an Chomhairle "Belonging to Limerick 2018-2022" go foirmiúil, tá obair mhaith déanta ar chur i bhfeidhm na gcuspóirí a leagtar amach inti. Is sampla é an IWG den chaoi ar féidir le comhar idir an t-údarás áitiúil, comhlachtaí stáit, gníomhaireachtaí pobail agus deonacha a bheith éifeachtach agus torthaí níos fearr a bhaint amach do gach duine áitiúil agus imirceach, a bhfuil cónaí orthu i Luimneach. Is é aidhm phlean agus obair an IWG tacú le forbairt Luimnigh dhinimiciúil agus éagsúil a chinntíonn gur féidir le gach duine páirt iomlán a ghlacadh i saol sóisialta, cultúrtha agus eacnamaíoch Luimnigh. Tá Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh ina ball lárnach de Chlár Cathracha Idirchultúrtha Chomhairle na hEorpa agus lean sí ar aghaidh lena tiomantas tacú lenár bpobail nua in 2019 agus dhírigh sí ar bhuntáiste éagsúlachta.

Bhí an Chomhairle i dteagmháil le hionadaithe sinsearach den phobal Suíceach chun ócáid chomórtha a óstáil i gcuimhne ar Max Arthur MacAuliffe. Ba as Móin na Gaoithe ó dhúchas Max MacAuliffe (1841 - 1913), a bhog go Teampall an Ghleanntáin ag aois an-óg nuair a ghlac a athair ról an Mháistir sa scoil náisiúnta áitiúil. Lean Max ar aghaidh le bheith ar cheann de na húdarais is mó le rá maidir le Suíceachas agus go dtí an lá atá inniu ann tá ard-mheas air i measc na Suíceach ar fud an domhain. I mí Mheán Fómhair 2019, nocht Ambasadóir Indiach chun na hÉireann plaic mar chuimhne air, A Shoilse an tUasal Sandeep Kumar. Tá an plaic suite ar thailte Scoil Náisiúnta Theampall an Ghleanntáin.

LÁ NA HAFRAICE

Tar éis tosú mar imeacht lae naoi mbliana ó shin, tá sé anois ina imeacht de 10 lá, ag ceiliúradh comhleá chultúir na hAfraice atá tar éis teacht le chéile agus atá mar chuid de shaol Luimnigh. Bhí na himeachtaí, arna gcómhaoiniú ag Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh agus an Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála, ar siúl i mBealtaine 2019. D'éagraigh baill de phobal na hAfraice na himeachtaí, le tacaíocht ó Chomhairle Cathrach agus Contae Luimnigh. Mar chuid de ghníomhaíochtaí na féile, reáchtáladh raon imeachtaí saor in aisce do theaghligh, in áiteanna éagsúla ar fud Luimnigh. I measc na n-imeachtaí a bhíonn an-tóir orthu go rialta bhí an Lá Spraoi Teaghligh agus i mbliana, cuireadh imeacht peile idirnáisiúnta leis an bhféilire.

MÓRTAS ÁITE

Leis an gcomórtas Mórtas Áite, tugtar aitheantas don obair a dhéanann pobail gach lár ar fud oileán na hÉireann. Léiríonn pobail a gcomhpháirtíocht lena gcomhairle áitiúil agus léiríonn siad go mbíonn gach eanáil dá bpobal áirithe sna gníomhaíochtaí agus sna tionscadail a bhíonn ar bun acu Fógraíodh Mainistir na Féile mar an dara háit sa Chatagóir Daonra de 2,000 - 5,000 atá an-iomaíoch ag Dámhachtainní Mhórtas Áite an IPB a tionóladh i gCill Chainnigh an 30 Samhain 2019. Bhí Comhairle Pobail Mhainistir na Féile ar cheann de na heagraíochtaí pobail lena n-áirítear Cumann Teachíní an Bhaile Nua, Clár Aidhne; Bothán na bhFear Naomh Muire, Sráid San Nioclás agus Ionad Cúraim Lae Naomh Mícheál, an Cheapach Mhór a bhí sa bhabhta ceannais do Luimneach ag na Dámhachtainní Mhórtas Áite.

LUIMNEACH SLÁINTIÚIL

D'éirigh le Coiste Forbartha Pobail Áitiúil Luimnigh a n-iarratas ar €246,000 de mhaoiniú Éire Shláintiúil a fháil chun raon tionscnamh a chur chun cinn a chuirfidh tosaíochtaí chun cinn sa Phlean Áitiúil Eacnamaíoch agus Pobail (LECP) agus in Éire Shláintiúil idir Iúil 2019 agus Meitheamh 2021. Tógadh an clár oibre seo, bunaithe ar an obair agus na gníomhartha a rinneadh



Ionad Pobail Mhainistir na Féile

in 2019 lena n-áirítear scéim deontas beag a thabhairt i gcrích d'ocht ngrúpa áitiúla agus ceithre ghníomh idirghníomhaireachta a chuireann sláinte fhisiciúil, mheabhrach agus shóisialta chun cinn.

Cuireadh tacaíocht ar fáil do Choiste Seirbhísí Leanaí agus Daoine Óga Luimnigh chun na cúig ghníomh a chuireann sláinte agus folláine shaoránaigh níos óige Luimnigh chun cinn agus chun iarratas rathúil a dhéanamh ar €128,050 ar chúig ghníomh thar 2019-2021. Táimid Báúil do Beathú Cíche Luimneach a bhuaige Gradaim Pobail agus Comhairle na hÉireann 2019 agus tugadh an branda agus an coincheap go foirmiúil d'Éire Shláintiúil chun a mhacasamhlú ar bhonn náisiúnta. Áiríodh i roinnt contaetha Táimid Báúil do Beathú Cíche mar ghníomh ina gcuid pleananna arná maoiniú ag Éire Shláintiúil in 2019. Cuireadh Not Around Us, mar thacaíocht do Thobac Saor in Aisce na hÉireann, san áireamh freisin i roinnt pleananna contae sláintiúla áitiúla tar éis a fhorbartha agus a chur i bhfeidhm i Luimneach le linn 2019.



Imeacht Aoisbháúil

AOISBHÁÚIL

Lean Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh ag tacú leis an gClár Aoisbháúil Luimnigh i rith 2019. Is é an Clár Aoisbháúil an guth do dhaoine aosta i Luimneach. Fostaítear an Clár Aoisbháúil Luimnigh ar leibhéal idirghníomhaireachta chun maoirseacht a dhéanamh ar an gcur i bhfeidhm Straitéise Aoisbháúla Luimnigh 2015-2020. Ba é 2019 an comóradh deich mbliana ó bunaíodh an chéad Chlár Aoisbháúil in Éirinn agus bhí sé tráthúil gur thug an Eagraíocht Dhomhanda Sláinte (EDS) aitheantas oifigiúil don obair a rinneadh chun Clár Aoisbháúil a bhunú i ngach limistéar údaráis áitiúil sa tír. Ag ócáid a óstáil i gCaisleán Bhaile Shláine, Co. na Mí, i mí na Nollag, d'aithin an EDS Éirinn go hoifigiúil mar an chéad tír Aoisbháúil ar domhan. Ag an ócáid, bhronn Oifigeach Alana Uasal ón EDS agus an Taoiseach, an tUasal Leo Varadkar teastas ar Luimneach a thacaíonn le hAois ag aithint ár mballraíochta i Líonra Domhanda WHO de Chathracha agus Pobail Aoisbháúla. Mar chuid dá thiomantas, d'óstáil Aoisbháúil Luimnigh "cruinniú" in 2019. Tugadh cuireadh do Dhaoine Scothaosta ó gach cearn den chathair agus den chontae freastal ar sheisiún lae chun foghlaim faoin obair atá á déanamh ag foireann an Chláir Aoisbháúil. Rinne roinnt príomhpháirtithe leasmhara cur i láthair ar an lá, agus bhí deis ag an 120 duine a bhí i láthair líon mór seastáin a bhrabhsáil sa limistéar taispeántais.

I measc cuid de na príomhthionscadail Aoisbháula a rinneadh in 2019 bhí:

- Táibléad Acorn (Táibléad atá furasta le húsáid, atá deartha do dhaoine scothaosta chun cabhrú leo fanacht ceangailte lena bpobal, agus chun uaigneas agus aonrú sóisialta a laghdú) Clár píolótach 12 seachtaine - Eanáir go Márta - ghlac 31 duine aosta ó gach cearn de Luimneach páirt ann. Cuireadh rannpháirtí amháin ar an ngearrliosta d'Aoisghníomhaíocht, Dámhachtainí Náisiúnta 'Silver Surfer' na Bliana 2019
- PLACE - EE (Tionscadal idirnáisiúnta, arna mhaoiniú ag Clár an Fhorimill Thuaidh agus an Artaigh, atá dírithe ar réitigh nuálacha a sholáthar ar iargúlacht tuaithe, trí litearthacht TFC a thógáil do shaoránaigh aosta atá ina gcónaí i gceantair tuaithe nach bhfuil mórán daonra ann, trí mhalartú idirghlúine) clár idirghlúine 12 seachtaine le 30 duine aosta as Iarthar Luimnigh agus 30 mac léinn idirbhliana ó Choláiste Desmond, An Caisleán Nua Thiar.
- Uirlis mapála a dhearadh agus a fhoilsiú chun acmhainní pobail agus rannpháirtíocht a mheas.
- Treoirilínte dea-chleachtais a dhréachtú maidir le comhghuaillíochtaí pobail a fhorbairt do shaoránaigh aosta i gceantair iargúlta nach bhfuil mórán daonra iontu.
- Múnla bunaithe ar na healaíona a fhorbairt chun riachtanais agus sócmhainní daoine scothaosta scoite a mheas.
- Uirlis oideachais a fhorbairt do dhaltai óga ar riachtanais agus sócmhainní sláinte agus sóisialta saoránach aosta.
- Foireann uirlisí a fhorbairt chun tionscadail Malartú Scileanna idirghlúine a bhunú a thabharfaidh aghaidh ar riachtanais daoine scothaosta maidir le scileanna TFC agus úsáid idirlín.
- Cartlann idirnáisiúnta ar líne a bhunú d'oidhreacht chultúrtha, eolas agus scileanna a chruthaigh rannpháirtithe níos sine atá ar an gclár.

CLÁR OILIÚNA AR THITHÍOCHT AGUS RÉIMSE POIBLÍ

Seisiún oiliúna leathlae ar fhreastail 41 ball foirne de Chomhairle Cathrach agus Contae Luimnigh air, ag tabhairt deis do rannpháirtithe foghlaim faoi ábhar nua agus atá ann cheana a bhaineann le tithíocht, ag tarraingt ar phrionsabail dearaidh uilíocha agus ag tagairt do riachtanais Foirgníochta Chuid M.

Bhí an chuid Réimse Poiblí den oiliúint dírithe go sonrach ar chleachtais Aoisbháula maidir le suíocháin phoiblí, áiseanna leithris, páirceáil, trasrianta do choisithe, páirceanna agus spásanna glasa, iniúchtaí siúlóide.

DÁMHACHTAINÍ RANPHÁIRTÍOCHTA AOISBHÁULA

Bhronn Aoisbháuil Luimnigh "Dámhachtainí Rannpháirtíochta Aoisbháula" ar bheirt dhalta ó Choláiste Desmond, An Caisleán Nua Thiar. Bronnadh na gradaim ar mhic léinn a bhain sármhaitheas amach ina gcuid rannpháirtíochta sna ceardlanna idirghlúine PLACE - EE a reáchtáiltear thar thréimhse trí mhí.

CUR I LÁTHAIR AG COMHDHÁLACHA/IMEACHTAÍ

Thug an Clár Aoisbháuil cur i láthair do roinnt eagraíochtaí, go háitiúil, go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta in 2019 lena n-áirítear na grúpaí seo a leanas:

- Fjardabygd Kommune, an Íoslainn
- Comhdháil Bhliantúil Chumann Altraí Geirinteolaíochta na hÉireann
- Líonra Rannpháirtíochta Pobail Luimnigh
- Fóram Náisiúnta um Shábháilteacht Tuaithe, Baile Átha Cliath
- 8ú Fóram Idirnáisiúnta Aoise, Dubai
- Rialtas Sharjah, Aontas na nÉimíochtaí Arabacha
- PLACE - Ócáid idirnáisiúnta Showcase EE, Luimneach
- Cláir Aoisbháula Chathair agus Chontae na Gaillimhe
- Macra Na Feirme Chromadh

CUR CHUN CINN/COMHOIBRÍÚ/DÁMHACHTAINÍ

I gcomhar le hIonad Pobail Aoisbháuil Pharóiste Mhainchín, rinne Aoisbháuil Luimnigh comhóstail ar roinnt damhsaí tae do sheanáirí Luimnigh. Reáchtáladh na ceithre imeacht i bPáirc Thuamhan agus d'fhreastail 250 duine ar an meán ar gach ceann acu.

D'óstáil baill d'Fheidhmeannas na nDaoine Scothaosta, le tacaíocht ón gComhairle, seastán ag roinnt imeachtaí lena n-áirítear an ócáid Taispeántas PLACE - EE agus seoladh na Seachtaine um Aosú Dearfach.

Ghlac Aoisbháuil Luimnigh páirt i ngrúpaí oibre éagsúla ar leibhéal náisiúnta lena n-áirítear Tithíocht le Tacaíochtaí do Dhaoine Scothaosta, an Clár Náisiúnta um Thithíocht um Aosú Cliste, an Fóram Náisiúnta do Gheallsealbhóirí, Gníomhaíocht Fhisiciúil agus Daoine Scothaosta, an Grúpa Shláinte Cnámh Affinity, Seaimpíní Pobail Néaltraithe agus an Coiste Eagrúcháin don Coinbhinsiún Bliantúil Chomhairlí do Dhaoine Scothaosta na hÉireann.

Cuireadh Aoisbháuil Luimnigh ar an ngearrliosta i dhá chatagóir ar leithligh do na Dámhachtainí Náisiúnta um Aitheantas Aoisbháuil 2019, agus rinneadh trácht mór uirthi sa Chatagóir Tithíochta d'Fhorbairt Tithíochta Cúirt Colivet do dhaoine scothaosta agus bhuaigh sí an chatagóir TF don chlár Píolótach Táibléad Acorn a reáchtáladh i gcomhar lenár gcomhghleacaithe i Comhairlí Contae Fhine Gall agus na Mí.

Cuireadh Luimneach Aoisbháuil ar an ngearrliosta do Ghradam Sármhaitheasa sa Rialtas Áitiúil 2019 don Thaibléad Acorn.

COMHPHÁIRTÍOCHT SPÓIRT LUIMNIGH (LSP)

Is iad trí phríomhfheidhm an LSP daoine agus pobail a Chur ar an Eolas, a Mhúineadh agus a Chumasú le bheith gafa le gníomhaíochtaí fisiciúla.

In 2019 ghlac os cionn 21,000 rannpháirtí páirt i gcláir, imeachtaí agus tionscnaimh oideachais i rith na bliana. I measc na gclár a chuir LSP ar fáil fuarthas maoiniú de os cionn €1.1 milliún euro ó iliomad foinsí agus earcaíodh 427 rannpháirtí ag ceithre Mhol i gCathair Dháibhín, Cromadh, an Caisleán Nua agus An Clochán don chlár Move for Life. Reáchtáladh an clár seo i gcomhpháirtíocht le Feidhmeannas na Seirbhíse Sláinte, Ollscoil Luimnigh, Ollscoil Náisiúnta na hÉireann, Gaillimh agus LSP an Chláir agus fuair sé maoiniú €420,000 chun cúrsaí um Ghníomhaíocht Fhisiciúil i measc daoine scothaosta a iniúchadh thar thréimhse 24 mhí.

Foilseofar an tuarascáil dheiridh i mí Aibreáin 2020 le comhdháil i Luimneach inar cuireadh gníomhaíocht choirp chun cinn ón gcohort de dhaoine atá 50 bliain d'aois nó os a chionn. Ghlac 11,000 duine páirt i gcláir Mná ar Rothaí, Clár Lúthchleasaíochta halla Spóirt, Oilíúint Scoileanna do Rith Mór Luimnigh, clár OL 'Sport Kids Run for Fun' agus Fir ag Bogadh. Ina theannta sin, tugadh faoi dhá lá Cumas Spóirt, agus ghlac 600 rannpháirtí faoi mhíchumas páirt ann. D'fhreastail 36 dalta na hidirbhliana as 17 scoil éagsúil ar an gClár VIP (Rannpháirtíocht Spreagtha ag Oibrithe Deonacha). Roghnaíodh iad seo as 240 iarratasóir. Chuir LSP sé chúrsa Garchabhrach Sláinte Meabhrach ar fáil do 120 oibrí óige, éascaitheoir, múinteoirí agus ball foirne cúraim in 2019.

Forbraíodh Aip Siúlóid Pobail ag 12 láithreán ar fud Luimnigh agus bhí níos mó ná 100 siúlóid fhíoriúil ar fáil le hiniúchadh agus forbraíodh an Aip Siúlóid Eachtraíochta mar Leagáid ar an gClár Beat the Street. Fuair an LSP €150,000 trí Chuntais Díomhaoine do thionscadail mhol ceannaireachta agus spóirt pobail. Is iad na moil ná Cromadh agus Garraí Eoin, a éascaíonn teagmháil le rannpháirtithe ag comhordaitheoir spóirt éascaithe thar thréimhse cúig bliana.

Chuaigh an LSP i dteagmháil le 150 mac léinn ó Ranna Corpoideachais agus Eolaíochta Spóirt Ollscoil Luimnigh, Coláiste Mhuire gan Smál, cúrsaí spóirt Institiúid Teicneolaíochta Luimnigh agus an Clár Fochéime Fisiteiripe in Ollscoil Luimnigh. Cuireadh na mic léinn seo i ngrúpaí pobail spriocdhírthe chun idirghabhálacha gníomhaíochta corpartha agus folláine a sholáthar thar thimthriallta 8-10 seachtaine. Áiríodh ar na spriocghrúpaí seo daoine fásta níos sine, seirbhísí óige, seirbhísí sláinte meabhrach agus grúpaí pobail i gceantair faoi mhíbhuntáiste ar fud Luimnigh.

Tá ceithre rith Páirce i Luimneach anois sa Chaisleán Nua, Ollscoil Luimnigh, Mungairit agus rith páirce sóisir i bPáirc Shíol Bhroin agus leanann siad de níos mó ná 300 reathaí agus siúlóir a mhealladh gach Satharn.

CLÓIS SÚGARHA POBAIL

Lean an Chomhairle ag tacú le clóis súgartha pobail sa chathair agus sa chontae in 2019. Tá 19 clós súgartha pobail rannpháirteach sa Scéim Cúnaimh. Tá siad lonnaithe i mBaile an Gharraí, Béal an Átha, an Brú, Cromadh, Cathair Chinn Lis, Dún Bleisce, Tuar an Dail, Faing, An Gallbhaile, an Gleann, an tOspidéal, Leamhchoill, Cill Fhionáin, Cill Íde, Maigh Rua, an tSeanphailís, Pailís Chaonraí, Seanghualainn agus Ráth Caola. Osclaíodh clóis súgartha pobail Chill Íde agus Sheanghualann in 2019. Maoiníodh forbairt na gclóis súgartha trí mhaoiniú Athnuachan Baile agus Sráidbhaile agus Clár. I mí an Mheithimh 2019, d'fhreastail 32 ionadaí Pobail ar oilíúint chigireachta chun na hionadaithe a dheimhniú chun cigireachtaí seachtainiúla ar Chlóis Súgartha Pobail a chur i gcrích.

FEASACHT COMHSHAOIL

Is príomhchuspóir de chuid Chomhairle Cathrach agus Contae Luimnigh rannpháirtíocht an phobail i gcur chun cinn agus i bhfeabhsú na timpeallachta áitiúla a chur chun cinn. Tagann an spiorad pobail seo chun tosaigh in imeachtaí ar nós Feachtas Glantacháin Fhoireann Luimnigh, Glantachán Náisiúnta Earraigh agus Deontas & Comórtas Feabhsúcháin Chomhshaoil, Luimneach Ag Dul don Óir.

COMÓRTAS NÁISIUNTA NA MBAILTE SLACHTMHARA

Ghlac caoga a naoi ngrúpa as Luimneach páirt sa Chomórtas Náisiúnta Bailte Slachtmhara in 2019. Bhuaigh Áth Dara Bonn Airgid agus duais Chontae Luimnigh. Bronnadh Boinn Cré-umha ar Chathair Luimnigh, An Gallbhaile, Ard Phádraig, Cill Mocheallóg, An Caisleán Nua Thiar agus Caisleán Uí Chonaill i gcomórtas na bliana seo, gradam ardmholta ag an nGallbhaile agus gradam molta ag Ard Phádraig. Fuair Bailte Slachtmhara Bhaile Uí Argáin an Gradam d'Iarracht Speisialta. Reáchtáil Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh an seimineár bliantúil Bailte Slachtmhara i mí an Mhárta chun tacú le grúpaí lena n-íarratas ar 2019.

COSC AR DHRAMHAÍL

Réimse gníomhaíochtaí agus imeachtaí, faoin gceanteideal Cosc ar Dhramháil 'Smaoinimis faoi Thomhaltas' Tionóladh é in Ionad Siopadóireachta Parkway don Mhí Náisiúnta um Athúsáid. Tugann 'Smaoinimis faoi Thomhaltas' dúshlán dúinn smaoineamh ar an méid a úsáideann muid, sinn a thabhairt níos faide ná an smaoineamh 'laghdú, athúsáid agus athchúrsáil', chun dramháil a chosc ar an gcéad dul síos.

Tá níos mó ná 70 gnó anois mar chuid den fheachtas refill.ie, a bhfuil sé mar aidhm aige sconna uisce óil a chur chun cinn agus úsáid buidéal phlaisteacha aonúsáide a chosc.

San fhíseán **Damhsa do na hAigéin** deirtear ‘Níl!’ do bhuidéil Úsáide Aonair agus chuaigh Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh i gcomhpháirtíocht le hAcadamh Damhsa Luimnigh chun cosc dramhaíola a spreagadh. Is é an teachtaireacht ‘Damhsa do na hAigéin’ ná ‘níl’ a rá le buidéil phlaisteacha inniu agus aigéin an lae amárach a shábháil.

Taispeántas Smaoinigh - i gcomhar le Coláiste Breisoideachais Luimnigh agus Leabharlann Chathair Luimnigh agus Leabharlann Chill Mocheallóg dírithe ar dhaoine a chur ag smaoineamh chun úsáid a bhaint as earraí aon úsáide mar chupáin caife indiúscartha, buidéil phlaisteacha.

CLUICHE CEANNAIS LUIMNEACH AG DUL DON ÓR
Reáchtáladh Cluiche Ceannais Cluiche Ceannais Luimneach Ag Dul don Ór an 8 Deireadh Fómhair 2019 le duaischiste iomlán de €70,000. Bronnadh an phríomhdhuais de €10,000 i gCatagóir na mBailte Slachtmhara ar Ard Phádraig, le Crom adh sa 2ú háit le duais de € 7,000 agus bronnadh an 3ú háit ar an gCaisleán Nua le duais de €5,000. Cuimsíodh sa chomórtas grúpaí ó gach cearn de Chathair agus Contae Luimnigh agus bronnadh dámhachtainí ar fud na gcatagóirí seo a leanas: Luimneach Báúil do Bheacha i gCromadh; Athúsáid: Limistéir Chónaithe; Iarracht; Seaimpíní; Gradam na mBreithiúna; agus an Gairdín Tosaigh is Fearr urraithe ag Ionad Siopadóireachta Parkway agus iad uile ionchorpraithe faoin mbratach Luimneach Ag Dul don Ór.

FOIREANN GLANTACHÁIN LUIMNIGH TLC5

Bhí Foireann Glantacháin Luimnigh ar siúl Dé hAoine, 19 Aibreán. 2019. Ghlac níos mó ná 21,000 saorálaí páirt i bh Foireann Glantacháin Luimnigh agus bhí Cainteanna Sláinte agus Sábháilteachta poiblí i gceist leis an ócáid ina raibh saorálaithe agus gníomhaireachtaí reachtúla páirteach. Ghlac 541 grúpa san iomlán ó ghnó, spóirt, bailte slachtmhara, cumainn cónaitheoirí chomh maith le 105 scoil bunscoile agus meánscoile páirt. Bhí 285 pointe bailithe bruscair agus bailíodh 91 tonna bruscair.

SCOILEANNA GLASA

Ghlac níos mó ná 70 múinteoir ó scoileanna ar fud Luimnigh páirt i Seimineár Bliantúil um Scoil Ghlais de chuid Chomhairle Cathrach agus Contae Luimnigh. Bronnadh Brat Glas ar chúig scoil as a gcuid oibre ar bhruscar agus ar dhramhail le 30 scoil bhreise ag athnuachan a gcuid bratacha thar raon téamaí lena n-áirítear fuinneamh, uisce, taisteal, bithéagsúlacht agus saoránacht dhomhanda. Tá 169 scoil san iomlán cláraithe do chlár na Scoileanna Glasa.

EILE

Tugadh faoi fheachtas Feasachta Bruscair Frith-Madraí in éineacht le feachtas in aghaidh dumpála in 2019. Tugadh réimse cur i láthair do lucht féachana éagsúla lena n-áirítear Bailte Slachtmhara, Scor Gníomhach, CTÉ, Grúpaí chomh maith le scoileanna agus coláistí.

CÓIRTHRÁDÁIL

Tionóladh comórtas ealaíne chun ceiliúradh a dhéanamh ar 14 bliain Luimnigh mar Chathair Chóirthrádála. Ba í Amy Mucko, Scoil Phobail Eoin Baiste, an tOspidéal an buaiteoir iomlán

SCÉIM FÓIRDHEONTAIS BAILITHE DRAMHAÍOLA TEAGHLAIGH

Lean Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh de scéim um tharscaoileadh a sholáthar le linn 2019 mar chuid dá tiomantas tacú le bainistíocht dramhaíola. Cuirtear an scéim seo ar fáil do dhaoine a chomhlíonann na critéir arna gceadú ag Comhaltaí Tofa na Comhairle. I rith na bliana, bhain 2,826 teaghlach leas as an scéim ar fud na cathrach agus an chontae.

AN STRAITÉIS DO REILIGÍ

In 2019, lean an Chomhairle ag tacú le pobail trí dheontais agus tacaíochtaí eile a sholáthar do 185 reilig i Luimneach. Chomh maith le reiligi pobail, déanann an Chomhairle bainistíocht agus cothabháil ar roinnt reiligi atá faoi úinéireacht na Comhairle. I rith na bliana, bhí níos mó ná 1,418 adhlacadh i Luimneach.

Bhí Searmanas Bliantúil Dámhachtainí Adhlactha ar siúl an 20 Samhain 2019.

Bronnadh 24 duais ar an oíche, ach bhí dhá bhuaiteoir foriomlána i dhá chatagóir ar leithligh mar seo a leanas;

1. Bronnadh an Chatagóir Ársa ar Reilig Mhulláin, Cill Díoma.
2. Bronnadh an Chatagóir Nua-Aimseartha ar Taylor's Cross, Reilig an Charnáin.

STRAITÉIS ÁISEANNA SPÓIRT AGUS ÁINEASA

Déanann an Chomhairle bainistíocht ar thrí shaoráid spóirt agus fóillíochta faoi úinéireacht phoiblí i Luimneach agus breathnaítear ar sholáthar na n-áiseanna sin mar chuid dhílis dár seachadadh seirbhíse. Is iad na háiseanna a sholáthraítear ná Linn Snámha agus Ionad Fóillíochta Oileán an Gharráin, Linn Snámha agus Ionad Fóillíochta Eas Géitine agus Galfchúrsa na Rátha Báine. Shocraigh Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh go ndéanfaí oibreacha feabhsúcháin ar an gcóras teasa in Ionad Linn Snámha agus Fóillíochta Oileán an Gharráin in 2019. Rinneadh oibreacha freisin chun ‘cobblelock’ a chur ar an mbealach isteach agus ar thaobh fhoirgneamh Oileán an Gharráin. Chuir Cathair agus Comhairle Luimnigh maoiniú ar fáil d’oibreacha uasghrádaithe na n-oifigi

i gClub Gailf na Ráha Báine. Cuireadh iarratas isteach faoin gCiste Bonneagair Spóirt ar Scála Mór d'Ionad Linn Snámha agus Fóillíochta Eas Géitine chun an seomra plandaí a uasghrádú. Soláthraíonn na háiseanna seo seirbhísí áineasa agus fóillíochta tábhachtacha ar fud na cathrach agus an chontae do chónaitheoirí Luimnigh. Cheap Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh sainchomhairleoirí i mí Mheán Fómhair 2019 chun tús a chur le hobair ar an Straitéis Saoráidí Spóirt agus Áineasa.

DEARÓILIÚ, FOLAMH AGUS ATHÚSÁID

Tá an Fhoireann Dearóilíthe agus Foilmhe tiomanta do thacaíocht a thabhairt do phobail trí chur chuige láidir a ghlacadh maidir le dearóiliú agus áitribh fholmha i gCathair agus i gContae Luimnigh. Oibríonn an fhoireann i gcomhar le húinéirí réadmhaoine, ag lorg gníomhartha tráthúla agus feabhsúcháin ar shuíomhanna ag úsáid cumhachtaí reachtacha nuair is gá. Comhoibríonn an fhoireann go dlúth le Forbairt Tithíochta, Forfheidhmiú Pleanála agus pobail chun réadmhaoine a athúsáid. Tugtar comhairle d'úinéirí réadmhaoine dearóilíthe agus folmha maidir le scéimeanna amhail Ceannaigh agus Athnuachan, Deisiú agus Ligean agus Scéim Dreasachta Miondíola agus Gnó de chuid na Comhairle í féin. Le linn 2019, dhírigh an fhoireann ar chásanna a réiteach trí rannpháirtíocht réamhghníomhach le húinéirí. Nuair a bhí gach rogha réasúnach idithe, chuir an Chomhairle tús le héadálacha éigeantacha faoin Acht um Láithreáin Tréigthe 1990 agus faoin Acht Tithíochta 1966.

GNÍOMHAÍOCHT UM DHEARÓILÚ AGUS ÁITRIBH FHOLMHA IN 2019

- 781 iniúchadh láithreáin tréigthe
- Eisíodh 180 Fógra Reachtuil faoin Acht um Láithreáin Tréigthe
- 43 réadmhaoine a iontráladh ar Chlár na Láithreáin Tréigthe
- 10 réadmhaoine a baineadh as Chlár na Láithreáin Tréigthe
- Cuireadh tús le 24 Éadail Éigeantach faoin Acht um Láithreáin Tréigthe
- Eisíodh 8 Ordú Ceannaigh Éigeantaigh faoin Acht Tithíochta 1966
- Dísíodh 15 réadmhaoine don Chomhairle

LÁITHREÁIN FOLMHA

Faoi láthair tá 10 láithreán ar Chlár Láithreán Folamh Chomhairle Cathrach agus Contae Luimnigh. Baineadh dhá shuíomh ón Chlár na Láithreán Folmha in 2019. D'eagraigh Cathair agus Contae Luimnigh luachálacha ar na suíomhanna ar Chlár na Láithreán Folamh toisc go bhfuil na tobhaigh dlite anois do 2019.

TITHE FOLMHA

Is príomhchólún d'Atógáil Éireann, an Plean Gníomhaíochta um Thithíocht agus Easpa Dídine, an stoc tithíochta atá ann a úsáid. Is é cuspóir Phlean Gníomhaíochta um Thithe Folmha Chathair agus Chontae Luimnigh pictiúr cruinn a bhunú de na háitribh fholmha atá i Luimneach agus an soláthar tithíochta a mhéadú trí chúnamh a thabhairt d'úinéirí réadmhaoine a gcuid maoine a athghníomhachtú le haghaidh tithíochta sóisialta nó príobháidí. In 2019, lean an Chomhairle ar aghaidh le réadmhaoine folmha a aithint, go háirithe i gceantair ina bhfuil éileamh ard ar thithíocht, agus ag obair le húinéirí réadmhaoine chun a gcuid réadmhaoine a thabhairt ar ais in úsáid tithíochta.

I mí Eanáir, críochnaíodh an dara tonn de shuirbhé piolótach áitreabh folamh i gcomhar leis an Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil; Rinneadh suirbhé ar 1,200 áitreabh.

D'eisigh an Chomhairle Cathrach agus Contae ocht nOrdú Ceannaigh Éigeantaigh (OCÉ) faoin Acht Tithíochta 1966. Mar gheall ar an OCÉ seo tá cúig theach tógtha i seilbh na Comhairle. Déanfar na réadmhaoine seo a athchóiriú anois faoin Scéim Ceannaigh agus Athnuachana agus leithdháilfear iad ón Liosta Feithimh um Thithíocht Shóisialta.



TURASÓIREACHT, CULTÚR AGUS EALAÍON

STRAITÉIS TURASÓIREACHTA

Sheol Méara Chathair agus Chontae Luimnigh, an Comhairleoir James Collins Straitéis Forbartha Turasóireachta Luimnigh 2019 - 2023 an 16 Aibreán. Sa Straitéis Forbartha Turasóireachta, sainithníodh seasamh uathúil Luimnigh ar chósta thiar na hÉireann, agus mar gheata chuig Bealach an Atlantaigh Fhiáin, mar rud atá lárnach i bhforbairt na hearnála. Samhlaítear sa straitéis nua, a bhfuil sé mar aidhm aici turasóireacht a fhorbairt ar fud chathair agus chontae Luimnigh go dtiocfaidh 1.1 milliún cuairteoir go Luimneach in aghaidh na bliana, ag giniúint níos mó ná €360 milliún in ioncam agus ag cruthú 1,500 post nua faoi 2023.

Tá sé mar aidhm ag Straitéis Forbartha Turasóireachta Luimnigh earnáil na turasóireachta i Luimneach a neartú, príomhdhiseanna a ghabháil chun an earnáil a fhás agus aird a tharraingt ar réimsí gníomhaíochta tosaíochta chun na buntáistí suntasacha a d'fhéadfadh bheith ag tionscal turasóireachta rathúil a dhíghlasáil. Tá sé ar aon dul le Plean Eacnamaíoch agus Spásúil Luimnigh 2030 do Luimneach, a chuir turasóireacht in áirithe mar cheann de na hearnálacha lárnacha d'fhás sa todhchaí agus a thugann aghaidh ar an ngá le straitéis turasóireachta comhcheangailte do Luimneach agus cur chuige níos comhordaithe i leith fhorbairt na hearnála. Tá an creat don turasóireacht bunaithe ar cheithre phríomhthiománaí, a bhfuil scóip leathan acu achomharc a dhéanamh chuig na príomh-lucht féachana. Soláthraíonn na príomhthiománaithe bunús láidir freisin i dtéarmaí tréithe agus sócmhainní an chinn scríbe le tógáil air i dtimpeallacht uirbeach agus tuaithe. Is iad na ceithre thiománaí (téamaí):

- Isteach sa Ghorm (Uiscebhealaí);
- Fuinneamh a Scaoileadh (Gníomhaíochtaí);
- Stair Bheoga (Stair agus Oidhreacht), agus
- Beo Beathach (Cultúr agus Ealaíon, lena n-áirítear Féilte agus Imeachtaí)

GLASBHEALACH MÓR AN DEISCIRT

An 13 Meán Fómhair, gearradh an ribín ar an gcéim is déanaí den athfhorbairt ar Ghlasbhealach Mór an Deiscirt (GSGL). Mar chuid de Thollán na Bearna a ionchorprú ar an GSGL tógadh íosbhealach faoin mBóthar N21 Luimneach go Trá Lí. Áiríodh sa scéim uasghrádú ar an sean-rian iarnróid go dromchla féarbhealaigh roinnte agus rinneadh athchóiriú fairsing ar an sean-Tollán Iarnróid. Cuireadh 1.3 km eile leis an nGlasbhealach agus méadaíonn sé sábháilteacht do shiúlóirí agus do rothaithe, a raibh orthu an N21 a thrasnú roimhe seo chun dul chuig na háiteanna féachana agus picnice agus an tollán.

Tá an sean-tollán iarnróid os cionn 100m ar fhad le bealaí isteach carraigeacha ag gach ceann agus seasann sé mar fhianaise ar sofaisticiúlacht innealtóireachta an 19ú hAois. Maoiníodh an obair tríd an gCiste Athghiniúna agus Forbartha Tuaithe (RRDF), Ciste na gCúlchríocha agus acmhainní Chomhairle Cathrach agus Contae Luimnigh í féin. Seo an ceann is déanaí de shraith d'oibreacha atá beartaithe chun an Ghlasbhealach a fhorbairt agus a fheabhsú. In 2019, ceapadh comhairleoirí freisin chun dromchla iomlán an Ghlasbhealaigh a scrúdú agus rinneadh moltaí maidir le conas Glasbhealach atá inrochtana go huilíoch a sholáthar. Scrúdaíodh na constaicí, na caolais bhóthair srl go léir agus rinneadh moladh maidir le conas dul ar aghaidh.

Tá cáipéisí tairisceana á n-ullmhú chun dromchla an Ghlasbhealaigh a thabhairt suas go caighdeán Bonneagair Iompair Éireann. Meastar go dtosóidh an obair i lár 2020.



Seoladh Straitéis Turasóireachta Luimnigh

TIONSCADAIL AN AONTAIS EORPAIGH

CAPITEN

Tionscadal arna mhaoiniú ag Interreg an Aontais Eorpaigh faoi Chlár Limistéar an Atlantaigh is ea CAPITEN (braisle an Atlantaigh don teicneolaíocht agus don nuálaíocht eacnamaíoch san earnáil loingseoireachta). Tá dhá aidhm ag tionscadal CAPITEN: forbairt eacnamaíoch agus cruthú post a chur chun cinn tríd an oidhreacht nádúrtha agus chultúrtha áitiúil a fheabhsú, agus braisle tionscail a chruthú chun a fhorbairt chomhbheartaithe a eagrú agus teacht chun cinn táirgí agus seirbhísí nuálacha a chur chun cinn, ag cur le tarraingteacht an cheantair agus le folláine na gcónaitheoirí áitiúla, chomh maith le custaiméirí nua turasoíreachta a mhealladh. Tá 20 comhpháirtí ag an tionscadal CAPITEN agus tá sé faoi stiúir an Réigiún Bretagne sa Fhrainc. Cuideoidh an tionscadal seo le cur i bhfeidhm an cholúin 'Isteach sa Ghorm' de Straitéis Forbartha Turasoíreachta Luimnigh a seoladh le déanaí.

D'fhreastail baill foirne ón Roinn Turasoíreachta ar chruinniú comhpháirtíochta an Aontais Eorpaigh i Las Palmas mar chuid den tionscadal CAPITEN. D'óstáil an Roinn Turasoíreachta cruinniú comhpháirtíochta CAPITEN freisin agus chuir sí fáilte roimh 35 toscaire ó gach cearn den Eoraip.

MMIAH

Is tionscadal maoinithe ag Interreg é MMIAH (Oidhreacht Mhuirí, Mhíleata agus Thionsclaíoch Cheantar chósta an Atlantaigh) faoi Chlár Limistéar an Atlantaigh. Tá MMIAH dírithe ar acmhainneacht turasoíreachta na hoidhreacht mhuirí, míleata agus tionsclaíche roinnte i Limistéar an Atlantaigh. Is iad sainspriocanna an tionscadail: Cuimhne stairiúil chathracha an Atlantaigh a aisghabháil, chomh maith lena bhfás agus lena bhforbairt atá nasctha lena n-oidhreacht mhuirí, thionsclaíoch agus mhíleata agus na suíomhanna oidhreacht seo a tréigeadh lena n-úsáid ag an bpobal a aisghabháil; Turasoíreachta chultúrtha a fhorbairt trí athléiriú stairiúil, trí fhéiniúlacht an Atlantaigh a chur chun cinn timpeall ar na sócmhainní tréigthe seo ar imeall an chósta, agus inbhuanaitheacht eacnamaíoch na spásanna seo a spreagadh chun iad a chur san áireamh mar chuid riachtanach de thairiscint chultúrtha agus turasoíreachta na gcathracha. Tá naoi gcomhpháirtí ag MMIAH agus tá sí faoi stiúir Ayuntamiento de Ferrol, Galicia, sa Spáinn.

CUR CHUN CINN

Tá maoiniú faighte ag Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh chun obair athchóirithe a dhéanamh ar fhoirgnimh chuain na canála ar Chanáil na Páirce trí pháirt a ghlacadh sa tionscadal MMIAH.

D'fhreastail baill foirne ó Chomhairle Cathrach agus Contae Luimnigh ar thrí chruinniú comhpháirtíochta mar chuid den tionscadal MMIAH. Tá Luimneach chun an cruinniú tionscadail leathdhéanach a óstáil

i mBealtaine 2020 i gcomhthráth le Riverfest. Bhí ionadaíocht déanta do Chomhairle Cathrach agus Contae Luimnigh ag seoladh Seó Luimnigh an 6 Lúnasa 2019 agus chuir sí turasoíreachta chun cinn i Luimneach ag Seó Luimnigh an 25 Lúnasa 2019.

D'fhreastail Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh ar ócáid nasctha ag áit chónaithe Ambasadóir na Gearmáine i mBaile Átha Cliath chun Luimneach a chur chun cinn mar cheann scríbe turasoíreachta. Tá Luimneach nasctha le Hohenlohe, ceantar i Baden-Württemberg, Deisceart na Gearmáine. Tá Luimneach nasctha le Hohenlohe ó 1990 agus bíonn toscaireachtaí ag taisteal idir an dá cheantar go rialta.

Bhí ionadaíocht déanta don Chomhairle freisin ag an Margadh Taistil Domhanda i Londain, agus an Cheathrú Meánaoiseach agus mórcheantar Luimnigh á chur chun cinn.

Seoladh sraith de sé fhíseán siúlóide in 2019, a maoiníodh faoin ORIS. D'aithin an Chomhairle i gcomhpháirtíocht leis na Cuideachtaí Forbartha Áitiúla siúlóidí tíre ábhartha a raibh físeáin bholscaireachta á dtáirgeadh dóibh sna háiteanna seo a leanas: Conairí Siúlóide Bhéal an Átha/Áth na Fuinseoige; Gleannta an Chláir; Cnoc Firinne; Siúlóid Ridirí, an Gleann; Siúlóid na Féile, Baile Uí Argáin agus Caisleán Uí Chonaill.

BEALACH INBHEAR NA SIONAINNE

Nocht an tAire Patrick O'Donovan Céide Bhealach Inbhear na Sionainne go hoifigiúil i mí an Mhárta. Is céide lúbtha é Bealach Bhealach Inbhear na Sionainne amach ó Bhealach an Atlantaigh Fhiáin a cruthaíodh chun cuairteoirí a spreagadh chun fanacht níos faide agus codanna eile den réigiún a iniúchadh. Tá cúig phointe féachana ar thaobh Iarthar Luimnigh de Bhealach Inbhear na Sionainne - Cé Rinn Mhaoilín, Cé Bhaile Stiabhna, Móinéir Uí Bheoláin, Cé Chill Tile agus Cé an Ghleanna. Ar an mbealach, tugtar cuairteoirí isteach i gCathair Luimnigh chun iniúchadh breise a dhéanamh, agus ansin ar ais amach ar an N18 chun taitneamh a bhaint as Inbhear na Sionainne. Tá Fáilte Ireland ag obair ar an tionscadal seo le baill foirne ó Chomhairle Cathrach agus Contae Luimnigh ó thús 2018.

STRAITÉIS AGUS PLEAN FORFHEIDHMITHE TREOCHOMHARTHAÍOCHTA

Bunaíodh Grúpa Stiúrtha agus cuireadh tús le hobair ar Straitéis Treochomharthaíochta, Treoshuimh agus Comharthaíochta Turasoíreachta a fhorbairt do chathair Luimnigh. Bronnadh maoiniú Bailte Ceann Scríbe ó Fáilte Ireland i dtreo an tionscadail ag deireadh 2019.

GEATA TURASÓIREACHTA IARTHAR LUIMNIGH

In 2019, ceapadh Comhairleoirí do thionscadal Geata Turasóireachta Iarthar Luimnigh / Fullers Folly, a fuair maoiniú faoin gCiste Athghiniúna agus Forbartha Tuaithe.

CISTE FÉILTE RÉIGIÚNACHA AGUS IMEACHTAÍ RANPHÁIRTEACHA

Sheol Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh an Ciste Féilte Réigiúnacha agus Imeachtaí Rannpháirteacha. Tá socrú maoinithe curtha i bhfeidhm idir Fáilte Ireland agus Údarás Áitiúla chun cur i bhfeidhm féilte dírithe ar thurasóireacht agus imeachtaí rannpháirteacha a chur chun cinn. Beidh an socrú maoinithe nua seo in ionad an Chláir Féilte Réigiúnacha agus Imeachtaí Rannpháirteacha bliantúla de chuid Fáilte Ireland.

Tacaíodh le sé imeacht in 2019:

- Comhdháil um Spás Turasóireachta
- Craobh Idirnáisiúnta na mBannaí
- Riverfest
- Pig N Porter
- Ceolchoirmeacha ag am lóin in Ardeaglais Naomh Muire
- Imeachtaí Iontaobhas Cathartha Luimnigh 2019

CULTÚR AGUS EALAÍON

Chomh maith le maoiniú ó Chomhairle Cathrach agus Contae Luimnigh, tacaíonn An Chomhairle Ealaíon (an ghníomhaireacht náisiúnta chun na healaíona in Éirinn a fhorbairt, a chur chun cinn agus a mhaoiniú) agus an Roinn Ealaíon, Oidhreacht agus Gaeltachta faoin tionscnamh Éire Ildánach .

Leagtar amach i gCreat Straitéise Cultúrtha Luimnigh 2016-2030 do Luimneach fíis agus uailmhian shoiléir a cheadaíonn pleanáil straitéiseach agus tiomantas d'fhorbairt leanúnach an chultúir agus na n-ealaíon i Luimneach trí idirphlé le príomhpháirtithe leasmhara agus lucht tionchair, ar leibhéal áitiúil agus náisiúnta, ealaíontóirí, cleachtóirí cruthaitheacha, pobail agus eagraíochtaí cultúrtha lárnacha. Tá an fhoireann Cultúir

agus Ealaíon freagrach freisin as uailmhian agus cáilíocht an sé Fhéile Phobail a mhéadú:

- Lá Fhéile Pádraig
- Craobhchomórtas Idirnáisiúnta na mBannaí
- Riverfest
- Crinniú na nÓg
- Oíche Chultúir
- Nollaig i Luimneach.

Déanfaidh na hocht gcuspóirí i Straitéis Chultúrtha Luimnigh a chinntiú go soláthraítear na luachanna, na prionsabail agus na tosaíochtaí straitéiseacha a mhéadaíonn an leibhéal rannpháirtíochta leis an bpobal, ceiliúradh, nuálaíocht agus infheistíocht in infreastruchtúr cultúrtha i Luimneach chun leasa an phobail uile.

ÉIRE ILDÁNACH

Is tionscnamh cúig bliana uile-rialtais é Éire Ildánach, ó 2017 go 2022, a chuireann cultúr agus cruthaitheacht i gcroílár an bheartais phoiblí. Cuirtear de chúram ar Údarás Áitiúla an Clár a fhorbairt agus a sheachadadh ar leibhéal áitiúil agus chun na críche sin, iarradh ar gach Údarás Áitiúil Foireann Cultúir trasrannach a bhunú. Tá ár bhFoireann Cultúir Luimnigh comhdhéanta d'ionadaithe ó Ranna na Comhairle atá nasctha le seirbhísí cruthaitheacha a sholáthar nó a úsáideann uirlisí cruthaitheacha mar bhealach chun saoránaigh a ghníomhachtú agus a mhealladh.

Sa Straitéis Cultúir agus Cruthaitheachta Luimnigh 2018 - 2022, leagtar amach na sé thosaíocht straitéiseacha do Luimneach:

- Cruthaitheoirí na Todhchaí: Leanaí agus Daoine Óga;
- Intinní Chruthaitheacha: Ealaíontóirí agus cruthaitheoirí eile a chothú agus tacú leo;
- Lingchlár Chruthaitheach: Nuálaíocht chultúrtha agus cruthaitheach a chothú;
- Daoine, Áiteanna, Líonraí: Ár mbonneagar cultúrtha agus cruthaitheach áitiúil a fheabhsú;
- Scáileáin Chruthaitheacha: Béim ar scannánaíocht agus códú;
- Saoránaigh Chruthaitheacha: Daoine ag cruthú agus ag teacht ar chultúr i mbéal an dorais.



Ceardlanna Lego Cruinniú na nÓg i Halla Istabra, Halla na Cathrach i Luimneach

In 2019, an tríú bliain den Chlár, sheachaid an Fhoireann Cultúir ag Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh an méid seo a leanas:

1. Reáchtáladh Cruinniú na nÓg, tionscnamh Éire Ildánach an 15 Meitheamh. Tá an lá náisiúnta cruthaitheachta seo do leanaí agus do dhaoine óga anois ina dhara bhliain. Tá clár Luimnigh 'Solas Glas do Luimneach' dírithe ar scannáin agus déantar é a sheachadadh i gcomhpháirtíocht le Fresh Film Festival. Tá an clár comhdhéanta de chlár ceardlann agus gníomhaíochtaí bunaithe sa chathair agus sa chontae i rith an lae. I measc na mbuaicphointí bhí, Scannáin Allamuigh sa Ghairdín ag Músaem Hunt, Ceardlanna Scannán Aon Nóiméad ar fud an Chontae i gcomhpháirtíocht le Seirbhís Óige Luimnigh, Ceardlanna Scáth Puipéadóireachta i sé leabharlann, ceardlanna stadghluaiseachta ag Músaem Hunt, scannáin faoi dhion ag an Belltable agus coinbhinsiún scannáin na ndaoine óga in oifigí Chomhairle Cathrach agus Contae Luimnigh i gCé na gCeannaithe.

Le linn 2019, bhí

- 11 cur ar scáileán, 16 cheardlann agus coinbhinsiún do leanaí idir 0-18 mbliana d'aois sa Cheanncheathrú Corparáideach, Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh
- 8 ngearrscannán do leanaí ó cheardlanna léiriúcháin

2. Tugadh tacaíocht do dhaoine agus eagraíochtaí áitiúla cruthaitheacha chun tionscadail a sheachadadh de réir Straitéis Cultúir agus Cruthaitheachta Luimnigh 2018 - 2022. Thacaigh an Chomhairle le seachadadh de os cionn 30 tionscadal áitiúil, agus sa bhreis ar an 28 imeacht a seachadadh mar chuid de Chruinniú na nÓg, agus san iomlán, rinneadh breis agus 58 imeacht agus tionscadal a seachadadh go háitiúil mar chuid de Chlár Éire Ildánach.

2. Comhpháirtíocht Chruthaitheach don Aos Óg - Tá Bord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chlár ar cheann de thrí Bhord Oideachais agus Oiliúna a roghnaigh Éire Ildánach chun Comhpháirtíocht Áitiúil Óige Chruthaitheach a bhunú. Éascóidh an chomhpháirtíocht comhroinnt faisnéise agus comhoibriú idir tionscnaimh agus soláthraithe cruthaitheacha agus cultúrtha áitiúla le beim ar leanaí agus daoine óga lena n-áirítear soláthraithe seirbhíse oibre don óige, suíomhanna cúram leanaí agus scoileanna chun úsáid níos fearr a bhaint as na hacmhainní, na cleachtais agus na tionscnaimh atá ann cheana i Luimneach agus i gCeantar an Chláir. Cuirfidh sé seo tuilleadh le tiomantas Chomhairle Cathrach agus Contae Luimnigh don tosaíocht straitéiseach de Chruthaitheoirí na Todhchaí: Leanaí agus Daoine Óga, i bplean Cultúir agus Cruthaitheachta Luimnigh a foilsíodh mar chuid d'Éire Ildánach. I mí an Mheithimh cheap an Chomhpháirtíocht Áitiúil Óige Chruthaitheach (LCYP) comhordaitheoir chun plean agus clár a fhorbairt, a chuirfear ar fáil ar fud Luimnigh agus an Chláir thar shaolré an phlean 'Éire Ildánach' suas go dtí 2022. Agus a chlár á dhearadh agus á sheachadadh, chuaigh an LCYP i gcomhairle le daoine óga agus ag tarraingt air seo tá sé tar éis dul i mbun roinnt tionscnamh lena n-áirítear *Inspire*, clár luathbhlianta d'fhoireann ELC agus *Future Film Makers*, clár oiliúna um thionscal na scannánaíochta do dhaoine óga.



Rannpháirtithe Ceardlann Scannán Óige Cruinniú na nÓg



MAOINIÚ AGUS GLAOCHANNA OSCAILTE

SPARÁNACHTAÍ AGUS DEONTAIS

Rinneadh cuíchóiriú ar dheiseanna maoinithe trí shraith de Ghlaochanna Oscailte, a ceapadh le tacú le daoine aonair, le cleachtóirí cruthaitheacha agus le grúpaí a eagraíonn agus a bhíonn páirteach i ngníomhaíochtaí cultúrtha agus ealaíona, d'fhonn príomhaidhmeanna agus cuspóirí Straitéise Cultúrtha Luimnigh a sholáthar.

- Maoiniú Deontais faoin Acht Ealaíon 2019 - Bhí 66 iarratas ar mhaoiniú, agus d'éirigh le 37 acu, agus leithdháileadh méid iomlán de €20,000
- Sparánachtaí Amharclann Luimnigh 2019 - Bhí sé iarratas ar mhaoiniú, agus d'éirigh le ceithre cinn acu, agus leithdháileadh méid iomlán de €15,000
- Sparánachtaí Gearrscannáin Luimnigh 2019 - Bhí 16 iarratas ann, agus d'éirigh le dhá cheann acu, agus leithdháileadh méid iomlán de €16,000
- Scéim Dámhachtana Soghluaisteachta Idirnáisiúnta Luimnigh 2019 - Bhí dhá ghlaó oscailte, 18 iarratas san iomlán, bronnadh 14 deontas, agus leithdháileadh iomlán de €10,000
- Éire Ildánach Luimnigh - Deontais Déanta i Luimneach 2019 - Bhí 44 iarratas ann, agus leithdháileadh iomlán de €40,000. bronnadh Snáithe 1 ar naoi ndeontas (€18,000 san iomlán), bronnadh Snáithe 2 ar chúig dheontas (€ 12,000 san iomlán), bronnadh Snáithe 3 ar seacht ndeontas (€10,000 san iomlán)
- Scéim Maoinithe Féilte agus Imeachtaí Luimnigh 2019/2020 - Bhí 60 iarratas ar mhaoiniú, ar éirigh le 37 díobh, agus leithdháileadh méid iomlán de €270,000
- Scéim Dhámhachtainí Sparánachta Ealaíon Aonair 2019 - Bhí 17 iarratas ar mhaoiniú, agus d'éirigh le sé cinn acu, agus leithdháileadh méid iomlán de € 20,000
- Ciste Straitéiseach - Eisíodh 33 litir tacaíochta ag tairiscint 10% den mhéid a eisíodh. D'éirigh le 12 go dtí seo, agus fuair siad €384,038 ón gComhairle Ealaíon agus ó chomhlachtaí maoinithe náisiúnta eile. Eisíodh 13 litir thagartha eile ag taispeáint tacaíochta.

Bhí Dolores O'Riordan, amhránaí, scríbhneoir amhrán agus príomhamhránaí le The Cranberries, ar cheann de na healaíontóirí ba mhó a raibh tóir uirthi in Éirinn. Bhí Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh i dteagmháil go rialta le máthair Dolores, Eileen agus lena teaghlach chun bealaí a phlé ar féidir le Luimneach cuimhneamh uirthi agus an réalta mhór a chomóradh. Tar éis díospóireachtaí, aontaíodh go mbunófaí Sparánacht Ceoil Dolores O'Riordan chun tacú le ceoltóir gairmiúil i Luimneach a shlí bheatha a fhorbairt.

- Sparánacht Ceoil Dolores O'Riordan 2019 - Fuarthas 10 n-iarratas, bronnadh deontas amháin, leithdháileadh méid iomlán de €4,000.



Cur i láthair Sparánacht Ceoil Dolores O'Riordan 2019 le Méara Chathair agus Chontae Luimnigh an Comhairleoir Michael Sheahan don amhránaí-scríbhneoir as Luimneach Emma Langford, le Eileen, máthair Dolores O'Riordan.

FORBAIRT GHAIRMIÚIL LEANÚNACH D'EARNÁIL AN CHULTÚIR AGUS NA NEALAÍON

Fógraíodh sraith deiseanna d'fhorbairt ghairmiúil leanúnach do chleachtóirí cruthaitheacha faoi sé sparánacht dhifriúla. Cuireann na sparánachtaí seo le hacmhainn Chultúrtha Luimnigh a mhéadú trí thacú le hoiliúint earnála dírithe, breisoiliúint agus infheistíocht do dhaoine cruthaitheacha ag céimeanna éagsúla ina ngairmeacha beatha.

- Sparánacht Idirnáisiúnta Scoil Samhraidh Blas
- Sparánacht Scoil Samhraidh 'Meitheal' (2 Ghradam)
- Sparánacht Chór Óige na hÉireann (2 Ghradam)
- Sparánacht Scoil Samhraidh Chomhlachas Drámaíochta na hÉireann
- Centre Culturel Irlandais (Páras)
- Sparánacht Réigiúnach Ionad Tyrone Guthrie (3 Ghradam)

I measc na ndeiseanna eile d'fhorbairt ealaíonta ghairmiúil curtha ar fáil bhí:

- Deis Mheantóireachta Scríbhneora atá ag Teacht Chun Cinn - I gcomhpháirtíocht le Words Ireland, tairgeadh Deis Mheantóireachta do scríbhneoir atá ag teacht chun cinn agus atá ina chónaí i Luimneach. Ligeann an deis mheantóireachta seo do scríbhneoir atá ag teacht chun cinn meantóireacht a fháil ó scríbhneoir gairmiúil. Is é an file Paul McNamara faighteoir rathúil na Dámhachtana do 2019-2020 agus is é Colm Keegan a mheantóir.
- Sliabh Luchra - Ceoltóir Cónaithe, ceapadh Eoin O'Sullivan, i mí Iúil 2018 ar feadh tréimhse 12 mhí. Le linn na tréimhse seo, d'oibrigh Eoin le féilte áitiúla ag tacú le cláir bhreise de chuid Sliabh Luachra agus thug sé faoi sraith gníomhachtúcháin For-rochtana i Scoileanna. Tá an Chónaitheacht mar chuid de Chonair Ceoil Sliabh Luachra, tionscadal comhoibrítheach um fhorbairt straitéiseach arna mhaoiniú ag Comhairle

Ealaíon na hÉireann lena Dámhachtain Cuireadh chuig Comhoibríthe. Tugann an tionscadal le chéile Oifigí Ealaíon Chomhairle Contae Chorcaí, Comhairle Contae Chiarraí, Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh agus Cartlann Ceoil Thraidisiúnta na hÉireann i gcomhar leis an gComhairle Ealaíon.

- Glao Amach ar Leabhar Filíochta Stony Thursday - Tá an Leabhar Stony Thursday ar cheann de na hirisleabhair liteartha is seanbhunaithe in Éirinn. Tá Martin Dyar ag déanamh eagarthóireachta ar an eagrán is déanaí. Fógraíodh glao amach ar aighneachtaí i mí Dheireadh Fómhair agus den chéad uair, rinneadh aighneachtaí trí chóras ar líne. Rinne níos mó ná 150 filí aighneachtaí de suas le sé dhán an ceann, le hiontrálacha ó Luimneach go Deilí Nua agus chomh fada leis an Astráil. Tá sé beartaithe go bhfoilseofar an leabhar in 2020.

- Gradam Bliantúil Filíochta i gCuimhne ar Mhícheál Ó hAirtnéide 2019 - Bhunaigh Comhairle Contae Luimnigh an dámhachtain bhliantúil seo agus tá sí á comh-mhaoiniú ag Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh agus an Chomhairle Ealaíon chun rannchuidiú Mhícheál Ó hAirtnéide leis an litríocht i mBéarla agus i nGaeilge a cheiliúradh. In 2019, bronnadh an dámhachtain €4,000 ar fhile a scríobhann i nGaeilge, Ailbhe Ní Ghearbhuigh, as a foilseachán Tost Agus Allagar (Coiscéim, 2016). Ba iad Nuala Ní Dhomhnaill agus Gabriel Fitzmaurice na moltóirí do 2019.

Árasáin Ealaíontóirí Gearrthéarmacha, 1-2 Cearnóg Eoin, Luimneach

Cuirtear dhá árasán stiúideo ar fáil le húsáid go gearrthéarmach, mar acmhainn d'eagraíochtaí cultúrtha agus ealaíon a sholáthraíonn gníomhaíochtaí cultúrtha don chathair.

FÉILTE AGUS IMEACHTAÍ

Eisíodh glao oscailte chun tacú le cur i bhfeidhm Straitéis Chultúrtha Luimnigh - Creat 2016 - 2030 i mBealtaine 2019, le haghaidh féilte, imeachtaí agus imeachtaí oidhreachta cultúrtha a bheidh ar siúl ón 1 Deireadh Fómhair, 2019 go dtí an 30 Meán Fómhair 2020. Mhol an CBS Cultúrtha in 2019 infheistíocht straitéiseach de €270,000 a dhéanamh san earnáil.

Reáchtáladh dhá chlinic faisnéise i gCathair Luimnigh agus sa Chaisleán Nua. Bhí dhá shnáithe maoinithe ann.

1. Féilte/Imeachtaí Beaga atá dírithe ar an bPobal a Sholáthar agus a Chlárú
2. Féilte/Imeachtaí Meánmhéide agus Ollmhóra a Sholáthar agus a Chlárú

Bhí 60 iarratas san iomlán agus d'éirigh le 37 acu.

FÉILE POBAIL - FORBAIRT AGUS SEACHADADH

FÉILE PÁDRAIG

Leathnaigh Luimneach féile na bliana seo chuig ócáid 3 lá chun leanúint ar aghaidh le Luimneach a chur ar cheann de na príomh-cheannscríbe in Éirinn, taobh amuigh de Bhaile Átha Cliath do Sheachtain Phádraig in Éirinn. Thacaigh maoiniú GMA Dúiche Chathrach leis an deis d'imeacht tráthnóna Dé Sathairn a chur leis. Forbairt eile is í an tacaíocht ó Fáilte Ireland, a d'fhógair le déanaí go bhfuil Luimneach ar cheann de na suíomhanna a bhfuil sé beartaithe acu forbairt a dhéanamh ar cheiliúradh do 'Seachtain Phádraig in Éirinn'. Aithnítear go bhfuil Baile Átha Cliath ar a lánchumas ag an am seo den bhliain agus tacaíonn sé leis an smaoinemh ar an ról atá ag féilte maidir le líon na gcuirteoirí idirnáisiúnta a mhéadú go hÉirinn. Aithníonn siad go n-óstáil

Luimneach an dara tairiscint is mó lasmuigh de Bhaile Átha Cliath tríd an teaglaím de Pharáid Lá Fhéile Pádraig agus Craobhchomhórtas Idirnáisiúnta na mBannaí.

TINTE EALAÍNE EXTRAVAGANZA

Osclaíodh Féile Naomh Pádraig Luimnigh 2019 an Satharn 16 Márta le taispeántas tinte ealaíne drámatúil thar na Sionainne agus le seoladh oifigiúil an Rotha Lánléargais ag Páirc Ché Artúir.

PARÁID LÁ FHÉILE PÁDRAIG LUIMNIGH

Bhí Luimneach thar a bheith sásta ar an Domhnach an 17ú, nuair a chuaigh Grand Marshal, an Dr. Norah Patten, atá ar tí a bheith ar an gcéad spásaire in Éirinn, le 40,000 breathnóir, 1,600 úsáideoir beo idirnáisiúnta ar Facebook agus 2,000 rannpháirtí fuinniúil do pharáid na bliana seo. Tharraing téama pharáide na bliana seo 'One Giant Leap' aird gach duine, mar gur craoladh ceiliúradh Luimnigh go beo ar Facebook, ar Virgin Media Television agus RTE 6 O'clock News.

I measc na n-iontrálacha cruthaitheacha bhí Amharclann Lumen Street atá lonnaithe i Luimneach a léirigh an téama le hiontráil spáis iontach agus roicéad ollmhór, ag ullmhú don éirí lena Bhuachaill Bó Spáis féin acu. Chruthaigh baill de phobail nua éagsúla Luimnigh, lena n-áirítear iad siúd ó Neipeal, ón bPacastáin, ó na

hOileáin Philipineacha agus ón tSín atmaisféar iontach agus iad ag ceiliúradh a n-oidhreacht cultúrtha mar chuid de cheiliúradh Luimnigh ar an Saoire Náisiúnta. Ba iad seo a leanas buaiteoirí na paráide i mbliana:

- An Léiriú Iomlán is Fearr - Cumann Síneach na hÉireann
- An Léiriú Cruthaitheach is Fearr - Amharclann Shráid Lumen
- An Grúpa Óige is Fearr - Scoil Drámaíochta Ealaíon Léiritheach le Artastic
- An Léiriú Ceoil is Fearr - Wind Band, Tartu, an Eastóin

CRAOBHCHOMÓRTAS IDIRNÁISIÚNTA NA MBANNAÍ

Bhí an 49ú Craobhchomórtas Idirnáisiúnta Banna Luimnigh ar siúl Dé Luain 18 Márta nuair a tháinig 1,300 rannpháirtí as 20 banna máirseála lena n-áirítear 11 bhanda idirnáisiúnta le chéile chun dul san iomaíocht ag craobhchomórtas na bliana seo. Mar an t-aon chraobhchomórtas bannaí idirnáisiúnta in Éirinn tá an ócáid tar éis fás ó neart go neart le níos mó ná 30,000 duine ag freastal ar an lá.

MÚSAEM NA GEALÁÍ

Don chlarú den saothar ealaíne camchuarite corraitheach seo leis an ealaíontóir Luke Jerram as an Ríocht Aontaithe, d'oibrigh an Chomhairle i gcomhpháirtíocht le hArdeaglais Naomh Muire



Grand Marshal Norah Patten agus an Clr. James Collins Paráid Lá Fhéile Pádraig Luimnigh



Piobaire ó Bhanda Píopaí Chathair Luimnigh ag glacadh páirte i gCraobhchomórtas Idirnáisiúnta na mBannaí



Rannpháirtithe óga i bParáid Lá Pádraig Luimnigh, 'One Giant Leap'



Músaem na Gealaí le Luke Jerram, Suiteáil Ealaíne in Ardeaglais Naomh Muire

chun Músaem na Gealaí i Luimneach a óstáil. Thar 11 lá, síneadh ar an imeacht bunaidh de 7 lá, chuir an Ardeaglais fáilte roimh 11,000 duine. Fuair Músaem na Gealaí clúdach suntasach sna meáin agus sna meáin shóisialta chomh maith le go leor cuairteanna ó bhunscoileanna agus meánscoileanna áitiúla. Thomhais Músaem na Gealaí seacht méadar ar trastomhas, agus bhí íomhánna mionsonraithe 120dpi de dhromchla na gealaí ó NASA á thaispeáint. Ba chomhleá a bhí sa shuiteáil d'íomhánna gealaí, solas na gealaí agus comhdhéanamh fuaimne mórthimpeall a chruthaigh an cumadóir, Dan Jones, a bhuaigh duaiseanna BAFTA agus Ivor Novello.

RIVERFEST

Thaispeáin Luimneach uair amháin eile gurb í an áit le bheith do Shaoire Bainc na Bealtaine le níos mó ná 120,000 (fás 20% ar 2018) ag ceiliúradh ag an bhféile is mó sa chathair, Riverfest, ag tabhairt thart ar €7 milliún isteach sa gheilleagar áitiúil.

Ionchorpraíodh tionscnamh nua i gclár na bliana seo:

- Rannpháirtíocht an phobail trí shnámh sóisialta Swimmable Limerick agus an chéad chomórtas lascaireachta do Chumann Slatiascaireachta Luimnigh agus an Cheantair;
- Ionchuisiú sóisialta trí chomhpháirtíocht nua le Grúpa Uathachais Luimnigh; agus
- Ábhar cultúrtha i bhfoirm Opera a cuireadh le chéile go háitiúil sa Sailors Home.
- Láithreán na Féile a leathnú cois na habhann chun imeacht Mhargadh Ealaíne a áireamh sa Mhargadh Prátaí mar aon leis an Roth Lánléargais.
- Bhí an-tóir ar ghníomhaíochtaí uisce-bhunaithe, leis an ziplíne dúbailte thar an tSionainn agus tugadh léargas difriúil ar an abhainn mhór do go leor daoine le gníomhaíochtaí ar nós sórbáil, cadhcáil, bádóireacht dragan agus an roth lánléargais.

- Ard os cionn na habhann, rinne an chuideachta damhsa aeróige atá lonnaithe i Luimneach Fidget Feet léiriú bríomhar de shaol lascairí na Sionainne le taispeántais iontacha d'acrafaic aeróige, agus chuir maighdeana mara ag marcaíocht ar chapail farraigí na sluaite faoi gheasa le linn na féile.
- Comhpháirtíocht leis an LEO, Straitéis Bia Luimnigh chun 'Blas Luimnigh' a sheachadadh ag Riverfest.

Bhuaigh Riverfest dhá ghradam in 2019, an Imeacht is Fearr agus an Imeacht Beo is Fearr ag Gradaim Tionscail Imeachtaí 2019

OÍCHE CHULTÚIR

Bhí Oíche Chultúir 2019 ar siúl an 20 Meán Fómhair, agus bhí baint ag raon leathan ealaíontóirí, eagraíochtaí cultúrtha, institiúidí agus grúpaí pobail le clár eisceachtúil imeachtaí a sheachadadh. Tarlaíonn Oíche Chultúir Luimnigh toisc go roinneann a lán daoine fíis agus díograis maidir le taitneamh a bhaint as cruthaitheacht agus cultúr, iad a cheiliúradh agus a chur chun cinn. I mí Iúil eisíodh glao oscailte chun Imeachtaí Oíche Chultúir Luimnigh a chlárú d'eagraíochtaí cultúrtha, do phobail agus do dhaoine aonair a bheith mar chuid de chlár corraitheach na bliana seo ar fud na cathrach agus an chontae. Rolladh próiseas clárúcháin amach ar líne den chéad uair. Earcaíodh an líon is mó oibríthe deonacha faoin gClár um Rannpháirtíocht Shibhialta Chultúrtha in 2019. Bhronn an Roinn Cultúir, Oidhreacht agus Gaeltachta €16,000 ar Chomhairle Cathrach agus Contae Luimnigh i dtreo Oíche Chultúir Luimnigh.

OÍCHE CHULTÚIR LUIMNIGH 2019 - STAITISTICÍ

Líon Iomlán an Lucht Féachana: 21,028 ball den lucht féachana

Líon Iomlán na nImeachtaí: 81 Imeacht pleanáilte

Líon Iomlán na nIonad: thart ar 70 ionad in 8 n-ionad sa réigiún



Léiriúchán aeróige Fidget Feet ag Riverfest



Téadchleasaí Chris Bullzini, ag taispeánadh go poiblí i gCé Artúir ar Oíche Chultúir

LUIMNEACH A LASÚ

Seoladh an Nollaig i Luimneach le díreach os cionn 17,000 duine, an chuid is mó díobh ina dteaghlach, ag teacht ar Shráid Uí Chonaill i Luimneach Dé Domhnaigh 17 Samhain 2019 le haghaidh lasadh traidisiúnta Soilse Nollag na cathrach, a sheolann séasúr na féile go hoifigiúil i Luimneach. Tháinig aoi onóra speisialta, Rós Trá Lí, an Dr. Sinéad Flanagan isteach le Méara Chathair agus Chontae Luimnigh, an Comhairleoir Michael Sheahan ag searmanas Luimneach a Lasú, chomh maith le haonna speisialta Santa Claus agus Lucharacháin as an bPoll Thuaidh.

Chuir taibheoirí sráide agus aíonna speisialta siamsaíocht ar fáil do na sluaite ó 4.30i.n. , roimh an bpríomhócáid - lasadh na soilse, ima measc bhí Cór Óige Luimnigh agus Ensemble Gutha Zion in éineacht le carachtair gheamaireachta ó Beauty and the Beast de chuid Chumann Geamaireachta Luimnigh ag Amharclann The Lime Tree, agus Aladdin le Geamaireacht Luimnigh The Specsavers ag Ceoláras na hOllscoile,

Cuireadh taispeántas tinte ealaíne i láthair na ndaoine a bailíodh freisin agus chinntigh meaisín sneachta gur chlúdaigh na haimsirí Nollag is traidisiúnta an iliomad leanaí a bhí i láthair a chan amhráin na Nollag agus a bhain taitneamh as an taispeántas iontach de lasadh shoilse LED na Nollag ar fud lár na cathrach. Níos luaithe sa lá bhí an grúpa Liveable Limerick ina óstach ar a Charity Xmas Dash, inar ghlac Daidithe na Nollag seilbh ar Shráid Uí Chonaill agus iad ag glacadh páirte i rásaí éagsúla lena n-áirítear rás trí-chos an Uasail Claus agus a Bhean Uasail, ráib de dhaoine cáiliúla, rás cathaoireacha rothaí agus rás mála. Chuaigh na fáltais go léir chuig Novas agus chuig Iontaobhas Peter McVerry.

NOLLAIG I LUIMNEACH

Le ceiliúradh na bliana seo d'fhill Toots the Train go Luimneach le síneadh an bhealaigh, ag cruthú turas ceiliúrtha ar na príomhshuímh oidhreachta nádúrtha agus tógtha atá i Luimneach. Cuireadh beochan breise den Ghairdín Uirbeach mar Mhol Nollag ar fáil i gcomhpháirtíocht le Seodóirí Matthew Stephens agus tacaíocht thrasrannach ó Ranna Chomhairle Cathrach agus Contae Luimnigh, lena n-áirítear na hOibríochtaí Seirbhíse, Pleanáil agus Forbairt, Páirceanna, Forbairt Fhisiciúil agus Margaíocht agus Cumarsáid.

TAISPEÁNTAS TINTE EALAÍNE OÍCHE CHINN BLIANA

Tháinig deireadh le féilte na Nollag i Luimneach an 31 Nollaig, le Taispeántas Tinte ealaíne Oíche Chinn Bliana a bhí oiriúnach don teaghlach uile ag 7in. Bhí slua measta de 25,000 duine ar na ceantair féachana de Thrá Mhic Fhlanncha, Droichead an tSáirséalaigh chomh maith le Páirc Ché Artúir agus Gairdín an Mhúsaem Hunt.

CLÁR UM RANPHÁIRTÍOCHT CHATHARHA CHULTÚRTHA


Maoinithe tríd an gCiste Idirghabhála Sóisialta soláthraíonn an clár deiseanna rannpháirtíochta laistigh de struchtúir seachadta de sé imeacht chathartha i Luimneach agus díríonn sé ar ghrúpaí atá i mbaol eisiaimh chun rannpháirtíocht chathartha chultúrtha a leathnú agus a dhoimhniú agus oibriú chun éagsúlacht na hionadaíochta ag féilte/imeachtaí cathartha cultúrtha a fheabhsú i Luimneach.

I measc samplaí den tionchar a bhí ag na cláir in 2019 bhí:

- Taifeadh 1,000 uair an chloig de rannpháirtíocht oibríthe deonacha mar chuid de na féilte cathartha
- Áiríodh ar na saorálaithe rialta agus athchleachtacha, rannpháirtithe ó Ghrúpa Drámaíochta Pobail an Chnoic Theas, Bothán na bhFear an Chnoic Theas,



Imeacht seolta poiblí Luimneach a Lasú ar Shráid Uí Chonaill



Taispeántas Tinte ealaíne Oíche Chinn Bliana

Grúpa Drámaíochta Pobail Northside Misfits Bhaile Uí Neachtain, Seirbhís Litearthachta na hInstitiúide Teicniúil Bardasach (Limerick Red Tech), Soláthar Díreach Cnoc an Lisín, An Clár Road to Recovery ag Adapt Service.

- Ghlac 65 grúpa pobail áitiúil páirt i bparáid Lá Fhéile Pádraig.
- Thacaigh timpeall 204 saorálai le féilte cathartha

FORBAIRT STRAITÉIS FÉILTE AGUS IMEACHTAÍ

Rinneadh próiseas tairisceana chun sainchomhairleoirí a cheapadh chun Straitéis Féilte agus Imeachtaí a fhorbairt do Luimneach. Ceapadh Féilte Idirnáisiúnta i gCeathrú 4 agus tionóladh cruinniú bunaithe i mí na Nollag.

MAOINIÚ BRONNTA AR CHOMHAIRLE CATHRACH AGUS CONTAE LUIMNIGH

Fuair an Chomhairle 75,000 do Thionscadal Mhúsaem na nAinmhithe Uisce Miotaseolaíoch (€ 3) ó scéim mhaoinithe na Comhairle Ealaíon 'Cuireadh chun Comhoibriú', le hOifig Ealaíon an Chabháin, Oifig Ealaíon an Chláir, Oifig Ealaíon Thiobraid Árann agus Teach Ormston. Seachadann an tionscadal seo Clár Cónaitheachta in 2020-2021 i gceithre chontae feadh na Sionainne, nascann sé ealaíontóirí agus grúpaí pobail chun saothair ealaíne comhoibríoch nua a chruthú agus foilsíonn sé na torthaí meastóireachta agus "Machnaimh" ar mhúnlaí cónaitheachta, próiseas comhoibríoch agus mapáil choimeádaithe.

Fuair an Chomhairle €10,000 san iomlán ó Fáilte Ireland ón Scéim Féilte Réigiúnacha agus Imeachtaí Rannpháirteacha do Riverfest agus do Chraobhchomórtais Idirnáisiúnta na mBanna Máirseála, ag gnóthú an uasmhéid de €5,000 an ceann. Ina theannta sin fuair an Chomhairle sochar Margaíochta Idirnáisiúnta comhchineáil dar luach € 5,000 ó Fáilte Ireland do Chomhpháirtíocht Luimnigh le Fáilte Ireland do thionscnamh Sheachtain Fhéile Phádraig.

Fuair Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh €30,000 tríd an gCiste Idirghabhála Sóisialta don Chlár Rannpháirtíochta Cathartha Cultúrtha, €1,000 ó Uiscebhealaí Éireann le haghaidh Riverfest agus maoiniú breise ó Éire Ildánach do thionscadal amháin i Luimneach de €20,000.

TIONSCADAIL EORPACHA

Fuair Luimneach cúig thionscadal arna maoiniú ag Eoraip Ildánach sa bhábhta maoinithe is déanaí. Beidh Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh ina comhpháirtí comhlach ar Scoil Rannpháirtíochta, faoi stiúir Walk the Plank (RA) agus ar TRAINART faoi stiúir consorzio marche spettacolo (an Iodáil).

Scoil Rannpháirtíochta Is Tionscadal 'Eoraip Ildánach' é a sholáthróidh deiseanna forbartha acmhainne do chleachtóirí cruthaitheacha chun muinín a thabhairt dóibh oibriú i gcleachtas rannpháirteach. Is tionscadal leantach é an tionscadal seo ón 2019 School of Spectacle, agus cuirfidh sé deiseanna ar fáil do dhaoine cruthaitheacha atá lonnaithe i Luimneach páirt a ghlacadh i scoileanna foghlama in Graz, Coventry agus Kaunas. Tabharfar cuireadh d'ealaíontóirí iarratas a dhéanamh ar an deis trí ghlaonna oscailte. Tionóladh an chéad chruinniú comhpháirtíochta i Rijeka, sa Chróit i mí Dheireadh Fómhair.

TRAINART Is Tionscadal 'Eoraip Ildánach' é atá deartha chun clár forbartha acmhainne a chur i bhfeidhm d'oibreoirí cultúrtha chun scileanna nua agus samhla nua gnó a fhorbairt in dhá earnáil ealaíon taibhiúcháin ar leith: (i) Múnlaí bainistíochta nua do spásanna cultúrtha; agus (ii) Léirithe beo / idirghabhálacha ealaíne i gcreataí neamhthraidisiúnta. Eagróidh TRAINART clár oiliúna cumaiscthe d'oibreoirí cultúrtha ar a mbeidh 60 uair oiliúna ar líne agus 60 uair oiliúna ar an láthair trí roinnt Teophointí Oiliúna a eagrófar ar fud na hEorpa. Tionóladh an chéad chruinniú comhpháirtíochta in Ancona, san Iodáil i mí Dheireadh Fómhair. Cuirfidh Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh fáilte roimh na comhpháirtithe go Luimneach i mBealtaine 2020 le haghaidh oiliúna.

AN CHOMHAIRLE EALAÍON - CREAT-CHOMHAONTÚ

Is tiomantas é comhaontú na Comhairle Ealaíon / CCMA, Creat um Chomhar (2016 - 2025) plean oibre 3 bliana (2016 - 2018) chun ligean d'Údarás Áitiúla agus don Chomhairle Ealaíon dul i mbun próiseas chun Creat-Chomhaontú Aonair a fhorbairt. Tá comhaontú sínithe ag Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh ina gcuirtear béim ar na dtosaíochtaí straitéiseacha roinnte d'fhorbairt na n-ealaíon i gCathair agus i gContae Luimnigh thar thréimhse an chomhaontaithe seo; fis agus spriocanna a leagan amach maidir leis an méid is féidir linn a bhaint amach le chéile.

Is iad an ceithre gníomh straitéiseach roinnte;

1. Tacú le hEalaíontóirí agus le hEagraíochtaí Cultúrtha
2. Na hEalaíona Tuaithe agus Sármhaitheas
3. Daoine Óga, Leanaí agus Oideachas
4. Féilte agus Imeachtaí

An Clár Cultúir agus Ealaíon

Áiríodh le seachadadh leanúnach an chláir Cultúir agus Ealaíon i gcomhar le cuspóirí na Comhairle Ealaíon;

TACÚ LE HEALAÍONTÓIRÍ AGUS LE HEAGRAÍOCHTAÍ CULTÚRTHA

Forbairt Ghairmiúil d'Amharcealaíontóirí

Ionad Acmhainní Nua Amharcealaíontóirí Éireann (VAI) i dTeach Ormston. Is comhoibriú é seo idir Amharcealaíontóirí Éireann, Teach Ormston agus oifigí Ealaíon Luimnigh, an Chláir agus Thiobraid Árann chun tacú le forbairt ghairmiúil ealaíontóirí sa réigiún. Tionóladh 10 n-imeacht i dTeach Ormston (sé cheardlann, dhá Chaifé Amharcealaíontóra, dhá Dheasc Chabhrach VAI).

Bailiúchán Ealaíne

Rinneadh dul chun cinn suntasach ar an obair chun an bailiúchán ealaíne atá ann a dhoiciméadú agus a mheasúnú, rinneadh córas uimhrithe do na saothair ealaíne a chinneadh agus rinneadh saothair a uimhríú agus a dhoiciméadú.

DAOINE ÓGA, LEANAÍ AGUS OIDEACHAS

An Tionscadal The Bingo Wings

Is í Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh an príomhpháirtí ar Cuireadh chun Comhoibrithe arna mhaoiniú ag an gComhairle Ealaíon, an tionscadal The Bingo Wings, tionscadal mór idirghlúine comhoibritheach a dhéanann iniúchadh ar théama an Biongó, leis an gceannaire ealaíne Fidget Feet.

Reáchtáladh Ealaíontóir Cónaithe Siorcais don Tionscadal Bingo Wings i Luimneach i mBealtaine-Meitheamh, le ceardlanna le grúpaí óige áitiúla agus grúpaí daoine scothaosta, ag baint úsáide as gluaiseacht, sorcas agus amharclann, tugadh 10 ngrúpa le chéile idir 10 - 90 bliain d'aois a bhfuil spéis acu sa drámaíocht, biongó, bualadh go sóisialta, sorcas, aer-damhsa agus damhsa líne.



Aer-chleasgheacaí ó léiriú Bingo Wings san Amharclann Lime Tree



Siompóisiam Bingo Wings ag Acadamh Ceoil agus Damhsa Domhanda na hÉireann, Ollscoil Luimnigh, arna oscailt ag Méara Chathair agus Chontae Luimnigh, an Comhairleoir Michael Sheahan



Léiriú Bingo Wings san Amharclann Lime Tree

Bhí taibhiú Bingo Wings, seó nua corraitheach ina raibh sorcas, aer-damhsa agus amharclann ar siúl in Amharclann an Lime Tree i mí Mheán Fómhair.

Gné phoiblí dheirdh ba ea an ócáid Siompóisiam agus Ceiliúrtha ag Acadamh Ceoil agus Damhsa Domhanda na hÉireann, Ollscoil Luimnigh i mí na Samhna, a d'oscail Méara Chathair agus Chontae Luimnigh, an Comhairleoir Michael Sheahan agus plé painéil faoi chathaoirleacht an Dr Kathleen Turner, ar an Déardaoin an 21 Samhain. Tá meastóireacht tionscadail ar siúl, a bheidh críochnaithe san earrach in 2020 agus is príomhthéama é cineálacha cur chuige faoi stiúir na n-ealaíontóirí maidir le hobair idirghlúine.

Fuair Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh an maoiniú chuige seo le hiarratas ar Scéim Cuireadh chun Comhoibrithe na Comhairle Ealaíon i gcomhpháirtíocht le Comhairle Contae Chiarraí agus Comhairle Contae Dhún na nGall.

EALAÍONTÓIRÍ I SCOILEANNA 2019

Chuir an Chomhairle an clár bliantúil Ealaíontóirí i Scoileanna ar fáil arís. Tá an clár deartha chun tacú le Cuspóir 6 de Straitéis Chultúrtha Luimnigh 2016-2030 trí shraith ceardlann arna seachadadh ag cleachtóirí cruthaitheacha gairmiúla i suíomh bunscoile. Oibreoidh éascaitheoirí ó thrí Fhéile / Imeacht; Ilen Project Gandelow Gang, Hearsay International Audio Festival agus Féile Ealaíon an Ospidéal i gcomhar le Fidget Feet, le linn 2019 agus 2020 le naoi scoil, trí cinn an ceann, ag baint úsáide as próiseas cruthaitheacha éagsúla. Ansin taispeánfaidh gach scoil torthaí an chaidrimh seo ag féile chomhfhreagrach. Chun cothromaíocht gheografach a chinntiú, roghnaítear trí scoil as gach Ceantar Bardasach ar bhonn rollach chun páirt a ghlacadh sa chlár.

Tionscadal Ilen Áth Dara-Ráth Caola

SN na Banóige - Cromadh, SN Chill Díoma - Kildimo, SN Naomh Anna - Ráth Caola

Féile Ealaíon an Ospidéal i gcomhpháirtíocht le Fidget Feet

An Cheapach Mhór Cill Mocheallóg

S.N. Chnoc Áine - An tOspidéal, S.N. an Ospidéal - An

tOspidéal, S.N. Bhaile Hiobaird - Baile Hiobaird

Féile Idirnáisiúnta na nEalaíon Fuaime HearSay

An Cheapach Mhór Cill Mocheallóg

S.N. Bhéal Átha Bó - An Cheapach Mhór, S.N. Builgidín. -

Cill Mocheallóg, S.N. Garraí Dúlas - An tSeanphailís

AMHARCLANN ÓIGE CHONTAE LUIMNIGH (COLYTS)

Tá an Chomhairle ag obair le hAmharclann Óige Chontae Luimnigh chun fíis agus misean a fhorbairt d'fhorbairt inbhuanaithe d'Amharclann Óige Chontae Luimnigh chun tacú leis an bhfás a baineadh amach le roinnt blianta anuas. Tá tacaíocht mheantóireachta a bhaineann le struchtúir eagrúcháin nua agus rialachas aitheanta agus curtha ar fáil. I measc na léiriúcháin bhí - The Big Four - 4 léiriúcháin a bhaineann go sonrach leis an suíomh (Bealtaine), 'The Rescue', Dynalys and Colyts (Bealtaine), campa samhraidh comhtháite (le rannpháirtithe ó Fhondúireacht Naomh Seosamh agus an Colyt) (Meitheamh), campa samhraidh na nÓg in Amharclann HoneyFitz (Lúnasa), Athléiriú de 'The Rescue', Cluain Abhla (Meán Fómhair) agus an Gheamaireacht - 'The X-Factory', Nollaig (Dynalys and Colyts).

CÓR ÓIGE LUIMNIGH

Tá Cór Óige Luimnigh a bhfuil cáil náisiúnta air, as a ceol comhaimseartha agus clasaiceach, comhdhéanta de dhaoine óga idir 17 agus 28 bliana d'aois. Déantar ballraíocht na gcór trí thriail agus tarraingítear í ó scoláirí i scoileanna agus i gcoláistí oideachais tríú leibhéal. Is cór measctha gutha é do Soprano, Alto, Tenor agus Bass. Léiriúcháin - Comhcheolchoirm le Rye Country Day School, SAM - Márta, ghlac baill roghnaithe páirt i gceardlanna san Fhéile Limerick Sings, le Grúpa na Sualainne, The Real Group agus an cumadóir agus stiúrthóir a bhfuil cáil dhomhanda air, Bob Chilcott (Meitheamh), Ceolchoirm 'Singing for Mental Health', Ardeaglais Naomh Muire (Deireadh Fómhair), Ceolchoirm na Nollag, Ardeaglais Naomh Muire.



Ealaíontóirí i Scoileanna, Hatch san Ospidéal, Co. Luimnigh

NA HEALAÍONA SA SLÁINTE



Léiriúchán Amharclann Óige Chontae Luimnigh de 'X Factory'

RINCE IMEASCTHA

Tá Roinn Cultúir agus Ealaíon Luimnigh ag obair le Mary Hartney le Clár Rince Imeasctha a sholáthar mar chuid den Chlár Ealaíona sa Sláinte. In 2018-2019 d'oibrigh an clár le cúig scoil, le líon méadaithe de dhaltaí ó 310 go 377 dhalta idirbhliana agus 54 úsáideoir seirbhíse. In 2019, rinne an Clár Rince Imeasctha clár nua a phiólótú i Seirbhísí Leanaí Iarthar Luimnigh, ag obair le húsáideoirí seirbhíse idir 10-14 bliana d'aois. Tar éis athbheithniú a dhéanamh ar an gclár piólótach, comhaontaíodh oibriú le Clár Gaisce na hIdirbhliana Scoile, mar bhealach chun compánach a sholáthar. Cuireadh tús leis seo i mí na Samhna 2019. Léiriúcháin -Físeán de léiriú nua, a taispeánadh ar an scáileán ag ócáid na Nollag i dTeach Rathfredagh Cheshire agus léiriúchán le húsáideoirí seirbhíse Sheirbhísí Leanaí Iarthar Luimnigh, a mhuintir agus a chairde.

HELIUM ARTS

Tá an Chomhairle ag obair i ról bróicéireachta le Helium Arts maidir le Mol Sláinte Cruthaitheach nua a sholáthar i Luimneach chun rochtain ar na healaíona a sholáthar do leanaí agus do dhaoine óga a bhfuil riochtaí fadtéarmacha orthu. Tacaíonn Mol Sláinte Cruthaitheach Luimnigh na nEalaíon le meabhairshláinte agus ionchuimsiú sóisialta leanaí a bhfuil riochtaí míochaine fadtéarmacha orthu, chun aonrú a laghdú agus folláine a mhéadú trí chlár ealaíon sa phobal atá nasctha le hothair sheachtracha Ospidéal na hOllscoile, Luimneach, i stíl seachadta ealaíon-ar -oideas. In 2019 bunaíodh clár nua sna hOthair Sheachtracha Péidiatraiceacha in Ospidéal na hOllscoile, Luimneach. Cuireadh tús le ceardlanna pobalbhunaithe nua i mí an Mhárta agus mhair siad go dtí mí na Nollag.

COISTE EALAÍON GHRÚPA OSPIDÉAL OL

Tá an Chomhairle ag obair le Coiste Ealaíon Ghrúpa Ospidéal Ollscoil Luimnigh, chun réimsí comhspéise agus comhoibrithe a bhunú. In 2019 d'éascaigh an Chomhairle cruinniú idir Comhairle Ealaíon na hÉireann agus Coiste Ealaíon Ospidéal Ollscoil Luimnigh maidir le saothar a thabhairt ar iasacht do na hospidéal ó Bhailiúchán na Comhairle Ealaíon agus ó bhailiúchán na Comhairle. I mí Mheán Fómhair, suiteáladh iasacht de 16 saothar ó Bhailiúchán Náisiúnta na Comhairle Ealaíon ag príomhshráid an Ospidéal. Roghnaigh Coiste Ealaíon Ghrúpa Ospidéal Ollscoil Luimnigh breis agus 35 earra ó Bhailiúchán na Comhairle agus ullmhaíodh iad seo le haghaidh iasachta.

NA HEALAÍONA TUAITHE AGUS SÁRMHAITHEAS

SRAITH CEOLCHOIRMEACHA AN FHÓMHAIR CAISLEÁN UÍ CHONAILL

Ba é Séipéal na Naomh Uile i gCaisleán Uí Chonaill an t-ionad arís do Shraith Ceolchoirmeacha an Fhómhair Castleconnell. Ba í an aidhm a bhí leis na ceolchoirmeacha seo a chur i láthair ná deis a thabhairt do mhuintir Luimnigh taitneamh a bhaint as ceol beo clasaiceach, á sheimn ag ceoltóirí ardoilte Éireannacha agus idirnáisiúnta ag ionad iontach atá pearsanta agus áitiúil. Bhí an-áthas orainn leanúint ar aghaidh le Liz Nolan ó RTE LyricFM mar chomhoibritheoir ar an gclár agus mar láithreoir na sraithe. Ba iad na taibheoirí Leon McCawley, Esme Quartet, Camerata Kilkenny agus Maria Keohane, agus chuir Music Network Ben Johnson agus Sean Shibe i láthair.



Cearlanna pobalbhunaithe Helium Arts do leanaí a bhfuil riochtaí míochaine fadtéarmacha orthu

ÉIGSE MHÍCHEÁL Ó HAIRNÉIDE

Forbraíodh comhpháirtíocht straitéiseach leis an bhFéile Liteartha agus Ealaíon Éigse Mhícheál Ó hAirtnéide mar chuid dár gclár um fhorbairt cumais d'fhéilte agus d'imeachtaí. Rinne Éigse Mhícheál Ó hAirtnéide 2019, a bhí ar siúl sa Chaisleán Nua, Co Luimnigh idir an 3 agus an 5 Deireadh Fómhair, comóradh 20 bliain ó bhás Mhícheál Ó hAirtnéide i mí Dheireadh Fómhair 1999. Tá a chuid dánta fós, agus dhá scór bliain tar éis a bháis, chomh láidir agus chomh úr agus a bhí riamh agus is í an oidhreacht seo a cheiliúrtar trí Éigse Mhícheál Ó hAirtnéide. Thug Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh i gcomhar le coiste áitiúil Éigse Mhícheál Ó hAirtnéide, bailiúchán iomráiteach d'fhilí agus de cheoltóirí le chéile in ómós; Nuala Ní Dhomhnaill Paddy Bushe, Paula Meehan, Theo Dorgan, James Harpur, Eileen Sheahan, Doireann Ní Ghríofa, Gabriel Fitzmaurice, Jo Slade, Máighread Medbh agus Edward O'Dwyer. Bronnadh Gradam Bliantúil Filíochta i gCuimhne ar Mhícheál Ó hAirtnéide, an dámhachtain de €4,000 ar fhile a scríobhann i nGaeilge, Ailbhe Ní Ghearbhuigh, as a foilseachán Tost Agus Allagar (Coiscéim, 2016).

SEARMANAIS - FÁILTITHE CATHARHA SEARMANAS DÁMHACHTAINÍ OIBRITHE DEONACHA

Reáchtáladh fáiltiú Méara i mí na Bealtaine chun ómós a thabhairt do na saorálaithe go léir a ghlac páirt sa chlár le 12 mhí anuas. Fuair saorálaithe teastais ó Mhéara Chathair agus Chontae Luimnigh ag moladh dóibh as a seirbhís do na himeachtaí cathartha cultúrtha.

SEARMANAS DÁMHACHTAINÍ SPARÁNACHTA

Agus é ag aithint go bhfuil tallann ealaíonta agus cruthaitheach den scoth ag Luimneach, reáchtáladh fáiltiú ó Mhéara Chomhairle Cathrach agus Contae Luimnigh, an Comhairleoir Michael Sheahan, i mí na Nollag. Cinntíonn na sparánachtaí seo go leanann daoine Cruthaitheacha orthu ag maireachtáil agus ag obair i Luimneach agus a chinntíonn go leanann cáil Luimnigh mar áit cruthaitheachta agus cultúir nuálaíoch.

TUAIRISCÍ

Chuir Indecon Consulting Tionscadal Taighde Sheirbhís Ealaíon na nÚdarás Áitiúil le chéile. I mí Iúil, sheol Jackie Maguire, Cathaoirleach an Chumainn Bhainistíochta Contae agus Cathrach agus Príomhfheidhmeannach Chomhairle Contae na Mí an tuarascáil, a forbraíodh mar chuid den chlár 'Cuireadh chun Comhoibrithe' arna mhaoiniú ag an gComhairle Ealaíon ag oifigi ealaíon údarais áitiúla Fhine Gall, Chill Dara, Liatroma agus Luimnigh le Indecon Consulting. (CCMA) .



Faightheoirí na nGradam Sparánachta d'Ealaíontóirí Aonair ag a searmanas cur i láthair i Halla na Cathrach

LEABHARLANNA, DÁNLANNA AGUS MÚSAEM

SEIRBHÍS LEABHARLAINNE

Seirbhís Leabharlainne a Bhuaigh Dámhachtainí:

Fuair Seirbhís Leabharlainne Chathair agus Chontae Luimnigh an Gradam Seirbhíse Leabharlainne is Fearr do Chambers Ireland don bhliain 2019 as an tionscadal 'Leabharlann Phobail Chrois Theach na Foraire ina bhfuil ilionmad Acmhainní mar thaca do dhaoine a bhfuil Uathachas orthu'. Cuireadh tús leis an tionscadal nuair a tugadh isteach Seomra Céadfach nua i Leabharlann Chrois Theach na Foraire a bhfuil éileamh mór air le teaglaigh agus eagraíochtaí ó bunaíodh é i mí Dheireadh Fómhair. De ghnáth is ionann líon na gcuariteoirí agus 170 in aghaidh na míosa, dearadh an spás seo chun cabhrú le daoine aonair a bhfuil éagsúlacht dúshlán céadfach agus foghlama acu, go háirithe iad siúd a sainaitníodh a bheith ar speictream an uathachais.

Imeachtaí Cultúrtha, Pobail agus Stairiúla:

- I mí Eanáir, d'óstáil Leabharlann Thuar an Daill taispeántas tábhachtach ag comóradh **na Céad Bliain an Chéad Dáil** a tionóladh i dTeach an Ard-Mhéara, Baile Átha Cliath i mí Eanáir 1919. D'fhreastail sliocht na dtrí TD as Luimneach ó 1919 (Michael Colivet, Dr. Richard Hayes agus Con Collins) ar sheoladh Méara Chathair agus Chontae Luimnigh, an Comhairleoir James Collins agus bronnadh cóip den leabhar *Revolutionary Limerick: The Republican Campaign for Independence in Limerick, 1913–1921* le John O'Callaghan. D'fhreastail baill tofa Chomhairle Cathrach agus Contae Luimnigh ar an searmanas a

bhí mar chuid den Chlár Cuimhneacháin Náisiúnta: Deich mbliana na gCéad bliain, 2012–2022.

- I mí an Mhárta, sheol an tseirbhís Leabharlainne agus Músaem an taispeántas **100 Bliain de Mhná sa Pholaitíocht agus sa saol Poiblí, 1918–2018**, ar Lá Idirnáisiúnta na mBan ag Halla Istabraq, Cé na gCeannaithe. Ba é an staraí agus údar Éireannach Sinéad McCoolle a léirigh an taispeántas mór taistil náisiúnta seo agus thug sé léargas úr corraitheach ar eispéreas na mban sa saol poiblí le céad bliain anuas. D'éirigh go hiontach leis an taispeántas agus bhreathnaigh os cionn 1,750 cuairteoir air le linn a shaolré de sé seachtaine.
- Rinneadh **comóradh céad bliain ar Shóivéadach Luimnigh** ag féile imeachtaí, léachtaí agus taispeántais míosa i mí Aibreáin. Chuir Leabharlann Chrois Theach na Foraire taispeántas agus cur i láthair ar siúl ar an Sóivéadach a chuimsigh taifeadadh Pathé News ar sheicphointí ar Dhroichead Sáirséalaigh agus d'óstáil Leabharlann na Gráinsí seoladh stair dheifnideach Liam Cahill faoin ngluaiseacht, *Forgotten Revolution – The Limerick Soviet 1919*.
- Rinneadh comóradh céad bliain ar tharrtháil an Saorálaí Sean Hogan ó thraein i gCnoc Long, Contae Luimnigh le féile seachtaine drámaí, léachtaí, taispeántais agus ócáid náisiúnta i rith mhí na Bealtaine.



Déanann Méara Chathair agus Chontae Luimnigh, an Comhairleoir Michael Sheahan comhghairdeas le Pam Byrne as Leabharlann Chrois Theach na Foraire as an Acmhainn agus an Seomra Céadfach a thacaíonn le huathachas de chuid Leabharlann Chrois Theach na Foraire, a bhfuil duaiseanna buaite aige



Seoladh an Taispeántais Céad Bliain i Leabharlann Thuar an Daill chun an Chéad Dáil a chomóradh in Eanáir 1919



An Méara James Collins leis an staraí Sinéad McCoolle agus daltaí ó Gaelcholáiste Luimnigh ag seoladh 100 Bliain na mBan sa Pholaitíocht agus sa saol Poiblí, 1918–2018, 8 Márta 2019



100 Bliain de Mhná sa Pholaitíocht agus sa saol poiblí, taispeántas 1918–2018 i Halla Istabraq, Cé na gCeannaithe, Márta 2019

- I measc imeachtaí eile chun Deich mBliana na gCéad bliain a cheiliúradh bhí cainteanna leis an staraí an Dr. John O'Callaghan, údar an leabhair Limerick: The Irish Revolution 1912-1923, i mbrainsí na Gráinsí, Chill Mocheallóg agus an Chaisleáin Nua. Do staraithe níos óige thug Brian Gallagher cuairt ar Leabharlann Chill Mocheallóg i mí Dheireadh Fómhair chun labhairt faoina shraith leabhar a socraíodh le linn Chogadh na Saoirse in Éirinn.
- Reáchtáil Leabharlann Chrois Theach na Foraíre, i gcomhar le Salmon's Wake agus tionscadal Ilen, sraith imeachtaí suimiúla i mí an Mhárta. Is clár oideachais pobail é an Salmons Wake, le fócas ar leith ar thimpeallacht foghlama dinimiciúil a chruthú timpeall ar Bhradán Fiáin an Atlantaigh atá le fáil sa Sionainn. Tá an clár deartha chun caidrimh dhearfacha a chothú idir óige Luimnigh agus na Graonlainne. Bhí trí scoil i gceantar Luimnigh agus timpeall Nuuk sa Ghraonlainn ag leanúint tionscadal turas Salmon's Wake Scoil Náisiúnta Thuamhan agus Coláiste Pobail Thuamhan i Luimneach, agus Ukaliusaq Skole i Nuuk. D'óstáil Leabharlann Chrois Theach na Foraíre painéil taispeána ó Thionscadal Athchóirithe Ilen agus ceardlanna le leanaí ó Bhunscoil Thuamhan a raibh macasamhail de Choite Slatiascaireachta á dtógáil acu agus cártaí poist a dhearadh le seoladh chuig leanaí scoile i Nuuk, an Ghraonlainn. Tá an Ilen ag taisteal 2,222 míle ferraige ó Dugaí Luimnigh go Port Nuuk, an Ghraonlainn agus is féidir le cuairteoirí ar an leabharlann a dul chun cinn a rianú i bhfíor-
- am. Reáchtáil clár oideachais pobail Salmon's Wake ócáid eile i mí na Bealtaine le níos mó ná 62 duine ag roinnt scéalta faoina dtaití timpeall ar an gCoite Slatiascaireachta, canadh rabhcáin mhuirí agus bhain gach duine taitneamh as an ócáid.
- Rinneadh Oíche Chultúir a cheiliúradh le roinnt imeachtaí lena n-áirítear an taispeántas Ailtireacht Margaidh In Aisce i Leabharlann Chill Mocheallóg ina raibh fuaimdhreach a cruthaíodh go speisialta de bhaile Chill Mocheallóg le Gray Heron Media agus chuir Leabharlann na Gráinsí ócáid i láthair darb ainm Once Upon October, cur i láthair ar théama an fhómhair filíochta agus ceol traidisiúnta na hÉireann.
- Lean an tsraith Léachtaí Oíche na Gráinsí ag tarraingt lucht féachana mór le linn 2019. Thug an t-údar de 'Tom Crean - Ice Man' Michael Smith cuairt i mí na Bealtaine chun labhairt faoi chuid de na taiscéalaithe Antartacha Éireannacha nach bhfuil chomh cáiliúil sin. Thug an Dr. Keith Munro as Tuaisceart Éireann cur i láthair soilseach ar shaol Margaret Cousins, bean nach bhfuil mórán aithne uirthi ach a bhí an-tábhachtach do ghluaiseacht vótála na mban anseo in Éirinn agus, níos déanaí san India. An 19 Samhain, thug Angus Mitchell léacht iontach dar teideal 'The Lost Library of Bulmer Hobson' faoi fhigiúr suntasach ach a ndearnadh dearmad air den chuid is mó i stair streachailt neamhspleáchais na hÉireann.



Údar Liam Cahill ag seoladh a leabhair, *Forgotten Revolution - The Limerick Soviet 1919* i Leabharlann na Gráinsí, 29 Aibreán 2019

- I mí Dheireadh Fómhair bhí áthas ar an tSeirbhís Leabharlainne glacadh le haistriú saothair speisialta a rinne Liam Flynn, nach maireann. Máistir-cheardaí as Mainistir na Féile ab ea Liam a bhfuil ardmheas ar a chuid oibre ar fud an domhain. Tá samplaí le feiceáil san Ionad um Ealaín Adhmaid SAM, i Músaem Victoria agus Albert i Londain, in Institiúid Ealaíon Minneapolis agus i Músaem Náisiúnta na hÉireann agus na hAlban. Taispeánann an grianghraf comhpháirtí Liam Mary Leahy, a mháthair Myra agus teaghlach Flynn ag tabhairt an bhábhla don tSeirbhís Leabharlainne mar oidhreacht de chuimhne Liam.

Taispeántais

- I mí Eanáir, chuir Leabharlann an Chaisleáin Nua pictiúir nua ar taispeántais leis an ealaíontóir iomráiteach Jean Ryan Hakizimana agus d'óstáil Leabharlann Thuar an Daill dhá thaispeántas ealaíne ag tosú le Caoimhe O'Flanagan agus Grúpa Ealaíne Pobail an tSlánaitheora ina dhiaidh sin.
- D'oscail Leabharlann na Gráinsí an taispeántas go hoifigiúil an Chéad Chogadh Domhanda: Iarracht Dhaonnúil na hÉireann le Otharcharr Naomh Eoin i mí Eanáir. Bhí Méara Chathair agus Chontae Luimnigh, an Comhairleoir James Collins i gceannas agus i láthair bhí Oifigigh Otharchairr áitiúla Naomh Eoin agus Oifigigh as Ord Mhálta.
- Ba é Splash of Colour an teideal cuí ar thaispeántas ealaíne mhí Feabhra i Leabharlann an Chaisleáin Nua ina raibh Saothar Ealaíne beoga 5D leis an ealaíontóir áitiúil Alexandra Liston agus i mí an Mhárta nochtadh taispeántas de mhíotalóireacht athchúrsáilte agus de phictiúir le Sahaja Budzilla.
- Thug Coláiste Breisoideachais Luimnigh an feachtas THINK ar iasacht don Leabharlann mar bhealach chun rogha níos glaise a chur chun cinn don phobal. Dhírigh an grúpa tionscadail THINK ar athchúrsáil leis an suiteáil, ar ndóigh, déanta go hiomlán as ábhar athchúrsáilte.
- Rinne Leabharlann Mhainistir Féile Seachtain Mhórtais na dTaistealaithe a cheiliúradh i mí an Mheithimh i gcomhar le Acmhainní Iarthar Luimnigh le taispeántas lampaí a chruthaigh baill den Lucht Siúil. Ba í an aidhm aibhsiú a chur ar rannchuidiú dearfach Chultúr an Lucht Siúil, agus an Lucht Siúil in Éirinn.
- D'fhill an Taispeántas bliantúil Ealaíne agus Ceardaíochta de Chruinniú ar ais go Leabharlann Chill Mocheallóg i mí Iúil agus Lúnasa. Anois agus é ina seachtú bliain, is tionól ealaíontóirí é Cruinniú a thagann le chéile mar fhreagairt ar chuireadh na Leabharlainne chuig an bpobal áitiúil. D'éirigh go hiontach le taispeántas 2019 arís le saothar thar roinnt disciplíní cruthaitheacha lena n-áirítear péintéireacht, teicstílí, ealaín gloine, adhmaid, innealra, agus dealbhóireacht.



Mic léinn ó Bhunscoil Thuamhan ag rianú dul chun cinn an Ilen ar a aistear 2,222 míle ó Luimneach go dtí an Ghraonlainn



Cur i láthair ag teaghlach an mháistir-cheardaí Liam Flynn i Leabharlann Mhainistir na Féile, Deireadh Fómhair 2019



Baill de ghrúpa Bhothán na bhFear Naomh Muire le ceann de na báid Ilen ag tráthnóna pobail Salmon's Wake i Leabharlann Chrois Theach na Foraire, 2 Bealtaine 2019



Méara Chathair agus Chontae Luimnigh, an Comhairleoir James Collins le hoifigigh ó Otharcharr Naomh Eoin ag seoladh an taispeántais An Chéad Chogadh Domhanda: Iarracht Dhaonnúil na hÉireann le Otharcharr Naomh Eoin an 11 Eanáir i Leabharlann na Gráinsí



Mic léinn ó Choláiste Breisoideachais Luimnigh le Méara Chathair agus Chontae Luimnigh, an Comhairteoir James Collins ag seoladh THINK, taispeántas a leagann béim ar athúsáid agus athchúrsáil ábhar laethúil, Leabharlann na Gráinsí, 21 Márta 2019

- Bhí Leabharlann Chill Mocheallóg ina hóstach ar thaispeántas an tSaormhargaidh ar an gcuid deiridh dá turas ar ais ó Phaillíún na hÉireann ag Biennale Ailtireachta na Veinéise 2018. Áiríodh sa taispeántas samhlaíoch agus líniocthaí bunaidh a dhírigh ar uathúlacht bhailte tuaithe na hÉireann agus na dúshláin atá rompu. Mar chomhlánú air seo, léirigh Leabharlann Chill Mocheallóg Taispeántas Tairseach Bhaile Chill Mocheallóg ag taispeáint tionscadal comhoibritheach leanúnach idir Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh, mic léinn Ailtireachta in Ollscoil Luimnigh agus muintir Chill Mocheallóg. Tá sé mar aidhm ag an tionscadal trácht a mhoilliú agus é ag teacht isteach sa bhaile agus tairseach shoiléir a dhéanamh idir an baile agus an tuath mórthimpeall air. Ag glacadh bealach isteach stairiúil an Gheata Thuaidh go dtí an baile múrtha mar inspioráid, léiríonn an Taispeántas Tairsí an próiseas comhoibritheach a bhaineann leis an tionscadal a thabhairt i gcrích, agus na struchtúir shealadacha a leanann dá bharr, a bhfuil ina scáthchruth don Gheata Thuaidh cailte chuig an mbaile.
 - Bhí dhá thaispeántas ealaíne spreagúla ag Leabharlann Thuar an Daill i mí Mheán Fómhair leis na healaíontóirí as Luimneach Alison Quaid, agus Una Breen.
 - Bhí taispeántas taistil na Leabharlainne Náisiúnta Revolutionary Lives ina raibh saol seisear daoine éagsúla, aontaithe leis an gcúis choitianta de Neamhspleáchas na hÉireann (Laurence Ginnell, Thomas Johnson, Michael O’Flanagan, Lily Murnin, Kathleen O’Brennan agus Máire Comerford) ar taispeáint ó mhí na Samhna i LeabharlannChrois Theach na Foraíre.
 - I mí na Samhna freisin sheol an staraí agus grianghrafadóir Joseph Lennon taispeántas grianghrafadóireachta ar stair, ailtireacht agus oidhreacht chaisleáin agus Túrthithe meánaoiseacha Luimnigh i leabharlann Chill Mocheallóg.
 - I mí na Nollag, sheol Leabharlann Thuar an Daill taispeántas bliantúil In Harmony do Sheirbhísí Oiliúna Fheidhmeannas na Seirbhíse Sláinte. Áiríodh sa taispeántas pictiúir, grianghraif, papier-mâché agus adhmaadóireacht.
- Imeachtaí Ceoil**
- Chuir Leabharlann na Gráinsí roinnt léiriúchán ceoil beo i láthair mar chuid dá sraith ceoil mórélímh i rith 2019.
 - Bhí trí léiriúchán ceoil ar siúl i rith mhí na Bealtaine nuair a chuaigh an tríreád alt-raic Bleeding Heart Pigeons, an dísréach ceoil traidisiúnta Éireannaigh Adam agus Jon agus an giotáraí Aleksandra Lucic ón Scoil Cheoil Redemptorist go léir ar an stáitse.
 - I mí an Mheithimh, sheinn Kristen Grainger agus True North, taispeántas ceoil tíre ceithre phársa as Oregon, SAM, ceolchoirm tráthnóna do slua mór.
 - Sheinn an banna snagcheoil Modern Irish Quartet (MIQ) ag sraith ceolchoirmeacha ceoil mhí Iúil i Leabharlann na Gráinsí.
 - Ba é an grúpa Seafoam Green a léirigh an tsraith Ceolchoirmeacha Saor in Aisce de chuid Leabharlann Ceoil Gráinsí i mí Mheán Fómhair. Sheinn an grúpa Éireannach seo atá lonnaithe sa Ríocht Aontaithe tacar mór de cheol gormacha, tíre agus rac-cheoil do lucht éisteachta a bhí an-bhuíoch.

Clár “Éire Shláintiúil ag do Leabharlann”

- Chuaigh ‘Éire Sláintiúil ag Do Leabharlann’ isteach i gCéim a Dó le linn 2019 le clár iomlán cainteanna, ceardlann agus imeachtaí chun tacú leis an tionscnamh náisiúnta rithábhachtach seo.

I measc buaicphointí an feachtais bhí

- Thug Foras Croí na hÉireann cuairt ar leabharlanna an Chaisleáin Nua agus Áth Dara chun seiceálacha brú fola saor in aisce a thairiscint.
- Bhí cainteanna ar Chothú agus Sláinte ar siúl i roinnt leabharlann brainse do bhunscoileanna le cainteoirí ó Chomhpháirtíocht Spóirt Luimnigh.
- Chuir Meabhairshláinte Éireann caint agus ceardlann “Cúig Bhealach chun Folláine” i láthair i mbrainsí Mhainistir na Féile agus Fhainge.
- Thug Restorative Practices Limerick ceardlann ar an gcleachtadh i Leabharlann Chill Mocheallóg i mí Dheireadh Fómhair.
- Reáchtáladh cainteanna ‘Dea-Maireachtála’ ar nósanna dearfacha a thógáil agus reáchtáladh seisiúin Teiripe Ealaíne Tuismitheora agus Leanaí ag brainsí éagsúla leabharlainne.
- Tionóladh sraith cheardlann ar fud an líonra leabharlainne chun Mí Feasachta Seipsis a chur chun cinn i mí Mheán Fómhair.

Imeachtaí Leanaí

- Chuaigh Seirbhís Leabharlainne Luimnigh i gcomhpháirtíocht le ABC Start Right chun Lá Domhanda na Leabhar a cheiliúradh in Ionad Siopadóireachta an Chorráin ag dul i dteagmháil le grúpa mór tuismitheoirí agus leanaí óga i gcomhbhealach lárnach Ionad Siopadóireachta an Chorráin le rím, scéal agus amhrán ar thaispeáint.
- I mí Aibreáin gach bliain déanann leabharlanna poiblí na hÉireann ceiliúradh ar Spring into Storytime trí imeachtaí a óstáil ag tabhairt cuireadh do leanaí, tuismitheoirí, cúramóirí agus baill teaghlaigh páirt a ghlacadh in eispéireas agus spraoi na scéalta spreagúla. Mealladh gach aois chuig seisiúin scéal agus ceardaíochta i Leabharlanna Ráth Caola, Bhaile an Róistigh, Mhainistir na Féile, na Ceapaí Móire, Chrois Theach na Foraíre, Thuar an Daill, na Gráinsí, agus an Chaisleáin Nua. Tá an tionscnamh seo ina chuid dhílis de Right to Read, clár náisiúnta chun forbairt litearthachta agus léitheoireachta a chur chun cinn do mhuintir na hÉireann de gach aois agus cúlra.
- Chomhoibrigh cúig leabharlann leis an Oifig Ealaíon chun imeachtaí a reáchtáil i mí an Mheithimh chun Cruinniú na nÓg a cheiliúradh. Thug “Lá na Cruthaitheachta Óige” deis do leanaí taithí a fháil ar chuid de na scileanna a bhaineann le beochan agus scannán a tháirgeadh. Rinne na rannpháirtithe a gcuid puipeid féin agus chruthaigh siad scáth-amharclann. Ghlac brainsí Chill Mocheallóg, na Gráinsí, Chrois Theach na Foraíre, Áth Dara agus Thuar an Daill páirt san imeacht iontach seo.



Seafoam Green ag seinm i Leabharlann na Gráinsí, 18 Meán Fómhair 2019

- Seoladh Eachtra Léitheoireachta Réaltai Samhraidh 2019 i Leabharlann Newcastle West i mí an Mheithimh le cabhair ón scríbhneoir agus file, Gabriel Fitzmaurice. Labhair Gabriel go paiseanta faoin áthas a bhí ar léamh do ranganna ón scoil áitiúil, Gaelscoil Ó Doghair. Chuir “Raic sa Teach” grúpa ceoil na scoile seisiún bríomhar de cheol traidisiúnta ar fáil agus chláraigh os cionn 3,000 leanbh ó gach cearn den chathair agus den chontae ag a mbrainse leabharlainne áitiúil i rith an tsamhraidh chun páirt a ghlacadh sa chlár.
- Rinneadh Féile Leabhar na Leanaí a cheiliúradh ar fud bhraínsí leabharlainne cathrach agus contae i mí Dheireadh Fómhair leis na húdair Gabriel Fitzmaurice, Padraig Kenny, Helena Close, Roisín Meaney agus Gillian Perdue ag bualadh le líon mór leanaí, múinteoirí agus tuismitheoirí chun grá do leabhair agus don léitheoireacht a chothú. I measc na ngníomhaíochtaí bhí ceardlanna ealaíne idir Lámha Mínéata agus scéalta diamhra Oíche Shamhna chomh maith le siúlóid sa choill urraithe ag Foras na Gaeilge. Reáchtáladh chomh maith ceardlanna scríbhneoireachta cruthaithí d’údair atá ag teacht chun cinn.
- Thug Seachtain na hEolaíochta i mí na Samhna meascán uathúil de spraoi, eolaíocht agus léamh le caoinchead Nuttyscientist.com chuig brainsí Áth Dara agus an Chaisleáin Nua. Sa tSeachtain Eolaíochta freisin, tháinig na daoine cumasacha ó Designer Minds go Leabharlann Chill Mocheallóg chun ceardlanna a thabhairt do níos mó ná 90 dalta bunscoile a chomhcheanglaíonn Lego, scéalaíocht, beochan agus teicneolaíocht.

- Cuireann mí na Nollag béim na ngníomhaíochtaí i leabharlanna ar theaghlach mar chuid den fheachtas náisiúnta Ceart chun Léamh. Spreagann gníomhaíochtaí ‘Am Teaghlach ag do Leabharlann’ gach ball den teaghlach chun taitneamh a bhaint as scéalta a léamh agus a roinnt. Reáchtáil Leabharlann na Gráinsí léamh speisialta ar an leabhar Polar Express, agus scagadh an scannáin ina dhiaidh sin, roinn Leabharlann Chrois Theach na Foraíre scéalta agus amhráin séasúracha agus dhear siad a gcártaí Nollag féin. Rinneadh am teaghlach a cheiliúradh sa Chaisleáin Nua leis an údar as Luimneach, Roisín Meaney ag siamsaíocht leis an lucht féachana óg le scéalta Nollag agus léaráidí a ghabhann leis agus ina dhiaidh sin thug cuairt Daidí na Nollag agus a bhean chéile agus bhuaíl siad le leanaí i rith na maidine i grotto álainn a bhí ar íasacht don Leabharlann ó Chumann Gnó an Chaisleáin Nua. D’óstáil Leabharlann Thuar an Daill seó Rosie’s Animal Magic, a chuimsigh ainmhithe beo ar nós míorchat, ulchabhán, giorria, agus nathair. Tugadh go leor faisnéise do theaghlach faoi na hainmhithe agus spreagadh iad chun teagmháil a dhéanamh agus breathnú go géar ar na créatúir iontacha seo.



Sophie Ní Aodha, Abigail Ní Shíoda, Ella Ní Challanáin (mic léinn Gaelscoil O’Doghair, Caisleán Nua Thiar) agus Gabriel Fitzmaurice (file agus údar) ag seoladh an chlár léitheoireachta Summer Stars, Leabharlann an Chaisleáin Nua Thiar, 18 Meitheamh 2019



Scáth Puipeád agus ceardlann beochana i Leabharlann Chill Mocheallóg chun Cruinniú na nÓg a cheiliúradh, 15 Meitheamh 2019



Údar Roisín Meaney i Leabharlann an Chaisleáin Nua Thiar as a gcuid Am Teaghlach ag d’ócáid Leabharlainne, Nollaig 2019

GAILEARAÍ EALAÍNE CHATHAIR LUIMNIGH (LCGA)

Leanann Gailearaí Ealaíne Chathair Luimnigh (LCGA) ag cur go mór le saol cultúrtha Chathair agus Chontae Luimnigh. Trí chlár briomhar de thaispeántais agus imeachtaí gaolmhara, lean sé le bheith teagmháil a dhéanamh leis an lucht féachana a bhí ann agus lucht féachana nua a aimsiú. Tá páirt tábhachtach ag LCGA freisin i dtairiscint chultúrtha na cathrach le mórán turasóirí ag baint leasa as cead isteach saor in aisce.

In 2019, trí Dheontas Caipitil ón Roinn Cultúir, Oidhreacht agus Gaeltachta agus Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh, dúnadh LCGA ar feadh dhá mhí chun uasghrádú a dhéanamh ar obair sábháilteachta Dóiteáin agus feabhsuithe suntasacha eile. Mar thoradh ar an obair atá curtha i gcrích tá timpeallacht níos sábháilte agus foirgneamh níos tiosaí ar fhuinneamh ar aon dul le dea-chleachtas comhshaoil. Chomh maith leis sin in 2019 chiallaigh an céatadán don Scéim Ealaíne go raibh LCGA in ann saothar le Mariele Neudecker a fháil le cur san áireamh sna Buan-Bhailiúcháin.

Chuir LCGA ocht dtaispeántas comhaimseartha i láthair agus choinnigh an Stiúrthóir / Coimeádaí, Úna McCarthy LCGA trí cinn díobh go sonrach. Tháinig sé foilseacháin le dul le taispeántais Robert Ryan agus Fiona O’Dwyer. Thug LCGA camchuairt ar thaispeántas Anita Groener, The Past Is A Foreign Country, chuig trí ionad in Éirinn, arna mhaoiniú trí dheontas Camchuartha ón gComhairle Ealaíon. Leanann LCGA ag soláthar réimse ceardlann, turais agus imeachtaí sainiúla aonuaire a thugann comhthéacs tábhachtach don raon éagsúil taispeántas do chuairteoirí, do leanaí agus do theaghlaigh.

Cheap LCGA a séú Scoláire Shinnors a bheidh ina chuid ghníomhach d’fhoireann LCGA agus í ag déanamh taighde le haghaidh MA a dhírionn ar dheardh agus ar sheachadadh clár oideachais agus béim ar na taispeántais shealadacha i rith na bliana.

Chomhoibrigh LCGA leis an Músaem Hunt agus Músaem Luimnigh le Comhordaitheoir Rannpháirtíochta Poiblí a cheapadh i mí Mheán Fómhair ar feadh tréimhse bliana chun Clár Rannpháirtíochta Poiblí (PEP) a dheardh agus a sheachadadh dírithe ar bhunscoileanna i gcathair agus i gcontae Luimnigh. Soláthraíonn an PEP pointe rochtana tábhachtach ar an nGailearaí agus ar na taispeántais lena n-áirítear an Buan-Bhailiúchán.

Fuair LCGA sintiús suntasach de 20 prionta ó ealaíontóirí a bhfuil cáil idirnáisiúnta orthu lena n-áirítear Jasper Johns, Willem de Kooning, Sam Francis agus James Rosequist. Thug an déantúsóir priontaí agus iar-

léachtóir ag LSAD, Jim Sheehy, na saothair seo do LCGA le cur leis na sintiúis saothair a rinne sé roimhe seo ionas go bhféadfadh an pobal taitneamh a bhaint as na saothair a bhí bailithe aige agus iad ag obair sa Cheardlann Hollander i Nua Eabhrac sna 70idí. Is bealach an-suntasach iad na sintiúis seo inar féidir le LCGA cur leis an mBailiúchán Buan, ar gné lárnach de chlár taispeántas bliantúil LCGA é.

Leanann LCGA ag comhoibriú le hinstiúidí eile agus d’éascaigh sé iasachtaí ón mBailiúchán Buan de shaothair ealaíne le haghaidh taispeántas sealadach ina measc Músaem Hunt, Luimneach, Ionad Ealaíne GLÓR, Inis, Co. an Chláir agus Gailearaí Highlanes, Droichead Átha, Co. Lú, Gailearaí Ealaíne Crawford, Corcaigh agus IMMA, Baile Átha Cliath.

D’óstáil LCGA léiriúchán ó Honor Heffernan, Johnny Duhan, Cherry Smyth, Toni Miceli agus David Friedman agus Jenny Roche.

Lean LCGA ag comhoibriú agus ag obair le hinstiúidí agus grúpaí cultúrtha áitiúla agus náisiúnta eile lena n-áirítear Gailearaí Náisiúnta na hÉireann, Ollscoil Luimnigh, LSAD, EVA International, Helium Arts, IMMA, Cumann Ealaíne Luimnigh, Snagcheol Luimnigh, Adapt Luimneach, Open House Luimnigh agus Bealtaine (Aois agus Deis).

Chuir LCGA fáilte roimh os cionn 49,000 cuairteoir in 2019 (dúnadh LCGA ar feadh dhá mhí agus chuir sé seo isteach ar líon na gcuairteoirí)

MÚSAEM LUIMNIGH

Chuir Músaem Luimnigh fáilte roimh 28,480 cuairteoir, an líon cuairteoirí is airde ina stair 112 bliain, atá trí oiread líon na gcuairteoirí a fuair sé in 2016.

Cuireadh le bailiúchán buan an Mhúsaeim le sruth seasta bronnantas, rud a thug líon iomlán na n-earraí os cionn 61,000. Ba é an ceann is tábhachtaí díobh seo



Priontaí Ceardlaine Hollander

Bailiúchán Lása Florence Vere O'Brien, a thug gariníon Florence Veronica Rowe don Mhúsaem ar iasacht fhadtéarmach.

I mí Iúil, cuireadh lása Luimnigh leis an Fardal Náisiúnta um Oidhreacht doláimhsithe mar gheall ar iarrachtaí an Dr Matthew Potter, Coimeádaí, Músaem Luimnigh agus an Dr Susan Frawley as Pennywell Lace agus Friends of Lace.

Leanadh de chomhoibriú rathúil lenár gcomhpháirtithe lena n-áirítear Seirbhís Leabharlainne Luimnigh, Músaem Hunt, Teach Ormston, Ardeaglais Naomh Muire, Ollscoil Luimnigh, Coláiste Mhuire gan Smál, agus Friends of Lace.

Eagraíodh roinnt imeachtaí d'Fhéile Foghlama ar feadh an tSaoil i Luimneach, Seachtain na hOidhreachta agus Oíche Chultúir. Reáchtáladh preabmhúsaem an-rathúil i Mungairit. Reáchtáil Músaem Luimnigh, i gcomhar le Friends of Lace, siompóisiam Amazing Lace san Absolute Hotel a chuimsigh preabthaispeántas de lása.

Bhunaigh Músaem Luimnigh, Gailearaí Ealaíne Chathair Luimnigh agus Músaem Hunt The Three Muses: Exploring Art and Identity comhchlár scoileanna a chuirfear ar fáil sna trí institiúid sa chéad leath de 2020.

I rith na bliana, reáchtáil an Músaem seacht dtaispeántas sealadacha déag le comhpháirtithe éagsúla:

1. Eanáir- Márta 2019 Meabhrúcháin Infheicthe ar Solas Dofheicthe, i gcomhar le Músaem Hunt agus Deoise Caitliceach Rómhánach Luimnigh.
2. Taispeántas Luimneach Sa Chéad Dáil i Leabharlann Bhrainse Thuar an Daill i gcomhar le Seirbhís Leabharlainne Luimnigh.
3. Eanáir- Márta 2019 Women in Politics and Public Life 1919-2019, taispeántas ag Roinn Cultúir, Oidhreachta agus na Gaeltachta arna choimeádaithe ag Sinead McCooile, a tionóladh i Halla Istabraq, Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh, Cé na gCeannaithe, Cathair Luimnigh. Rinneadh é seo a óstáil i gcomhar le Seirbhís Leabharlainne Luimnigh.

4. Eanáir- Márta 2019 Ag maireachtáil sa Chré-umhaois le Ingrid Hess, i gcomhar le Músaem Hunt.
5. Aibreán 2019: Taispeántas ealaíne le Ralph Gelbert
6. Aibreán/Bealtaine 2019: Comóradh Céad Bliain ar Taispeántas Sóivéadach Luimnigh, i gcomhar le Comhairle Ceardchumann Luimnigh, a tionóladh i Halla Istabraq, Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh, Cé na gCeannaithe, Cathair Luimnigh
7. Bealtaine 2019: Taispeántas ealaíne le Stephen Lawlor
8. Meitheamh 2019: Taispeántas ealaíne le grúpa ealaíontóirí Croí
9. Meitheamh 2019: Teaghlach O'Malley sa Saol Poiblí, i gcomhar le Cumann Chlann O'Malley, a tionóladh i Halla Istabraq, Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh, Cé na gCeannaithe, Cathair Luimnigh
10. Iúil 2019: Taispeántas ealaíne le Robert P Ryan
11. Lúnasa 2019: Taispeántas grianghrafadóireachta le Kieran Kelly
12. Lúnasa 2019: Taispeántas Lása iontach de lása Luimnigh i gcomhar le Friends of Lace, a tionóladh in Ardeaglais Naomh Muire, Cathair Luimnigh
13. Lúnasa 2019: Taispeántas Barra Siorcais John McCarthy, i gcomhar le Tony McCarthy, a tionóladh in Ionad Pobail na Ceapaí Móire, An Cheapach Mór, Contae Luimnigh.
14. Meán Fómhair 2019: Taispeántas ealaíne le Sheila Richardson
15. Meán Fómhair 2019: Traidisiún Míleata Luimnigh, i gcomhar le hEagraíocht Iar-Sheirbhísigh Náisiúnta agus Mná, Léigiún Ríoga na Breataine, Cumann Cabhlaigh na hÉireann agus Cumann Sheansaighdiúirí Éireannacha na Náisiún Aontaithe, a tionóladh i Sráid Gloinithe, Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh, Cé na gCeannaithe, Cathair Luimnigh
16. Meán Fómhair 2019: Taispeántas Barra Siorcais John McCarthy, i gcomhar le Tony McCarthy, a tionóladh in Ionad Siopadóireachta Parkway, Cathair Luimnigh
17. Deireadh Fómhair 2019: Taispeántas ealaíne le Helen G Blake



Chuir Luimneach Lace leis an Fardal Náisiúnta Oidhreachta doláimhsithe



Taispeántas ealaíne 45 for Valor le Trish Taylor-Thompson ag comóradh céad bliain ó chriochnaigh an Chéad Chogadh Domhanda.



D'eagraigh Músaem Luimnigh agus Friends of Lace an siompóisiam Amazing Lace san Absolute Hotel



Taispeántas Righteous Among the Nations



Taispeántas Righteous Among the Nations, comhpháirtíocht idir Músaem Luimnigh agus pobal na Polainne i Luimneach.

A photograph of a modern, two-story residential building. The building features a mix of materials: white stucco walls, dark grey window frames, and light-colored brickwork. A prominent feature is a large, bright green geometric overlay on the left side of the image, which partially covers the building's facade and the foreground. In the foreground, there is a paved area with a green-painted concrete bench and a young, bare tree. The sky is a clear, bright blue with some light clouds. The overall aesthetic is clean and contemporary.

STIÚRTHÓIREACHT FORBARTHA TITHÍOCHTA



STIÚRTHÓIREACHT FORBARTHA TITHÍOCHTA

Soláthraíonn an Stiúrthóireacht Forbartha Tithíochta an treoir straitéiseach maidir le roghnú agus maoiniú tionscadal tithíochta faoin gclár Atógáil Éireann agus oibríonn sí chun soláthar tithíochta a chur ar maos chun aghaidh a thabhairt ar easpa dídine. Feidhmíonn Clár Athghiniúna Luimnigh ón Stiúrthóireacht seo. Tacaíonn an Stiúrthóireacht Forbartha Tithíochta leis an gCoiste um Beartas Straitéiseach Forbartha Baile agus Sóisialta (CPS) chun beartas agus straitéis a fhoirmiú. Tá an fhoireann, agus na páirtithe leasmhara lena n-oibríonn siad, tiomanta do chaighdeán na beatha a fheabhsú dár ndaoine agus do gach pobal, bídis seanbhunaithe nó nua-chruthaithe.

CAIPITEAL TITHÍOCHTA

ATÓGÁIL ÉIREANN – AN PLEAN GNÍOMHAÍOCHTA UM THITHÍOCHT AGUS EASPA DÍDINE

Is é Atógáil Éireann – an Plean Gníomhaíochta um Thithíocht agus Easpa Dídine an príomhdhoiciméad beartais atá mar bhonn agus taca le hobair na Stiúrthóireachta um Fhorbairt Tithíochta, clár de €6 billiún atá beartaithe chun 50,000 teach a sheachadadh ar fud na tíre faoi 2021.

I Luimneach is é 1,365 teach an sprioc seachadta ó 2018-2021. Is iad Ceannaigh, Tógáil agus Léas na príomhshruithanna seachadta. Agus muid ag obair i gcomhar le Comhlachtaí Ceadaithe Tithíochta (CCTanna), tá sé ar intinn againn na spriocanna a shárú.

Seo a leanas an sprioc-chumasc de 1,365 aonad:

| | |
|--------------------------|---|
| 67% Tógáil Nua : | 915 (610 le soláthar ag Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh agus 305 le soláthar ag Comhlachtaí Ceadaithe Tithíochta) |
| 20% Acquisitions: | 273 |
| 13% Lease: | 177 |
| Total: | 1,365 |

Tá Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh ag saothrú go gníomhach leis na sruthanna seachadta go léir (Tógáil nua, éadail agus léasú) chun píblíne tithíochta sóisialta a sholáthar sa Chathair agus sa Chontae.

GNÍOMHAÍOCHT NUA-THÓGÁLA

Tá 65 tionscadal ceadaithe ag Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh chun 699 teach a sheachadadh trí na sruthanna seachadta Tógála seo a leanas

- SHIP Tógáil agus Lándéanta
- Athghiniúint
- CAS Tógáil agus Lándéanta
- CALF CCT Tógáil agus Lándéanta
- Cuid V.

Tá talamh faoi úinéireacht Chomhairle Cathrach agus Contae Luimnigh atá oiriúnach chun tithíocht nua a thógáil teoranta agus ar an mbonn sin táimid ag féachaint go gníomhach ar athchríosú talún, láithreáin inlionsa beaga, chomh maith le talamh a cheannach ar an margadh príobháideach i gceantair oiriúnacha.

Tar éis feachtas Thógáil Lándéanta a lainseáil in 2019, de bharr an úis a ghinfeadh beidh Tógálacha Lándéanta ina phríomh-mheicníocht seachadta sa chlár tithíochta. Is éard atá i gceist le feachtas Thógáil Lándéanta ceadanna pleanála beo a fháil a tháinig chun stop, go háirithe mar gheall ar shaincheisteanna airgeadais. In áiteanna ina bhfuil riachtanas tithíochta againn, déanann Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh conradh leis an bhforbróir chun na réadmhaoine a cheannach ar phraghas a chuimsíonn brabús tógálaí. Táimid ag iarraidh méadú roghnach ar líon seachadta Chuid V a chaibidlíú agus táimid ag tapú an deis ag céim an dearaidh a iarraidh go dtógfar na tithe de réir caighdeán inrochtana tí ar feadh an tsaoil.

AN CLÁR GNÍOMHACHTAITHE UM THALAMH POIBLÍ 2018

Chomh maith leis an soláthar spriocdhírithé d'aonaid tithíochta sóisialta faoi 2021, tá soláthar leathnaithe tithe nua agus inacmhainne mar phríomhchuspóir eile faoi 'Atógáil Éireann'. Tá clár oibre uailmhianach á leagan amach ag an Stiúrthóireacht Forbartha Tithíochta

chun soláthar tithe príobháideacha nua agus tithe inacmhainne nua go háirithe a mhéadú do theaghlaigh tosaigh agus oibríthe lárnacha ar shuíomhanna oiriúnacha atá faoina úinéireacht sa chathair.

CISTE LÁITHREÁIN SEIRBHÍSITHE CHUN TITHÍOCHT INACMHAINNE A SHEACHADADH

I mí Lúnasa d'éisigh an Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil 'Faomhadh i bPrionsabal' do chúig shuíomh i gCathair Luimnigh mar chuid de ghlaio an Chiste Láithreáin Seirbhísithe ar thograí. Tá an Ciste Láithreáin Seirbhísithe deartha chun ligean d'Údarás Áitiúil bonneagar cumasúcháin a chur i gcrích ionas go bhféadfaí do thithe inacmhainne a sheachadadh. Tá maoiniú os cionn €20m geallta ó leithdháileadh náisiúnta foriomlán de €84m. I Luimneach, soláthroidh na tionscadail a fógraíodh bonneagar a bhfuil an cumas aige tacú le forbairt os cionn 420 teach inacmhainne agus 74 teach tithíochta sóisialta mar chuid d'fhorbairt tionachta measctha lena n-áirítear tithe príobháideacha.

Seo a leanas na cúig shuíomh atá á gcur chun cinn in 2020:

- Garraí Toppin
- Tailte Guinness
- Tailte Chluain Maicín
- Cúinne Sonny
- Tailte Curragower

MÁISTIRPHLEAN DON TAOBH Ó DHEAS

Faoin gClár Gníomhachtaithe Talún Poiblí tosaigh an Stiúrthóireacht Forbartha Tithíochta ar an 75 heicteár talún atá fágtha ar an taobh ó dheas de chathair Luimnigh le foireann máistirphleanála á gceapadh faoi threoir Allies and Morrison.

Tá Allies agus Morrison, cleachtas ailtireachta agus máistirphleanála atá lonnaithe i Londain agus i mBaile Átha Cliath, ag obair le foireann sainchomhairleoirí Éireannacha agus tabharfaidh siad faoi mháistirphleanáil iomlánaíoch Eastát Baggot, Ballinacurra Creek, Garraí Toppin agus tailte Ros Uí Bhriain in aice leis an M20. Sa phróiseas go dtí seo tá rannpháirtíocht agus comhairliúchán críochnúil le grúpaí pobail áitiúla agus páirtithe leasmhara leasmhara chomh maith le tuiscint a fháil ar na srianta fisiciúla agus beartais atá ann. Is é cuspóir an mháistirphlean an chuid is fearr a bhaint as na hacmhainní atá san áit agus úsáid a bhaint astu a chuirfeadh feabhas ar shábháilteacht agus ar an radharc i dtreo is go bhféadfadh an pobal áitiúil taitneamh a bhaint as.

Tá trí chéim i Máistirphlean an Taobh Theas agus i mí na Nollag 2019 is é seo a leanas an dul chun cinn:

- CÉIM A: SUIRBHÉ AGUS ANAILÍS. Tá an chéim seo críochnaithe

- CÉIM B: DRÉACHTPHLEAN. Tá an chéim seo críochnaithe
- CÉIM C: PLEAN DEIRIDH. Tá tús curtha leis an gcéim seo, agus is iad na tascanna nár cuireadh i gcrích fós ná máistirphlean Allamuigh Toppin a nuashonrú, nuashonruithe tírdhreacha, nuashonrú rochtana, sráideanna agus fónais, nuashonruithe ar phlean costais chun bonn eolais a chur faoi iarratais ar mhaoiniú, athbhreithniú cliant agus síniú sula bhféadtar dréachtphlean máistirphleanáil a dhéanamh le Comhairleoirí agus dul ar aghaidh chuig taispeáint phoiblí. Meastar go gcuirfear tús le taispeáint phoiblí i R1 2020 agus go nglacfar go críochnaitheach é i Ráithe 2 2020.

COMHLACHTAÍ CEADAITHE TITHÍOCHTA (CCTANNA)

Is eagraíochtaí neamhbhrabúis iad Comhlachtaí Ceadaithe Tithíochta a sholáthraíonn agus a bhainistíonn tithíocht ar ardchaighdeán ar chíosanna inacmhainne do theaghlaigh ar liostaí feithimh tithíochta údarais áitiúil.

Samplaí de CCTanna atá bunaithe i Luimneach :

Arlington Novas Ireland Ltd, Clann Shíomóin an Mheán-larthair, Naomh Uinseann de Pól, Cumann Tithíochta Áth an tSléibhe, Cumann Tithíochta Dhrom Collachair, Focus Ireland, Cumann Tithíochta Deonacha an Ghleanna, Cluid, Iontaobhas Peter McVerry Oibríonn CCTanna go dlúth le Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh chun a gcuid spriocanna tithíochta a bhaint amach faoin bPlean Gníomhaíochta Atógáil na hÉireann um Thithíocht agus Easpa Dídine - 2021.

Le linn 2019, sheachaid CCTanna 102 teach a úsáideadh chun freastal ar riachtanais grúpaí tosaíochta faoi chiste na Scéime Cúnaimh Chaipitil (Scéim CAS): Grúpaí de Dhaoine Scothaosta, Daoine faoi Mhíchumas, agus Daoine gan Dídean.

Soláthraíodh aonaid nua tithíochta sóisialta le socruithe comh-mhaoinithe iasachta faoin Scéim Réamh-Léasaithe Caipitil (Scéim CALF).



Sampla de thionscadal CCT a sheachadadh le déanaí - Cumann Tithíochta Cluid Pictiúr - Bóthar de hÍde, Luimneach - seachadadh 20 aonad arna maoiniú ag an Scéim Léasaithe Réamhchaipitil (scéim CALF).

Tá ról maoirseachta ag Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh i rialáil Comhlachtaí Ceadaithe Tithíochta agus go dtí seo tá 42 Chomhlacht Ceadaithe Tithíochta sínithe leis an gCód um Rialáil Dheonach. (VRC). In 2019, coinníonn CCTanna 1333 teach le chéile agus tá aonaid nua ag méadú go leanúnach gach bliain. Rialaíonn Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh CCTanna agus cuidíonn sí le leithdháileadh maoin. Faoin scéim morgáiste chuig ciosa (MTR) is féidir le hiasachtaithe atá i riaráistí morgáiste iarratas a dhéanamh chun bheith ina thionónta tithíochta sóisialta de chuid Comhlachtaí Ceadaithe Tithíochta. Díoltar an mhaoin leis an CCT, agus ansin ligean an CCT an réadmhaoin ar ais ar cíos leis na hiasachtaithe.

FOIRMIÚ TAIGHDE AGUS BEARTAIS

- Tionóladh cruinníú den Ghrúpa Straitéise Tithíochta agus Míchumais i mí Eanáir le príomhsholáthraithe seirbhíse (FSS, Gortú Inchinne Faighte Éireann, Enable Ireland, Bráithre na Carthanachta agus príomhsholáthraithe seirbhíse eile). Aontaidh príomhghníomhartha agus tá dul chun cinn á dhéanamh chun leithdháiltí éifeachtacha stoc tithíochta Chomhairle Cathrach agus Contae Luimnigh a chinntiú lena n-áirítear:
 1. Faisnéis ar Éileamh a chur isteach ó Sholáthraithe Seirbhíse.
 2. Seicliosta dearaidh a fhorbairt chun stoc tógála a thógáil agus a athchóiriú do chliant ionchasacha na bpríomhsholáthraithe seirbhíse.
- Togra chun Deontas um Choigeartú Méide a thabhairt isteach - Páipéar a ullmhaíodh i mí Feabhra chun roghanna do theaghaisí príobháideacha a leagan amach ina n-aithnítear na scéimeanna Rialtais atá ann faoi láthair a gcaithfear iad a choigeartú (Deontais Oiriúnaithe Tithíochta, Oibreacha in ionad Tithíochta srl.) d'fhonn cruthú inbhuanaithe teaghaise nua a chruthú laistigh de cheapacha teaghaise faoi úinéireacht phríobháideach. Mar shampla, teach atá faoi úinéireacht phríobháideach ag tuismitheoir agus atá á áitiú ag ball teaghligh a nglactar leis go bhfuil tithíocht údaráis áitiúil de dhíth air. Mar thoradh ar shíneadh aon stór aon seomra leapa a chruthú, chuirfí an t-iarratasóir san áit chónaithe athraithe agus bhainfí a ainm den liosta tithíochta.
- I mí Feabhra, d'ullmhaigh an Stiúrthóireacht um Fhorbairt Tithíochta aighneacht chuig an Stiúrthóireacht um Fhorbairt Eacnamaíochta ar an dréacht-Straitéis Réigiúnach Spásúlachta agus Eacnamaíochta (RSES). Cuirtear fáilte roimh thacaíocht do riachtanas breise tithíochta don éileamh ar thithíocht shóisialta (spriocanna Atógáil Éireann). Ba cheart go mbeadh an liúntas breise seo do sheomra solúbtha de réir éilimh athraitheacha phróifíle éilimh ar thithíocht shóisialta i gCathair agus i gContae Luimnigh.



Feachtas Lándéanta seolta 2019 - www.limerick.ie/council/turnkey

- Chuir Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh tús le Scéim Ligin Rogha-Bhunaithe i mí an Mhárta ar bhonn píolótach i gCeantar an Chaisleáin Nua. Fuarthas níos mó ná 400 Léiriú Spéise don chéad réadmhaoin píolótach ar Shráid na Maighdine, An Caisleán Nua Thiar.
- Sheol Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh Feachtas Thógáil Lándéanta agus é mar aidhm tús a chur le ceadanna pleanála neamhghníomhacha chun soláthar breise tithíochta a sholáthar. Sheol Leas-Mhéara Chathair agus Chontae Luimnigh, an Comhairleoir Adam Teskey an feachtas i mí Iúil.

MEARTHÓGÁIL

Aithníonn Comhairle Cathrach agus Contae Luimnighcuspóir an RTPRÁ maidir le Creat Mear-Seachadta an Oifig um Sholáthar Rialtais (OSR) a úsáid nuair is féidir é, toisc go bhfuil buntáistí ag baint leis an gcur chuige seo maidir le laghdú a dhéanamh ar riachtanais maidir le dearadh agus soláthar agus tréimhsí tógála níos giorra dá bharr. Is féidir freisin go mbeadh fiúntas ag an am seo le méadú agus athnuachan a dhéanamh ar sheirbhísí comhairliúcháin faoi threoir ailtirí agus conraitheoirí mearthógála ar phainéal reatha an OSR. Déanfaidh athsholáthar na bpainéal seo deis rochtana a chinntiú d'oibreoirí nua, le hiomaíocht á cur chun cinn agus laghdú dá réir ar chostas sa mhargadh go ginearálta. Chuirfeadh Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh fáilte roimh il-aonaid (scéimeanna árasáin, scéimeanna déphléacsacha) a áireamh faoin gCreat Mear-Seachadta chun seachadadh aonad ar láithreáin athfhorbraíochta uirbeacha a uasmhéadú agus chun ailíniú leis na tairseacha dlúis nua a mholtar faoi na Dréacht-Treoirilínte Aireachta do Árasáin (> 45 aonad in aghaidh an heicteáir) agus an riachtanas suíomhanna athfhorbraíochta a ghníomhachtú in ionaid uirbeacha mar chuid den Dréacht-Chreat Pleanála Náisiúnta.

Ag deireadh 2019, sainithníodh trí shuíomh agus tá siad ag dul chun cinn mar shuíomh atá oiriúnach do scéimeanna Tithíocht Mear-Sheachadta i gComhairle Cathrach agus Contae Luimnigh. I measc na suíomhanna seo tá Faha View Tobar Phádraig (16 aonad), An Bhearna Choill, Tobar Phádraig (24 aonad) agus Old Christians, An Ráth Bán (43 aonad).



Sampla d'athnuachan tí atá ann cheana ar Bhóthar de hÍde, Luimneach

TITHE FOLMHA SCÉIM CHEANNAIGH AGUS ATHNUACHANA AGUS SCÉIM UM DEISIÚCHÁN AGUS LÉASÚ

Tá dhá scéim, a seoladh faoi Atógáil Éireann, eadhon an Scéim 'Ceannaigh agus Athnuachan' agus an Scéim 'Deisiú agus Léasú', dírithe ar aonaid tithíochta folmha a thabhairt ar ais le húsáid. Ó tugadh isteach iad, chonaic an Chomhairle an dá scéim ag giniúint buntáistí níos leithne chomh maith le riachtanais chóiríochta a chomhlíonadh. Leanann Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh lena gcur chun feidhme a chur chun cinn go gníomhach.

ÉADÁLACHA

Meicníocht éifeachtach seachadta tithíochta a bhí in Éadail Tithíochta i gcónaí. Ag cuimhneamh ar cheannaitheoirí céaduaire agus boilsíu praghsanna tithe, tá Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh ag díriú ar thithe atá folamh ar feadh tréimhsí fada, agus a thabharfaidh a n-athchóiriú agus a n-áitiú buntáistí níos leithne don tsráid nó don bhaile áirithe. Tá na sruthanna seachadta seo a leanas i gceist le hÉadail na dtithe:

- Éadálacha Ginearálta
- Éadálacha Ceannaigh agus Athnuachan
- Éadálacha CAS
- Cuid V Áitithe roimhe seo
- CALF Áitithe roimhe seo

LÉASÚ

Tá na sruthanna seachadta seo a leanas i gceist le léasú:

- Léas fadtéarmach
- Deisiú agus léasú
- Socrú Infhaighteachta Údarás Áitiúil
- Socruithe Íocaíochta agus Infhaighteachta
- Morgáiste chuig Ciosa

ATHCHÓIRIÚ

Déanann an tÚdarás Áitiúil áitribh a athchóiriú agus a athnuachan de réir mar a bhíonn siad ar fáil i rith na bliana bunaithe ar an mbuiséad leithdháilte.

TITHE FOLMHA AR FEADH TRÉIMHSE FADTÉARMAÍ

Le linn 2019 fuair Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh cead chun 64 teach a thabhairt ar ais faoi Chlár na dTithe Folmha ar luach €1.4m. Tá obair ag dul ar aghaidh ar na tithe ceadaithe. In iarracht an bhaisc reatha d'áitribh neamhni atá inár n-úinéireacht a bhaint, tá tionscadal píolótach tugtha isteach againn ina bhfuil 30 teach á dtógáil againn agus táimid ag obair air bunaithe ar shonraíocht chaighdeánaithe, costas agus fráma ama. Tá an píolótach ag dul ar aghaidh agus bunaithe ar rath na chéad chéime agus soláthróidh sé cothromaíocht na réadmhaoine folaimhe agus beidh a bhformhór ar siúl i rith 2020. In iarracht cosc a chur ar chardadh réadmhaoine folaimhe sa toadhcháí, táimid ag rolladh amach an 'Pointe Teagmhála Aonair' do gach áitreabh folamh agus nua-cheannaigh. Nuair a thabharfar ar ais nó nuair a cheannófar é cuirfear an mhaoín in iúl don teagmhálaí, déanfar iniúchadh air mar thosaíocht agus bunaithe ar an tsonraíocht chaighdeánach, an costas agus an fráma ama, déanfar é a chríochnú agus a leithdháileadh gan mhoill. Cé go bhfuil gá le hinfheistíocht tosaigh/maoiniú tosaigh don chóras píolótach agus pointe teagmhála aonair, cuireann an córas luach ar airgead níos mó ar fáil maidir le caighdeánú na n-oibreacha agus an t-am slánúcháin chun áitíochta.

EASPA DÍDINE

Seo a leanas líon na gcásanna gan dídean ag deireadh mhí na Nollag 2019: Daoine Aonair-123, agus Teaghlach-51 (67 duine fásta agus 86 Leanai). Leanann Foireann Gníomhaíochta do Dhaoine gan Dídean i Luimneach d'fhoireann ildisciplíneach a fheidhmiú, le foireann chliniciúil oibríochta ó FSS, Foireann Tacaíochta ó Earnáil an Chomhlachta Ceadaithe Tithíochta, Seirbhísí Leasa ón Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Cosanta Sóisialta (RGFCS) agus Bainisteoirí Cóiríochta / Cásanna ó an tÚdarás Áitiúil. I réimse na ndaoine gan dídean a bhíonn i mbun athraithe i gcónaí, tá cosc ar

Easpa Dídine chomh tábhachtach le seirbhísí cóiríochta a sholáthar. Maidir leis seo tá sé rithábhachtach teagmháil a dhéanamh leo siúd atá i mbaol a bheith gan dídean. Le rolladh amach Moil Teaghlaigh, an tSeirbhís um Áit a Aimsiú agus Tús Áite do Thithíocht leis na roghanna seirbhíse atá ar fáil agus lenár gcumas freagairt do cheist na heaspa dídine sa Réigiún.

Mar chuid de Sheirbhísí Tacaíochta Tithíochta Chomhairlí Cathrach agus Contae Luimnigh, tá an Gníomh do Dhaoine gan Dídean dírithe ar a chinntiú go ndéantar gach seirbhís do dhaoine gan dídean a sheachadadh ar an gcaighdeán is airde agus ar bhealach comhordaithe agus comhtháite. Tá Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh, FSS Cheantar an Iarthair agus DEASP ina bhfoireann ar an bhFoireann Gníomhaíochta do Dhaoine gan Dídean. Ligeann sé seo raon leathan tacaíochtaí a chur i bhfeidhm, ní amháin ag tabhairt díon os cionn a gcinn do dhaoine ach ag soláthar gnéithe de Chúram Sláinte atá riachtanach do riachtanais daoine gan dídean trí fhoireann ildisciplíneach. Ar chur i láthair na Foirne Gníomhaíochta do Dhaoine gan Dídean, déantar Úsáideoirí Seirbhíse a mheas go hiomlán lena chinntiú go dtugtar aghaidh ar a gcuid riachtanas eacnamaíochta, sláinte agus cóiríochta go léir de réir an Bheartais do Dhaoine gan Dídean.

Tá gníomhartha 2019 le fáil sa Stiúrthóireacht Oibríochtaí Seirbhíse, a bhfeidhmíonn ár bhFoireann Gníomhaíochta do Dhaoine gan Dídean laistigh díobh.

CÓIRÍOCHT DON LUCHT SIÚIL

In 2019, ghlac Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh a Clár Cóiríochta don Lucht Siúil 2019-2024 a thugann breac-chuntas ar riachtanais chóiríochta, ar bheartas agus ar bhearta cur chun feidhme chun aghaidh a thabhairt ar riachtanais chóiríochta Phobal an Lucht Siúil.

Fuarthas cead maoinithe um CHÓIRÍOCHT DON LUCHT SIÚIL ón Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil d'Oibreacha Caipitil do shuíomhanna Cóiríochta don Lucht Siúil i gCathair Luimnigh faoin gClár Cóiríochta don Lucht Siúil.

- 1) Grúpscéim Tithíochta agus Láithreán Stad Chluain Draighneach, Luimneach
- 2) Grúpscéim Tithíochta agus Láithreán Stad Chluain an Longaigh, an Cnoc Theas, Luimneach
- 3) Láithreán Stad Toppins Field, an Cnoc Theas, Luimneach;
- 4) Grúpscéim Tithíochta agus Láithreán Stad Chaladh an Treoigh,, Radharc Chill Mhuire, Luimneach
- 5) Láithreán Stad an Chosáin Fhad

Tá gníomhartha 2019 le fáil sa Stiúrthóireacht Oibríochtaí Seirbhíse, a bhfeidhmíonn ár bhFoireann um Lucht Siúil laistigh díobh.

Cuireadh an Coiste Comhairleach um Chóiríocht don Lucht Siúil i Áitiúil ar bun i Meán Fómhair 2019. Tagann an Coiste le chéile ceithre huair sa bhliain.

CUR I BHFEIDHM NA STRAITÉISE ATHGHINIÚNA

Is é Plean Chur Chun Feidhme Chreat Athghiniúna Luimnigh (LRFIP) an bunús beartais ar a bhfuil an Clár Athghiniúna á sheachadadh. Tugtar Fócas Fisiciúil, Sóisialta agus / nó Eacnamaíoch ar na cuspóirí.

1. ATHGHINIÚINT FHSICIÚIL

Sa LRFIP, a glacadh i mí Feabhra 2014, tugtar breac-chuntas go ndíríonn an tÚdarás Áitiúil ar sheachadadh 593 teach nua agus ar athchóiriú 1,504 teach atá ann cheana. Tar éis athbhreithniú a dhéanamh ar na Straitéisí Scartála agus Coinneála i ngach ceann de na ceithre réimse athghiniúna in 2018, laghdáidh an ceanglas maidir le 593 teach nua go 549 teach nua. Amhail Meán Fómhair 2019, bhí an dul chun cinn seo a leanas déanta: Tógáil Foirgníochta Nua:

- 281 teach críochnaithe
- 251 teach nua ceadaithe ag an RTPRÁ agus ar siúl (á dtógáil, ag céim dheartha mionsonraithe / céim dhearaidh srl.)

Déanfar iarmhéid na n-aonad a theastaíonn (17 n-aonad) a chur chun cinn chun freastal ar an riachtanas atá ann cheana i dtéarmaí mhéid an teaghlaigh agus an chineáil tí atá ag teacht chun cinn sna ceantair athghiniúna.

Clár um Uasghrádú Teirmeach

Amhail Meán Fómhair 2019, rinneadh an dul chun cinn seo a leanas maidir leis an gclár uasghrádaithe théarmaigh:

- Rinneadh 907 aonad a uasghrádú go teirmeach go rátáil BER de 'C';
- 791 aonad ar an láithreán;
- 304 aonad á n-ullmhú.

Mar chuid den chur chuige straitéiseach i leith seachadadh tithíochta, tá nascacht agus feabhsúcháin chomhshaoil chun pobail naschta a chruthú i gcuid de na tionscadail bhonneagair chriticiúla chun cáilíocht na beatha a fheabhsú. Cuimsíonn na tionscadail seo tionscadail bhonneagair ar mhórsála mar thionscadal Bhóthar Uí Chuanach go Cnoc an Lisín (atá á thógáil faoi láthair) go Limistéar Súgartha Bardais agus Páirc nua do Pháirc Naomh Muire / Oileán an Rí (Cuid 8 den Phleanáil a fuarthas Meán Fómhair 2018). Tá tionscadail feabhsúcháin comhshaoil ar siúl faoi láthair i réimsí athghiniúna agus trí sheachadadh leanúnach scéimeanna tithíochta sóisialta athsholáthair agus príomhthionscadail feabhsúcháin comhshaoil, tiocfaidh feabhas suntasach ar thimpeallacht fhisiciúil reatha na limistéar athghiniúna go léir.

2. ATHGHINIÚINT EACNAMAÍOCHTA

Ceann de na príomhchuspóirí maidir le hathghiniúint eacnamaíoch is ea forbairt bealaí inbhuanaithe chuig fostaíocht trí fhorbairt acmhainne agus oiliúint. D'fhorbair an Fhoireann Athghiniúna an tSaoráid Oiliúna Mhaigh Rois (MTF) - The Bays i gcomhar leis an Roinn Dlí agus Cirt agus Bord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir. Leanann MTF- The Bays ag cur

le rath an Ionaid Oideachais agus Oiliúna Fáilteachais (HETC) i mBaile an Róistigh, ag seachadadh cur chuige oiliúna faoi stiúir an tionscail agus mar thoradh air sin tá céatadán ard d'fhostaíocht lánaimseartha. Tá an HETC anois mar bhunús do mhúnla seachadta caighdeán cáilíochta i dtéarmaí ionchur tionscail agus cuireann sé ar chumas an MTF a sheasamh féin a chruthú mar ionad barr feabhais d'oiliúint le haghaidh tógála agus déantúsaíochta speisialtóra. Tá an Fhoireann Athghiniúna tar éis tús a chur le hIonad Oiliúna Shráid San Niocláis a fhorbairt i gcomhar le Cúnamh Naomh Muire agus Bord Oideachais agus Oiliúna agus Luimnigh agus an Chláir. Cruthóidh sé seo ionad oiliúna don Turasóireacht agus don scannán laistigh de limistéar Athghiniúna. Tabharfaidh cruthú an MTF - The Bays agus Shráid San Niocláis aghaidh ar riachtanas lárionaid oiliúna atá ann le fada i limistéar Mhaigh Rois agus Pháirc Naomh Muire, mar a shainithnítear laistigh den LRFIP. Beidh forbairt na samhla oiliúna solúbtha agus oiriúnaitheach seo ina príomh-mhealltóir / cataíoch don tionscal a lonnú ar an taobh ó thuaidh den Chathair agus na ceantair tadhlaacha.

CISTE IDIRGHABHÁLA SÓISIALTA

Dhírigh an Ciste Idirghabhála Sóisialta (SIF) in 2019 ar na príomhthéamaí mar atá leagtha amach sa LRFIP arna glacadh. Cuirtear ceithre mhiliún euro ar fáil gach bliain, agus roghnaíonn Painéal Measúnaithe Neamhspleách tionscadail a chomhlíonann cuspóirí an LRFIP. Coinníodh leithdháileadh an mhaoinithe d'eagraíochtaí pobail ar bhonn pobail. Cé go mbaineann siad le méideanna réasúnta beag maoinithe, tagann na tionscadail seo go díreach ón leibhéal áitiúil (faoi stiúir oibríthe deonacha) agus tá meas mór orthu agus tá siad le feiceáil i bpobail athghiniúna áitiúla. Tugtar tacaíocht bliain i ndiaidh a chéile do ghrúpa lárnach tionscadal a thacaíonn le daoine óga agus le teaghlaigh a bhfuil riachtanais chasta acu. Tá siad seo tábhachtach maidir le pobail a nascadh le gnáthsheirbhísí agus ionchuisiú sóisialta a chur chun cinn. Feidhmíonn an chuid is mó de na tionscadail seo anois ar bhonn atreoruithe ó ghníomhaireachtaí reachtúla agus/nó oibríonn siad i gcomhar le comhlachtaí reachtúla eile agus tá siad á gcomh-mhaoiniú acu. Sa tréimhse reatha / sa todhchaí, oibreoidh an Fhoireann Athghiniúna leis an ngrúpa seo de thionscadail um chuimsiú sóisialta chun iad a nascadh ar bhealach níos fearr le tionscnaimh um fhorbairt eacnamaíoch agus i gcás ina bhfuil scóip ann, chun iad siúd a bhfuil acmhainneacht acu a spreagadh i ndeiseanna oiliúna agus fostaíochta. Coinníodh deontais do scoileanna agus seirbhísí eile don oideachas agus don fhoghlaim. Tugann an fhianaise le fios go bhfuil tacaíocht bhreise do chlár a sheachadtar i scoileanna nó seirbhísí lasmuigh den scoil (clár iarscoile, campáí samhraidh, seirbhísí teiripeacha a chuirtear ar fáil do leanaí i scoileanna) ag cur le torthaí oideachasúla níos fearr a bhaint amach do leanaí i réimsí athghiniúna / ó cúlraí sóisialta faoi mhíbhuntáiste. I measc na dtorthaí seo tá gnóthachtáil oideachais níos fearr, tinreamh

COMHDHÁLACHA

scoile níos fearr, coinneáil níos fearr in oideachas dara leibhéal agus iompar níos fearr. Is tosaíocht ard é tionscadail infhostaitheachta agus oibre, oiliúint scileanna agus rochtain ar fhostaíocht do chónaitheoirí i limistéar athghiniúna. Tá nasc/luí láidir leis an Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Cosanta Sóisialta (RGFCS) agus leis an mBord Oiliúna Oideachais Áitiúil tábhachtach go háirithe d'fhonn inbhuanaitheacht na dtionscnamh seo a chur chun cinn.

INSTITIÚID RÍOGA AILTIRÍ NA HÉIREANN (RIAI) AGUS AN ROINN TITHÍOCHTA, PLEANÁLA AGUS RIALTAIS ÁITIÚIL (DHPLG) COMHDHÁIL TITHÍOCHTA 2040 - AN FÍS DO THITHÍOCHT A SHEACHADH

D'fhreastail foireann Chomhairle Cathrach agus Contae Luimnigh ar an gComhdháil Náisiúnta Tithíochta 2019, a tionóladh i gCaisleán Bhaile Átha Cliath an 20 - 21 Bealtaine, 2019. D'eagraigh an RIAI agus an Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil an chomhdháil seo i gcomhpháirt. Bronnadh Bonn Airgid Tithíochta RIAI (an gradam is airde ar cháilíocht dearaidh tithíochta in Éirinn) ag an gComhdháil d'Ailtirí ABK do scéim Dhaoine Scothaosta an Chnoic Theas i gCúirt Colivet, Luimneach

AN CHOMHDHÁIL NÁISIÚNTA TITHÍOCHTA 2019

D'fhreastail foireann Chomhairle Cathrach agus Contae Luimnigh ar an gComhdháil Náisiúnta Tithíochta 2019, a tionóladh i gContae Bhaile Átha Cliath i mí an Mheithimh. Comhdháil eisiach a bhí anseo a rinne measúnú ar na dúshláin agus na deiseanna a bhaineann le tithíocht, pleanáil agus ard-ardú agus dearadh a sholáthar. Bhí dul chun cinn, airgeadas agus amlínte agus réitigh réalaíoch na Gníomhaireachta Forbartha Talún á bplé freisin.

COMHDHÁIL NA GCLEACHTÓIRÍ TITHÍOCHTA 2019

D'fhreastail foireann Chomhairle Cathrach agus Contae Luimnigh ar Chomhdháil na gCleavechtóirí Tithíochta 2019, a tionóladh i gCill Chainnigh i mí Iúil. Ba é an téama Dul Chun Cinn i dTithíocht: Pleanáil, Seachadadh, Cáilíocht agus Rialáil. I gcur i láthair sa chomhdháil a thug an Ghníomhaireacht Tithíochta, an Bord Tionóntachtaí Cónaithe, an Roinn Tithíochta, Pleanála, agus Rialtais Áitiúil (RTPPRA) agus údarás áitiúla eile, agus áiríodh ann ceardlanna éagsúla agus taispeántas ar 'The Vienna Model - Housing for the 21st Century City'. Thug Aoife Duke, Stiúrthóir Seirbhíse, Forbairt Tithíochta cur i láthair ar eispéreas Luimnigh ar sheachadadh Roghanna Tithíochta do dhaoine scothaosta.

CEARDLANNA CEARDLANN UM FHOIRGNIMH NACH MÓR NEODRACH Ó THAOBH FUINNIMH (NZE)

Chomhordaigh an Stiúrthóireacht Forbartha Tithíochta Ceardlann NZEB i mí an Mheithimh a d'éascaigh Tomas

O'Leary ó MOSART Architecture i gcomhar leis an bhforbróir Michael Bennett. Áiríodh an méid seo a leanas i bplé faoi sheachadadh NZEB ag baint úsáide as Teicneolaíocht Tithíochta Éighníomhach:

- Córtais tógála is fearr a oireann do NZEB
- Príomhuirlisí a d'fhéadfadh Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh a úsáid chun NZEB atá neodrach ó thaobh costais de a sheachadadh
- A thuiscint cad atá le tairiscint ag an gcaighdeán éighníomhach tí do Chomhairle Cathrach agus Contae Luimnigh maidir le Tithíocht NZEB ardchaighdeán a sholáthar
- An dóigh go mbeidh an tionchar is mó ag aeráil ar reachtaíocht NZEB in Éirinn?
- Príomhbhearnaí scileanna in NZEB agus conas is féidir linn an cuair foghlama a leathadh
- Na buntáistí a bhaineann le Teicneolaíocht Tí Éighníomhach a úsáid chun NZEB a sholáthar i dtithíocht do dhaoine atá 50 bliain d'aois nó os a chionn

Reachtáil an Stiúrthóireacht Forbartha Tithíochta ceardlann comhchéime i mí Eanáir ar Mháistirphlean an Taobh Theas.

LÁITHREÁIN PHÍBLÍNE DO THITHÍOCHT SHÓISIALTA

Reachtáladh ceardlanna leis na baill tofa i gCeantar Bardasach an Chaisleáin Nua, i gCeantar Bardasach na Ceapaí Móire - Chill Mocheallóg agus i gCeantar Bardasach Áth Dara -Ráth Caola ag díriú ar shuíomhanna píblíne do Thithíocht Shóisialta. Thug na ceardlanna breac-chuntas ar anailís ar shuíomhanna faoi úinéireacht Chomhairle Cathrach agus Contae Luimnigh ar féidir leo scéimeanna tithíochta do dhaoine scothaosta / laghdú méide a éascú i bhfianaise phróifíl an éilimh sna ceantair.

CEARDLANN CISTE LÁITHREÁN SEIRBHÍSITHE

D'fhreastail ionadaí ón Stiúrthóireacht Forbartha Tithíochta ar cheardlann i mBaile Átha Cliath i mí Aibreáin. Díriodh an cheardlann ar líon roghnaithe Údarás Áitiúil atá incháilithe tionscadail a chur isteach faoin 2ú glao ar mhaoiniú a eisíodh faoi Imlitir APH 02/2019. D'ullmhaigh an Stiúrthóireacht Forbartha Tithíochta tairiscintí go gníomhach do spriocdháta na Bealtaine chun maoiniú bonneagair a chumasú chun tithe inacmhainne a thógáil, le ceannach ar thailte poiblí sa Chathair agus sa Chontae.

CLÁR IONDUCHTAITHE DO CHOMHAIRLEOIRÍ FORBARTHA TITHÍOCHTA

Tionóladh ceardlann do Chomhairleoirí i mí Iúil inar thug baill foirne ó Fhorbairt Tithíochta, Seirbhísí Tacaíochta Tithíochta, Oibríochtaí agus Cothabháil, an Fhoireann Gníomhaíochta do Dhaoine gan Dídean agus Dearadh agus Seachadadh imlíne ar na feidhmeanna tithíochta laistigh de Chomhairle Cathrach agus Contae Luimnigh. Thug an fhoireann comhairle ar na cláir seo a leanas agus d'éascaigh siad ceisteanna na gComhairleoirí maidir le:

1. Atógáil Éireann
2. Measúnuithe Tithíochta
3. Roghanna Tithíochta
4. Cíosanna
5. Cothabháil Tithíochta
6. Comhlachtaí Ceadaithe Tithíochta
7. Cigireachtaí Tithíochta
8. Clár Tógála
9. Athnuachan Uirbeach agus Sráidbhaile
10. Athghiniúint
11. Deontais Tithíochta
12. Plean Cóiríochta don Lucht Siúil
13. Foireann Gníomhaíochta do Dhaoine gan Dídean

CEARDLANN STRAITÉISE TITHÍOCHTA

Chomhordaigh an Stiúrthóireacht Forbartha Tithíochta Ceardlann Straitéise Tithíochta i mí Dheireadh Fómhair a chuimsigh plé ar na míreanna seo a leanas:

- Nuashonrú agus fráma ama chun an Scéim Cíosa Dífreálach Aonair a rolladh amach
- Cothabháil Pleanáilte - Eastáit a Roghnú le haghaidh Suirbhé Samplach - Faomhadh lasachta agus fráma ama
- Nuashonrú ar an Scéim Tosaíochtaí Inacmhainne

CEARDLANN UM THITHÍOCHT INACMHAINNE

Reachtáil an Stiúrthóireacht Forbartha Tithíochta ceardlann i mí Dheireadh Fómhair leis an Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil ar rolladh amach na gcúig shuíomh a fuair 'Faomhadh i bPrionsabal' roimhe seo. I measc na suíomhanna tá tailte faoi úinéireacht na Comhairle ag Suíomh Guinness (Bóthar Uí Chiara Íochtarach), Garraí Toppins, an Curragower, Cúinne Sonny (Sráid Áth Longfoirt) agus Cluain Maicín.

CEARDLANN AR DHRÉACHT-SCÉIM TOSAÍOCHTA MAIDIR LE SOCRÚ CEANNAIGH ÁITRIBH INACMHAINNE

Tionóladh ceardlann ar an Dréacht-Scéim Tosaíochta le haghaidh Socruithe Ceannaigh Áitribh Inacmhainne i mí na Samhna. Tugadh cuireadh do gach comhairleoir a bheith i láthair chun na faid ciliméadar atá mar chuid den phróiseas tosaíochta a phlé.

SCÉIM TOSAÍOCHTA INACMHAINNE BEARTAITHE DO SHUÍOMHANNA INACMHAINNE IN ATH DARA

Ceardlann ar an Scéim Tosaíochta Inacmhainne atá beartaithe do shuíomhanna Inacmhainne in Áth Dara i mí na Nollag le Baill Tofa Cheantar Bardasach Áth Dara-Ráth Caola ar scéim tosaíochta beartaithe inacmhainne do shuíomh inacmhainne in Áth Dara.

CRUINNITHE MULLAIGH

D'fhreastail foireann Chomhairle Cathrach agus Contae Luimnigh ar an gCruinniú Mullaigh Tithíochta Réigiúnach a tionóladh i gCathair Chorcaí i mí na Bealtaine. Ba é cuspóir an tseisiúin seo ná teagmháil dhíreach a dhéanamh idir Foireann na nÚdarás Áitiúil agus foireann na Roinne Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil, le rannpháirtíocht ón nGníomhaireacht Tithíochta, dírithe ar Sheachadadh Tithíochta Sóisialta Réigiúnach. Thug Seamus Hanrahan, Ailtire Sinsearach, cur i láthair don toiscaireacht ar eispéireas Luimnigh le Mear-Thógáil.





STIÚRTHÓIREACTH OIBRÍOCHTAÍ SEIRBHÍSÍ



STIÚRTHÓIREACHT OIBRÍOCHTAÍ SEIRBHÍSÍ

SEIRBHÍSÍ TACAÍOCHTA TITHÍOCHTA

DLÍ

Toiliú le Díolachán 2019

| | |
|--|----|
| Líon na n-iarratas ar thoiliú a fuarthas | 42 |
| Líon na dthoiliú a deonaíodh | 28 |
| Líon na dthoiliú atá ag feitheamh le tuilleadh faisnéise ó aturnaetha / ceannaitheoirí | 14 |

Gníomhais Urscaoilte / Scaoilte 2019

| | |
|--|-----|
| Líon na n-iarratas a fuarthas | 147 |
| Líon na n-urscaoilte / scaoilte a eisíodh | 123 |
| Líon na n-urscaoilte / scaoilte atá ag feitheamh tTuilleadh eolais | 14 |

Blianachtaí Ceannaigh Teachín 2019

| | |
|--|----|
| Líon na mblianachtaí a fuarthas | 24 |
| Líon na mblianachtaí a fuarthas | 17 |
| Líon ag fanacht le tuilleadh faisnéise | 7 |

Bunchíosanna 2019 do Réadmhaoín ar leis an gComhairle roimhe sin iad amháin* **

| | |
|---|----|
| Líon na mBunchíosanna a fuarthas | 32 |
| Líon na mBunchíosanna a eisíodh | 22 |
| Líon na mBunchíosanna ag fanacht ar thuilleadh eolais | 13 |
| Líon na mBunchíosanna idir lámha | 9 |

**** Tabhair faoi deara le do thoil nach ndéileáilann na Seirbhísí Tacaíochta Tithíochta le hiarratais ar Bhunchíos ach do Réadmhaoín ar leis an gComhairle roimhe sin agus a ceannaíodh faoin Scéim Ceannaigh Tionóntaí. Déileáiltear le Bunchíos le haghaidh réadmhaoine faoi úinéireacht phríobháideach sna Seirbhísí Maoin.**

***** Cuimsítear sna figiúirí seo na n-iarratas Bunchíos a atá aitheanta faoi láthair ag Cruinnithe Ceantair. Déantar Fógraí Alt 183 a ullmhú do Chruinnithe na Comhairle lomláine nó Dréacht-Orduithe um Aistriú curtha chuig dlíodóirí le síniú a gcliaint a fháil****

IASACHTAÍ

IASACHT TITHÍOCHTA ATÓGÁIL ÉIREANN

Is morgáiste nua atá á thacú ag an Rialtas do cheannaitheoirí céaduaire é lasacht Baile Atógáil Éireann. Tá sé ar fáil ar fud na tíre ó gach údarás áitiúil ón 1 Feabhra 2018. Mar cheannaitheoirí céaduaire, féadfaidh tú iarratas a dhéanamh lasacht Tithíochta Atógáil Éireann chun réadmhaoín nua nó athláimhe a cheannach, nó chun a dteach féin a thógáil.

Féadfaidh tú suas le 90% de luach margaidh na réadmhaoine a fháil ar iasacht. Is é uasmhéid luach margaidh na réadmhaoine is féidir a cheannach nó féintógtha do Luimneach ná €250,000.

| | |
|--|------------|
| Líon na n-iarratas a fuarthas | 91 |
| Líon na n-iasachtaí a ceadaíodh | 54 |
| Líon na n-iasachtaí a tarraingíodh anuas | 55 |
| Luach na n-iasachtaí arna dtarraingt anuas | €6,997,122 |

Seo a leanas saincheisteanna iasachtaí eile

| | |
|--|---|
| iasachtaí Athstruchtúraithe Úinéireachta Comhroinnte | 5 |
| iasachtaí Carbháin | 1 |
| iasachtaí Feabhsúcháin Tí | 1 |

Faoin reachtaíocht reatha, ceanglaítear go dlíthiúil ar an tiarna talún réadmhaoín a sholáthar do thionónta a sholáthraíonn timpeallacht shábháilte shláintiúil, agus atá freagrach as cothabháil agus deisiú teaghaise agus trealamh a chuirtear ar fáil ann, faoi réir gnáthchaite agus gnáthchumilte.

Caithfidh an tionónta cúram cuí a fheidhmiú agus an teaghais agus an trealamh ann á úsáid aige, caithfidh sé tuairisciú go pras don tiarna talún, agus tá sé freagrach as damáiste a dheisiú (de thaisme nó d'aon ghnó) atá níos mó ná damáiste gnáthchaite agus gnáthchumilte.

| | |
|---|----|
| Líon na n-iarratas a fuarthas in 2019 | 27 |
| Líon lomláin na nDíolachán a cuireadh i gcrích ó cuireadh tús leis an scéim | 33 |

AN TAONAD INIÚCHTA CÓIRÍOCHTA PRÍOBHÁIDEACH AR CÍOS

Tá freagracht ar Údarás Thithíochta, trí chigireacht a dhéanamh, maidir le cinneadh a dhéanamh ar cibé an sásaíonn réadmhaoin na caighdeáin do chóiríocht ar cíos agus, nuair nach ndéanann, as a chinntiú go mbítear comhlíontach trí fhógraí Feabhsaithe agus Toirmisc agus imeachtaí dlí a úsáid

Déantar foráil maidir leis na híoschaighdeáin i Rialacháin Tithíochta (Caighdeáin do Thithe ar Cíos) 2019, a tháinig i bhfeidhm an 1 Bealtaine 2019.

Faoin reachtaíocht reatha, ceanglaítear go dlíthiúil ar an tiarna talún réadmhaoin a sholáthar do thionónta a sholáthraíonn timpeallacht shábháilte shláintiúil, agus atá freagrach as cothabháil agus deisiú teaghaise agus trealamh a chuirtear ar fáil ann, faoi réir gnáthchaite agus gnáthchuímilte.

Caithfidh an tionónta cúram cuí a fheidhmiú agus an teaghais agus an trealamh ann á úsáid aige, caithfidh sé tuairisciú go pras don tiarna talún, agus tá sé freagrach as damáiste a dheisiú (de thaisme nó d'aon ghnó) atá níos mó ná damáiste gnáthchaite agus gnáthchuímilte.

CLÁIR FHEABHSÚCHÁIN TÍ

Tá trí chineál éagsúla deontas feabhsúcháin tí ann. Bhain 545 teaghlach leas as €3,164,726.53 san iomlán a fháil de réir an tábla seo a leanas:

| | |
|--|-------|
| Líon na réadmhaoin a ndearnadh cigireacht orthu in 2019 | 1,581 |
| Líon iomlán na n-áitreabh a ndearnadh cigireacht orthu in 2019 | 1,010 |
| Fógraí Feabhsúcháin Eisithe | 52 |
| Fógraí Feabhsúcháin tarraingthe siar | 4 |
| Fógraí Toirmisc a Eisíodh | 1 |
| Fógraí Toirmisc Tarraingthe siar | 1 |
| Comhaid réadmhaoin a dúnadh | 134 |

Is iad seo a leanas sonraí na ndeontas:

| Ceantar | Méid 2018 | Líon na nDeontas |
|-----------------|----------------------|------------------|
| Ráth Caola | € 254,324.83 | 49 |
| An Caisleán Nua | €589,113.49 | 100 |
| Cill Mocheallóg | €507,928.38 | 71 |
| Uirbeach | € 1,568,990.14 | 241 |
| Iomlán | €2,920,356.84 | 461 |

DEONTAS OIRIÚNAITHE TÍ

Cuidíonn an deontas seo le hoibreacha a dhéanamh atá riachtanach chun teach a dhéanamh níos oiriúnaí do chóiríocht do dhuine faoi mhíchumas. I measc na gcineálacha oibreacha is incheadaithe tá rampaí rochtana, saoráidí leithris thíos staighre, ardaitheoirí staighre, cithfholcadáin inrochtana, oiriúnuithe chun rochtain do chathaoireacha rothaí agus sintí a éascú.

DEONTAIS CÚNAMH SOGHLUAISTEACHTA

Tá an deontas seo ar fáil chun sraith bhunúsach d'oibreacha a chlúdach chun aghaidh a thabhairt ar fhadhbanna soghluaisteachta, is iad na hoibreacha a dtugtar cúnaimh dóibh ná ráillí greama, rampaí rochtana, cithfholcadáin ar leibhéal inrochtana agus ardaitheoirí staighre.

CÚNAMH TITHÍOCHTA DO DHAOINE SCOTHAOSTA

Tá an deontas seo ar fáil chun cabhrú le daoine scothaosta atá ina gcónaí i ndroch-thithíocht ionas go ndéanfaí deisiúcháin nó feabhsúcháin a bheadh riachtanach, ar na cineálacha oibre a gcabhraítear leo áirítear athdhionadóireacht, athshreangú, fuinneoga agus doirse nua a sholáthar agus teas lárnach a sholáthar (nuair nach ann dó).

DEONTAIS DO DHAOINE FAOI MHÍCHUMAIS

Fuair 117 teaghlach deontais do dhaoine faoi mhíchumas dar luach € 1,200,608.00 san iomlán chun tacú le maireachtáil neamhspleách do dhaoine faoi mhíchumas, féach an tábla thíos:

| Ceantar | Méid 2019 | Líon na nDeontas |
|-----------------|----------------------|------------------|
| Ráth Caola | €93,134.38 | 8 |
| An Caisleán Nua | €126,437.87 | 16 |
| Cill Mocheallóg | €85,231.76 | 12 |
| Uirbeach | €895,804.95 | 81 |
| Iomlán | €1,200,608.96 | 117 |

Tá gach ceann de na scéimeanna thuas faoi réir critéar cáiliúcháin.

AN TAONAD DON SCÉIM UM CHÓIRÍOCHT AR CÍOS AGUS NA HÍOCAÍOCHTA CÚNAMH TITHÍOCHTA SCÉIM UM CHÓIRÍOCHT AR CÍOS (RAS)

Tá an Scéim RAS á feidhmiú ag an gComhairle Cathrach agus Contae Luimnigh, ar conradh trí bhealach é idir an Tiarna Talún, an Tionónta / na Tionóntaí agus Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh. Cuireann an Scéim Cóiríochta ar Cíos ar chumas na Comhairle cóiríocht shlán a sholáthar, atá inacmhainne agus a chomhlíonann Caighdeáin Áitribh ar Cíos Príobháideach. Ag deireadh 2019, bhí 1,229 Tionóntacht RAS, bunaíodh 163 acu sin i rith na bliana.

Rátháíonn an Chomhairle cíos míosúil comhaontaithe a íoc le tiarna talún thar ceann an tionónta, agus déanann an tionónta íocaíochtaí seachtainiúla leis an gComhairle ansin, arna ríomh ar a n-ioncam. Soláthraíonn Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh tacaíochtaí suntasacha dá tionóntaí RAS, agus do thiarnaí talún, trí fhoireann Oifigeach Idirchaidrimh tiomnaithe.

ÍOCAÍOCHT CÚNAIMH TITHÍOCHTA (ÍCT)

Ó tugadh isteach í in 2014, tá an Scéim ÍCT anois mar phríomhsholáthraí Tithíochta Sóisialta ar fud Luimnigh. Ag deireadh 2019, bhí níos mó ná 2,308 tionóntacht ÍCT sa chontae agus sa chathair. Faoi mar atá le RAS, déanann an Scéim soláthar cóiríochta inacmhainne ar ardchaighdeán a chinntiú do na daoine sin a mheastar go bhfuil gá acu le Tacaíocht Tithíochta Sóisialta.

Tá ÍCT Luimneach freagrach as iarratais a bhailíochtú agus tionóntachtaí a bhunú agus a bhainistiú, chomh maith lena chinntiú go ndéantar an cíos a íocann tionóntaí ÍCT a mheas i gceart bunaithe ar a n-ioncam. Chuir baill foirne san aonad timpeallacht an-tacaithe ar fáil do thiarnaí talún agus do thionóntaí agus iad ag tabhairt aghaidh ar a gcuid ceisteanna agus ag déileáil le saincheisteanna de réir mar a thagann siad chun cinn.

In 2019, thug Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh Seirbhís Aimsitheoir Áit ÍCT isteach freisin, chun oibriú le teaghlaigh nó le daoine aonair atá gan Dídean agus a mheas an Fhoireann Gníomhaíochta do Dhaoine gan Dídean go bhfuil an tacaíocht seo de dhith orthu.

AONAD BAINISTÍOCHTA EASTÁIT / COTHABHÁLA POBAIL

Ag eascairt as aiseolas ó chónaitheoirí eastáit, ionadaithe tofa srl., cheadaigh an Príomhfheidhmeannach earcú pearsanra breise, ar a dtabharfar Oifigí Cothabhála Pobail, agus athraíodh an t-ainm ó Bhainistíocht Eastáit go Aonad Cothabhála Pobail. Faoi dheireadh na bliana, bhí dul chun cinn suntasach déanta ar an aistriú seo, agus bhí an chuid is mó de na hacmhainní foirne breise in situ.

Tá trí phríomhshnáithe san Aonad: (i) Tacaíochtaí Eastáit (ii) Tacaíocht Tionóntaí Aonair agus (iii) Forfheidhmiú Tionóntachta / Iompar Frithshóisialta.

(i) Tacaíochtaí Eastáit

- Is é príomhaidhm an chláir seo tacaíochtaí a sholáthar d'fhonn cáilíocht na beatha a fheabhsú agus spiorad an phobail a fhorbairt laistigh d'eastáit na Comhairle. Chuige sin, oibríonn an tAonad go dlúth le cumainn chónaitheoirí atá ann cheana agus spreagann sé grúpaí nua den sórt sin a bhunú, ag tacú le príomhghníomhartha a shainaithin siad chun a

n-eastáit a fheabhsú. B'éagsúil an tacaíocht a cuireadh ar fáil idir cúnamh chun mionoi breacha bonneagair a sholáthar mar fhálú, ballaí, comharthaíocht srl. agus bearta níos boige ar nós oiliúint scileanna coiste, cur le laethanta glantacháin, imeachtaí do leanaí srl.

- Tionóladh dhá chruinniú d'Fhóram Ionadaithe Cónaitheoirí Eastáit i rith na bliana. Is é príomhchuspóir an Fhórait ardán a sholáthar inar féidir le hionadaithe ó gach cumainn cónaitheoirí bualadh lena chéile agus le hoifigigh na Comhairle d'fhonn faisnéis agus eispéiris a roinnt i meon comhpháirtíochta. Tugadh cuireadh d'aoichainteoirí a bhfuil saineolas acu ar réimsí éagsúla labhairt. Ag cruinniú na Samhna, thug gardaí sinsearacha, faoi cheannas an Cheannfoirt Aileen Magnier, aitheasc do lucht freastail ar an tsamhail nua póilíneachta pobail atá á rolladh amach ag an nGarda Síochána.

(ii) Tacaíochtaí Eastáit

- Is é príomhaidhm an chláir seo tacaíochtaí a sholáthar d'fhonn cáilíocht na beatha a fheabhsú agus spiorad an phobail a fhorbairt laistigh d'eastáit na Comhairle. Chuige sin, oibríonn an tAonad go dlúth le cumainn chónaitheoirí atá ann cheana agus spreagann sé grúpaí nua den sórt sin a bhunú, ag tacú le príomhghníomhartha a shainaithin siad chun a n-eastáit a fheabhsú. B'éagsúil an tacaíocht a cuireadh ar fáil idir cúnamh chun mionoi breacha bonneagair a sholáthar mar fhálú, ballaí, comharthaíocht srl. agus bearta níos boige ar nós oiliúint scileanna coiste, cur le laethanta glantacháin, imeachtaí do leanaí srl.
- Tionóladh dhá chruinniú d'Fhóram Ionadaithe Cónaitheoirí Eastáit i rith na bliana. Is é príomhchuspóir an Fhórait ardán a sholáthar inar féidir le hionadaithe ó gach cumainn cónaitheoirí bualadh lena chéile agus le hoifigigh na Comhairle d'fhonn faisnéis agus eispéiris a roinnt i meon comhpháirtíochta. Tugadh cuireadh d'aoichainteoirí a bhfuil saineolas acu ar réimsí éagsúla labhairt. Ag cruinniú na Samhna, thug gardaí sinsearacha, faoi cheannas an Cheannfoirt Aileen Magnier, aitheasc do lucht freastail ar an tsamhail nua póilíneachta pobail atá á rolladh amach ag an nGarda Síochána.

(iii) Forfheidhmiú Tionóntachta / Iompar Frithshóisialta

- Déileálann an tAonad le níos mó ná 400 gearán gach bliain, agus baineann thart ar leath díobh seo le hiompar frithshóisialta. Is é beartas na Comhairle freagairt go tapa agus go daingean ar na saincheisteanna seo agus oibríonn sí i ndlúthchomhar leis an nGarda Síochána nuair is gá.
- Úsáideann an Chomhairle na huirlisí reachtacha uile atá ar fáil di chun iarracht a dhéanamh déileáil le hiompar frithshóisialta. Ceann de na huirlisí is éifeachtaí dá leithéid ná Orduithe Eisiamh i gcoinne

daoine aonair a chuireann cosc orthu ó eastáit shonraithe ar feadh tréimhsí suas le trí bliana. Tá Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh ar cheann de na húdaráis áitiúla is réamhghníomhaí sa tír maidir le húsáid a bhaint as an mbeart seo. Sa tréimhse 2013-2019, fuarthas 22 ordú den sórt sin san iomlán.

- Chuaigh an tAonad i dteagmháil go réamhghníomhach leis an nGarda Síochána maidir le cumhachtaí a úsáid faoi Alt 20 den Acht um Thithíocht (Forálacha Ilghnéitheacha) 1997 chun áititheoirí mídhleathacha de thithe na Comhairle atá ag gabháil d'iompar frithshóisialta a dhíbirt.
- Déanann an tAonad seiceálacha foirmiúla garda ar thionóntaí nua ionchasacha. Rinneadh 806 athbhreithniú foirmiúil den sórt sin i rith na bliana.

MEASÚNUITHE AGUS LEITHDHÁILTÍ TITHÍOCHTA 2019

| | |
|---|-------|
| Líon na dtairiscintí cóiríochta a rinneadh | 263 |
| Líon na dtionóntachtaí nua a cruthaíodh | 262 |
| Líon ar diúltaíodh cóiríocht dóibh | 33 |
| Líon na gcásanna CRM a sannadh don Fhoireann Leithdháilte | 1,958 |
| Líon na gcásanna CRM a sannadh don Fhoireann Mheasúnuithe | 733 |
| Líon na gcásanna CRM a dhún an Fhoireann Leithdháilte | 1,955 |
| Líon na gcásanna CRM a dhún an Fhoireann Mheasúnuithe | 761 |

CÓIRÍOCHT DON LUCHT SIÚIL

Rinne Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh 34 tairiscint cóiríochta faoin gClár Cóiríochta don Lucht Siúil 2019-2024 le 8 ndiúltú.

Chuir Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh 24 Chlinic do Lucht Siúil ar fáil i gCé na gCeannaithe in 2019, inar fhreastail 250 teaghlach ar na clinicí seo.

B'ionann líon na gcásanna CRM a sannadh don Fhoireann um Chóiríocht Tithíochta agus Cóiríocht don Fhoireann agus 293 agus tá 53 acu Fós Oscailte.

FOIREANN GNÍOMHAÍOCHTA LUIMNIGH DO DHAOINE GAN DÍDEAN

In 2019 rinneadh na forbairtí seo a leanas maidir le tacú leo siúd atá i mbaol nó atá gan dídean i réigiún Luimnigh:

TÚS ÁITE DO THITHÍOCHT

In 2018, thug GENIO (eagraíocht daonchairdiúil faoi stiúir an stáit) cúnaimh de €540,000 do Chomhairle Cathrach agus Contae Luimnigh chun Tionscadal Píolótach um Thús Áite do Thithíocht de Thréimhse 3 Bliana a fhorbairt. I dTús Áite do Thithíocht, díreann ar dhaoine a d'fhulaing easpa dídine fadtéarmach, agus a bhfuil fadhbanna meabhairshláinte acu agus/nó fadhbanna andúile acu faoi láthair. Mar thoradh ar an bPíolótach seo leithdháileadh deich n-aonad tithíochta buana, cobhsaí agus tacaíthe do dhaoine aonair a bhí gan dídean in 2019.

Déanfaidh an tseirbhís seo spásanna i mbrúnna éigeandála a shaoradh, rud a ligfidh dóibh siúd atá i gcóiríocht éigeandála phríobháideach fhadtéarmach a bheith á bhfeidhmiú ar bhealach níos éifeachtaí agus leas a bhaint as na spásanna saora a chruthaítear.



Teach Pobail na Ceapaí Móire



Fóram Cónaitheoirí Bainistíochta Eastáit

AIMSITHEOIR ÁITE ÍCT

Comhtháthaíodh an post d'Aimsitheoir Áite ÍCT san Fhoireann Gníomhaíochta do Dhaoine gan Dídean in 2019. Tacaíonn an ról seo le cliant atá gan dídean áitribh a fháil sa mhargadh cíosa príobháidí ar féidir tacú leo trí ÍCT. Bíonn an tAimsitheoir i dteagmháil freisin le Tionóntaí ÍCT agus le tiarnaí talún a d'fhéadfadh a bheith bainteach le NTQanna mar iarracht dúnadh Tionóntachta a sheachaint.

AIMSITHEOIR ÁITE ÍCT

Comhtháthaíodh an post d'Aimsitheoir Áite ÍCT san Fhoireann Gníomhaíochta do Dhaoine gan Dídean in 2019. Tacaíonn an ról seo le cliant atá gan dídean áitribh a fháil sa mhargadh cíosa príobháidí ar féidir tacú leo trí ÍCT. Bíonn an tAimsitheoir i dteagmháil freisin le Tionóntaí ÍCT agus le tiarnaí talún a d'fhéadfadh a bheith bainteach le NTQanna mar iarracht dúnadh Tionóntachta a sheachaint.

MOIL TEAGHLAIGH

Bhí Tionscnamh Teaghlaigh Bhóthar Childers (CRFI) agus Tionscnamh Teaghlaigh Bhóthar Bhaile Átha Cliath (DRFI) i bhfeidhm i rith 2019 ag freastal ar 30 agus 10 dteaghlach faoi seach. San iomlán, tá rochtain ag 88 teaghlach (57 i CRFI agus 31 i DRFI) ar an tseirbhís, agus tá 51 teaghlach (29 ó CRFI agus 22 ó DRFI) tar éis bogadh go cónaí neamhspleách in 2019.

COTHABHÁIL TIONÓNTACHTA

Fuair 12 chliant nua tacaíocht trí lontaobhas Peter McVerry i Luimneach in 2019. San iomlán tá oibríthe tacaíochta tionóntachta ed chuid Tithíocht Sophia i dteagmháil le 70 tionónta lena n-áirítear cliant a atreoraíodh tríd an Athghiniúint, an Fhoireann Gníomhaíochta do Dhaoine gan Dídean, LCCC agus cliant for-rochtana.

FOR-ROCHTAIN SRÁIDE

Le For-rochtain Sráide 2019 an 18 Nollaig 2019 fuarthas **0 Daoine** ina chodhladh ar Shráideanna na mBailte Cathrach agus Contae.

SEIRBHÍSÍ PLEANÁLA AGUS COMHSHAOIL

Tá an Roinn Pleanála agus Seirbhísí Comhshaoil ag feidhmiú le beagnach ceithre bliana anois. Pléann sé le gach toiliú, ceadúnas, cead, iniúchadh agus forfheidhmiú a bhaineann le cúrsaí pleanála agus comhshaoil.

PLEANÁIL

Bainistíocht Forbartha
Ranníocaíochtaí Forbartha
Caomhnú Ailtireachta
Forfheidhmiú
Táscairí Seirbhíse maidir le Tógáil i gCúram
Príomhtháscairí Feidhmíochta Pleanála

COMHSHAOL

Dramháiol
Bruscar
Torann Aeir agus Uisce
Ceadúnú Diúscairtha
Iniúchtaí ar Dhabhcha Séarachais
Struchtúir Chontúirteacha
Achoimre ar Ghníomhaíocht 2019

PLEANÁIL

BAINISTÍOCHT FORBARTHA

Tá méadú leanúnach tagtha ar ghníomhaíochtaí pleanála i mbliana, ó chruinnithe réamhpleanála, iarratais phleanála a fuarthas agus fiosrúcháin ghinearálta ón bpobal.

Chonacthas méadú i dtéarmaí na n-iarratas ar phleanáil ollmhór, agus tá cuid acu liostaithe thíos:

18/1002 - Tugadh cead do Pobech Investment Limited le haghaidh saoráide Ionad Lóistíochta a chuimsíonn trádstóráil, oifigí, carrchlós gaolmhar, maolú uisce dromchla agus gach obair choimhdeach láithreáin ag Eastát Tionscail Annacotty, Áth an Choite, Co. Luimnigh.

18/1098 - Tugadh cead do Regeneron Ireland UC le haghaidh cead 10 mbliana le haghaidh forbartha a chuimsíonn foirgneamh trí stór agus foirgneamh saotharlainne ar mhéid 10,200 méadar cearnach comhlán, 17.5 méadar ar airde le gléasra agus trealamh gaolmhar, struchtúr páirceála ceithre stór de mhéid 18,500 méadar cearnach comhlán agus 13.2 méadar ar airde, chun freastal ar 800 spás páirceála lena n-áirítear spásanna atá diláithrithe ag an riarachán/saotharlann (thart ar líon de 364) agus spásanna breise atá riachtanach do phearsanra riaracháin/saotharlainne, agus tá an dá struchtúr suite ó dheas ón tsaoráid atá ann cheana. Trí shaoráid shealadacha a bhaineann le conraitheoir a thiontú go húsáid bhuan, ionad ionduchtaithe / oiliúna dhá stór 480 méadar cearnach agus 7.0 méadar ar airde, ceardlann saoráide aon stór de 80 méadar cearnach agus 3.1 méadar ar airde, agus saoráid oifige dhá stór de mhéid 400 méadar cearnach agus 7.0 méadar ar airde. Bhí áis riaracháin dhá stór

nua de 144 méadar cearnach agus 7.0 ar airde. Tógáil de champún conraitheora le 200 spás páirceála do charranna agus 2 shaoráid oifige dhá stór sealadach de mhéid 2,000 méadar cearnach agus iad uilig ó thuaidh ón tsaoráid atá ann cheana le bealach isteach tiomnaithe d'fheithiclí amach ó Ascaill an Róistigh. I measc na n-oibreacha tá atreorú na gcáblaí leictreacha ard-teannas atá ann cheana ar an láithreán mar aon le struchtúr crainn nua amháin as cruach atá 15 mhéadar ar airde agus gach obair choimhdeach ghinearálta láithreáin lena n-áirítear na hoibreacha sealadacha uile a bhaineann le tógáil, oibreacha clóis droichid píopaí agus earraí gléasra agus trealaimh, lena n-áirítear cealla grianghraf-voltaic, agus struchtúir chill ar dhion an charrchlóis ilstóir. I measc na n-oibreacha láithreáin nua tá athchumrú ar charrchlós atá ann cheana do 150 carr, tírdhreachú, soilsiú agus earraí coimhdeacha. Cuimsíonn na hoibreacha fálú láithreáin nua, tírdhreachú agus geataí i mBaile Choimín, Páirc Ghnó an Ráithín, an Ráithín, Co. Luimnigh.

18/1104 - Tugadh cead do Finn Homes Ltd d'fhorbairt chónaithe ina bhfuil 89 aonad cónaithe, naiolann a bhfuil rochtain orthu trí bhealach isteach atá ann cheana ar Bhóthar Coláiste Chaladh an Treoigh agus gach obair choimhdeach láithreáin. I measc na n-oibreacha forbartha láithreáin coimhdeacha tá nasc nua leis an bpríomhlíonra uisce poiblí, draenáil uisce salach agus dromchla, bóithre rochtana, cosáin, páirceáil feithiclí, tírdhreachú, cóireálacha teorann agus oibreacha forbartha láithreáin os cionn agus faoi thalamh sa Bhaile Nua, Caladh an Treoigh, Co. Luimnigh.

18/1135 - Tugadh cead do Chuideachta Calafóirt na Sionainne Fhainge chun soitheach snámh a fheistiú chun stóráil sonraí tráchtála, foirgneamh tionsclaíoch nua a thógáil ina mbeidh ceardlann le stóráil choimhdeach agus spás oifige agus campún gaolmhar ina bhfuil gineadóirí cumhachta agus bonneagar gaolmhar. I measc na n-oibreacha atá beartaithe tá scartáil an fhostáisiúin BSL atá ann cheana, foirgneamh stórais agus imfhálú ballaí in aice leis an túr clog, agus, soláthar fostáisiúin BSL nua agus teorainn imlíne timpeall na dtacar gineadóra, an tseirbhís choimhdeach agus an limistéar páirceála, an nasc leis an gcalafort atá ann cheana. bonneagar agus fónais, droichead cábla agus ardán rochtana idir an t-árhach agus taobh an ché, agus na hoibreacha forbartha láithreáin uile lena mbaineann. Tá na hoibreacha atá beartaithe suite in aice le RPS Struchtúr Cosanta Tag: 324 (An Túr Clog) ach ní chuimsítear iontu an Struchtúr Cosanta ar an láithreán nó na hoibreacha ar an struchtúr cosanta ag Duga Ted Russel, Bóthar na Duga / Siúlóid James Casey, Luimneach.

